www.gaelsceal.ie

CSI : Cad é fírinne na heolaíochta taobh thiar den fhicsean?

L. 25

L. 32

Páidí Ó Lioniáird

L. 17

28 >
ISSN 2009-3055
9 772009 305004

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

01.10.2010

€1.65 (£1.50)
Uimh. 28

Diancheistiú i ndán don Údarás

Trevor Ó Clochartaigh

DEIR Willie Penrose T.D., Cathaoirleach ar an gComhchoiste Oireachtais Trádála, Fiontar & Nuálaíochta, go ndéanfar diancheistiú ar thoscaireacht ó Údarás na Gaeltachta a bheidh os a gcomhair ar an 5 Deireadh Fómhair.

"Ní fóram é seo le bheith ag tabhairt buille sa droim do dhaoine agus 'maith sibh' a rá, ach beidh muid ag éisteacht go cúramach lena bhfuil le rá acu," a deir sé.

Thug an Comhchoiste cuireadh don Údarás teacht os a gcomhair, dar leis, le cur síos a dhéanamh ar an obair a bhíonn ar siúl acu, chun aon imní atá orthu a léiriú agus a gcuid smaointí maidir le hathruithe gur mhaith leo a fheiceáil sa chóras a chur in iúl.

Ceisteofar ansin iad maidir le cár mhaith leo dul sa todhchaí, arsa an Teachta Penrose.

Ar lean ar leathanach 3

Drochscéala dár mbuiséad

Treasa Bhreathnach

TÁ an tAire Airgeadais Brian Lenihan tar éis nod a thabhairt go mbeidh an buiséad atá beartaithe do mhí na Nollag níos géire ná mar a bhí fógraithe.

Bhí ciorruithe de €3 bhilliún luaite ag an rialtas agus ag an Aire roimhe seo ach anois táthar ag rá go mbeidh gá leis na ciorruithe sin a ardú.

Dúirt an Rialtóir Airgeadais inné go bhfuil seans ann go mbeidh ar an rialtas €34 billiún a íoc le *Anglo Irish Bank*. D'fhógair AIB go gcaithfidís €3 bhilliún a bhailiú chun dul i ngleic le cailliúintí ollmhóra agus dheimhnigh an rialtas go ndéanfar AIB a náisiúnú agus go mbeidh bun de 90% acu sa bhanc amach anseo. Bhí cruinniú comh-aireachta ar siúl aréir chun ról an rialtais sa bhanc a phlé.

Tá €2.7 billiún de dhíth ar *Irish Nationwide* agus tá an seans ann go dtógfaidh an rialtas bun tromlaigh sa bhanc sin chomh maith.

Deir an tAire Airgeadais chomh maith go bhfuil sé i gceist ag an rialtas an costas uile a bhaineann leis na bainc a scaradh thar thréimhse deich mbliana.

Cé go ndúirt an tAire Lenihan go bhfuil srian i gceist leis an méid airgid gur féidir le hÉirinn a fháil ar iasacht, deir sé chomh maith nach síleann sé go mbeidh ar Éirinn maoiniú éigeandála a fháil ón Aontas Eorpach. Ach, ar a bharr seo, deir an tAire Airgeadais nach mbeidh ar Éirinn aon iasachtaí eile a fháil go dtí Meitheamh na bliana seo chugainn.

Ar lean ar leathanach 2

Duaiseanna Liteartha an Oireachtas, 2010 - tuairisc ar l. 20-21

Eibhlín Ní Chonghaile, láithreoir TG4, in éineacht le buaiteoir Gradam Uí Shúilleabháin 2010, Frank Reidy, agus buaiteoir Gradam Réics Carló, Esther Gobl Uí Nualláin. Is iad Cló Iar-Chonnacht a d'fhoilsigh leabhar Frank, Ó Chósta go Cósta, agus Móinín a d'fhoilsigh leabhar Esther, Ruball Trioball. Bronnadh na gradaim orthu ag Bronnadh Duaiseanna Liteartha an Oireachtais i bPáirc an Chrócaigh Dé Máirt.

IDIRNÁISIÚNTA

Muintir na hEorpa ag máirseáil

BHÍ na mílte duine ag máirseáil ar fud na hEorpa an tseachtain seo agus iad ag déanamh agóide in éadan na gciorruithe diana atá curtha i bhfeidhm ag na rialtais éagsúla mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta. Bhí 100,000 duine ó 30 tír éagsúil amuigh ar shráideanna na Bruiséile agus iad ag máirseáil le chéile. Seo an chéad uair go raibh diúltú comhordaithe ann maidir leis na ciorruithe diana atá curtha i bhfeidhm i mbeagnach gach tír Eorpach ó scaip an ghéarchéim airgeadais ó na Stáit Aontaithe. (MNíE)

'Comrád Mór'

TÁ fís agus grianghraf scaoilte ag an Chóiré Thuaidh a thaispeánann, de réir cosúlachta, an léiroidhre Kim Jong-un. Is é seo an chéad ghrianghraf cothrom le dáta de Kim Jong-un atá tar éis ardú céime a fháil go leascheannaireacht Pháirtí na nOibrithe.. Ceapadh le blianta gurbh é a dheartháir a bheadh mar léiroidhre, ach is cosúil gur athraigh sé seo nuair a gabhadh é agus pas bréagach ina sheilbh ag iarradh dul chuig an tSeapáin chun cuairt a thabhairt ar 'Tokyo Disneyland' in 2001. (TB)

1 NUACHT NÁISIÚNTA

Drochscéala dár mbuiséad

Ar lean ó leathanach a haon

Tá an bille iasachta is mó san Eoraip ag Éirinn agus chun beagán muiníne a thabhairt ar ais chuig na margaí idirnáisiúnta tá ceant na mbannaí Éireannacha do Dheireadh Fómhair agus Samhain curtha ar ceal agus níl súil go mbeidh ár mbannaí ag trádáil mar is gnách go dtí luath sa bhliain 2011.

Mar gheall ar an tacaíocht bhreise do *Anglo Irish* agus do *Irish Nationwide* tá súil go mbeidh olltáirgeacht intíre (GDP) na hÉireann ag timpeall 99% i mbliana, 20% de sin an costas a bhaineann le tacú leis na bainc. Tá sé i gceist ag an Aire plean buiséid 4 bliana a nochtadh go luath i mí na Samhna roimh an bhuiséad i mí na Nollag.

Ba é ceist Anglo Irish Bank a bhí chun tosaigh sa Dáil inné nuair a dúirt ceannaire an fhreasúra, Enda Kenny, go raibh teipthe ar straitéis an rialtais i leith na mbanc. Deir sé, "Tá an straitéis seo tar éis Éire a dhúnadh do na margaí agus tá cáil an Taoisigh, an rialtais agus an Aire Airgeadais i leith na straitéise baincéireachta scriosta."

Níl aon chúis gháire ann, a Bhriain

(PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

Brian Lenihan ag labhairt le hiriseoirí faoi staid na mbanc inné in Oifigí an Rialtais. D'admhaigh sé go bhfuil costas an Bhainc Angla Éireannach millteanach, costas €29.3 billiúin, agus d'fhéadfadh ardú de €5 billiún teacht air.

Idirnáisiúnta

Íocaíocht dheireanach d'Iasachtaí na Gearmáine don Chéad Chogadh Domhanda

Treasa Bhreathnach

IS ag meán oíche ar an Domhnach beag seo a íocfaidh an Ghearmáin a híocaíocht chúitimh dheireanach leis na Comhghuaillithe don chéad chogadh domhanda, 92 bliain tar éis don chogadh críochnú.

Faoin Domhnach beidh timpeall €27 billiún íoctha ag an nGearmáin tar éis dóibh a rá an chéad lá riamh nach raibh siad in ann an bille 269 billiún marc órga cúitimh a íoc. Deir a lán staraithe anois go raibh an Gearmáin in ann an bille seo a íoc go mór mór nuair a íslíodh an bille cúitimh agus nuair a tugadh iasachtaí móra don tír.

Tar éis an dara cogadh domhanda d'aontaigh Iarthar na Gearmáine an bille a íoc, ach níor aontaigh an t-oirthear. Tuigtear go mbeidh an íocaíocht dheireanach timpeall €150 milliún.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Níor cheart pá a ardú go dtí 2013: IBEC

Treasa Bhreathnach

TÁ Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) ag tabhairt rabhaidh d'fhostaithe san earnáil phríobháideach go mbeadh arduithe pá roimh 2013 'míréadúil'. Roimhe seo dúradar nach mbeadh arduithe pá roimh 2011 ach tá siad anois tar éis síneadh ama a thabhairt leis sin mar gheall ar shuirbhé a deir nach bhfuil sé d'acmhainn ag an chuid is mó de chomhlachtaí arduithe pá a thabhairt.

Dar leis an suirbhe a foilsíodh inné de 467 comhlacht, bhí ar thart ar sheacht gcomhlacht as 10 gcinn reo pá a chur i bhfeidhm. Ghearr 13% de chomhlachtaí rátaí bunúsacha pá faoi 11% agus bhí an scéal níos measa arís d'fhostaithe nua le rátaí dóibh a thit le suas le 25% i gcomparáid le rátaí pá roimh an ghéarchéim eacnamaíochta. Ina ainneoin seo deir siad nach bhfuil rátaí pá ag teacht le comhpháirtithe trádála na tíre agus dá bharr go bhfuil bac á chur ar chruthú fostaíochta. Bhí a gcruinniú bliantúil acmhainní daonna ag IBEC inné agus deir stiúrthóir IBEC Brendan McGinty, "Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, tá ár ngnóthú airgeadais á threorú ag an earnáil trádála, ní bheidh gnóthú iomlán i gceist go dtí go bhfuil muid in ann muid féin a phraghsáil ar ais sa mhargadh idirnáisiúnta."

Thug IBEC sonraí a bpolasaí pá don todhchaí dá gcomhlachtaí agus iad ag iarraidh orthu srianadh a chur i bhfeidhm. Níor luaigh siad rátaí pá san earnáil phoiblí in aon chor ach, faoi Chomhaontas Páirc an Chrócaigh, tá gach seans ann go ndéanfar aisíoc leis na fostaithe seo tar éis athbhreithnithe san Earrach ar chiorruithe san earnáil.

"Sílim go mbeidh ar an rialtas an tuáille a chaitheamh isteach!" - Ó Dochartaigh

Meadhbh Ní Eadhra

FÓGRAÍODH go hoifigiúil an tseachtain seo nach mbeidh na fothoghcháin in Éirinn ar siúl go dtí 2011 ar a luaithe. Níor éirigh le rún Fhine Gael an tseachtain seo maidir leis na fothoghcháin a reáchtáil níos luaithe, agus deir Piaras Ó Dochartaigh ó Shinn Féin nach bhfuil iontas ar bith air maidir le cinneadh an rialtais.

"Bhí muid ag súil leis seo," ar sé. "Táimid ag fanacht ar fhothoghchán i nDún na nGall Theas ar feadh sé mhí dhéag agus ní aontaím ar chor ar bith le cinneadh an rialtais na fothoghcháin a chur ar athló."

Thóg an tUasal Ó Dochartaigh cás cúirte in éadan an rialtais i rith an tsamhraidh mar gheall gur theip orthu na fothoghcháin a reáchtáil i nDún na nGall, agus beidh cinneadh maidir leis an gcás seo á ghlacadh i gceann coicíse, ar an 18 Deireadh Fómhair. Creideann Ó Dochartaigh go bhfuil seans an-mhaith aige an cás a bhuachan agus go mbeidh ar an rialtas "an tuáille a chaitheamh isteach".

"Tá an fhoireann atá ag obair liom ar an gcás agus ag plé leis, ag rá liom gur cás an-láidir ar fad atá ann agus go bhfuil gach seans agam an bua a fháil," ar sé.

"Má chailleann an rialtas an cás, drochscéala a bheidh ann dóibh, ní amháin in Éirinn ach ar fud na cruinne. Ní hé sin atá uathu ag am mar seo."

Tá an rialtas ag maíomh go gcaithfidh siad díriú ar athstruchtúrú an chórais bhaincéireachta agus ar an mbuiséad faoi láthair, agus go mbeidh ar na fothoghcháin fanacht go 2011 nó níos déanaí.

Diancheistiú i ndán don Údarás

"Cuirfear deireadh leis an nGaeltacht ... má chuirtear i bhfeidhm na ciorruithe atá molta": na Comharchumainn Ghaeltachta

Ar lean ó leathanach a haon

Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Pádraig Ó hAoláin, agus baill shinsearacha foirne eile a bheidh ag déanamh an chur i láthair dar teideal 'An Geilleagar a Fhorbairt in Iarthar na hÉireann'.

Tá an cruinniú seo ag tarlú comhthreomhar leis an Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a bheith á hullmhú le cur os comhair fo-choiste Rialtais, faoi Chathaoirleacht an Taoisigh, agus i bhfianaise Chlár Athbhreithnithe Caipitil an Rialtais a foilsíodh le déanaí, atá ag moladh ciorrú de 71% ar bhuiséad na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta, príomhfhoinse maoinithe an Údaráis.

Chur Bord Údarás na Gaeltachta ráiteas amach an tseachtain seo caite chun a gcuid imní a léiriú maidir le tseachtain seo caite chun a gcuid imní a léiriú maidir le himpleachtaí an Chláir do thodhchaí an Údaráis agus tá eagraíochtaí forbartha pobail sa Ghaeltacht ag maíomh go gcuirfear 'deireadh leis an Ghaeltacht laistigh de chúig bliana' má chuirtear i bhfeidhm na moltaí atá ann.

Deir an Teachta Penrose nach raibh sé ar an eolas faoi mholtaí na Roinne Airgeadais maidir le ciorrú 71% a dhéanamh ar bhuiséad na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta agus na himpleachtaí a bheadh ansin don Údarás.

"Tá mé cinnte go n-inseoidh siad féin dúinn faoi sin ag an gcruinniú," ar seisean.

Aithníonn sé, áfach, an ról tábhachtach atá ag an Údarás i dtaca le forbairt réigiúnach agus cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht.

Dar leis, is é an ról atá ag an gComhchoiste ná fiosrú an bhfuil an aeráid cheart dhá cur ar fáil le fostaíocht a chruthú. Tá an cruinniú seo ag díriú ar fhorbairt thionsclaíoch ar chósta thiar na hÉireann.

Tá cuireadh tugtha do thoscaireacht ó Aerfort na Gaillimhe agus Coimisiún Forbartha an Iarthair chun cur i láthair a dhéanamh chomh maith.

Beidh an Coiste ag scrúdú cúrsaí forbartha, ról na n-aerfort réigiúnach agus an baol atá ann do na conarthaí seirbhísí poiblí eitilte réigiúnacha.

Maidir le polasaí Pháirtí an Lucht Oibre i dtaca le hÚdarás na Gaeltachta, dúirt an Teachta Penrose go mbeidh siad ag iarraidh a dheimhniú go bhfuil ról dearfach á imirt acu i dtaca le cruthú fostaíochta.

Luaigh sé gur chruthaigh siad fostaíocht le roinnt blianta agus gur cailleadh mórán an méid céanna post chomh maith.

Ach, dar leis, níl suntas mór le déanamh dó sin. Tá Páirtí an Lucht Oibre fabhrach d'fhorbairt trasna na réigiún, mar atá molta i bplean 'Horizon 20/20' de chuid IDA Ireland, dar le Penrose.

Agus beidh siad ag iarraidh ar na heagrais forbartha ar fad é seo a chur chun cinn.

Thug 29 eagras pobalbhunaithe tacaíocht láidir d'Údarás na Gaeltachta agus don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta an tseachtain seo chomh maith.

Ag cruinniú de Chomhlachas na gComharchumann Gaeltachta glacadh le rún ag moladh go gcuirfí maoiniú ar fáil don Roinn sna blianta beaga romhainn ar an leibhéal céanna le 2010 – sin €105 milliún, d'fhonn a chinntiú go bhféadfadh an Roinn, Údarás na Gaeltachta agus na heagrais eile Ghaeltachta feidhmiú go héifeachtach.

"Cuirfear deireadh leis an nGaeltacht," dar leo, "i dtréimhse chúig bliana má chuirtear i bhfeidhm na ciorruithe atá molta."

Deir siad chomh maith go bhfuil láimhdeachas de €10 milliún sa bhliain ag na heagrais phobail agus go bhfuil forbairt eacnamaíoch na gceantar Gaeltachta lárnach dá gcuid oibre.

Bíonn siad i mbun reáchtáil gnóthaí ar nós Coláistí Samhraidh Gaeilge, cothabháil aerstráice, seirbhísí farantóireachta, córais leathanbhanda agus tograí turasóireachta cultúrtha. Cuireann siad seirbhísí agus áiseanna riachtanacha sóisialta ar fáil do na pobail chomh maith, ina measc seirbhísí do dhaoine aosta agus don óige.

Tá Ryan Tubridy agus Aoibhinn Ní Shúilleabháin tar éis deireadh a chuir leis an gcaidreamh a bhí acu. (PIC. LEON FARRELL PHOTOCALL IRELAND)

Frank Feighan agus Roinn na Gaeltachta ag plé Scéim Oileán Chliara

Meadhbh Ní Eadhra

BHUAIL Urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael, an tUasal Frank Feighan, agus Cathaoirleach Bhord Oileán Chliara, Dónal Ó Sé, le Roinn na Gaeltachta Dé Máirt chun plé a dhéanamh ar an scéim phíolótach atá beartaithe acu don oileán i gContae Mhaigh Eo. Deir an tUasal Feighan gur éirigh go maith leis an gcruinniú agus go mbeidh siad ag bualadh leis an Roinn arís i gceann ceithre nó cúig seachtaine chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an gceist.

"Seo rud a bheidh ag forbairt go leanúnach," ar sé. "Léiríonn torthaí an suirbhé a rinne muid ar an oileán go bhfuil os cionn 90% de mhuintir na háite dearfach i leith na scéime seo agus go bhfuil siad ag iarraidh a bheith mar chuid den phlean."

Ó thaobh airgid de, deir sé nach mbeidh mórán costais ag baint leis an scéim ar chor ar bith, agus go bhfuil siad ag caint ar na céadta Euro, agus ní na mílte ná rud ar bith mar sin.

"Cé nach bhfuair muid tacaíocht airgeadais ar bith ón Roinn go fóill, ní hé an t-airgead an rud is tábhachtaí sa chás seo. Tacaíocht de chineál eile atá de dhíth, agus mothaím go bhfuil muid á fháil sin. Tá gach duine iontach dearfach faoin togra agus nuair a bhí mé ag caint leis an Aire Éamon Ó Cuív le déanaí, bhí sé an-spreagúil faoin rud ar fad, agus faoi mise ag foghlaim na Gaeilge freisin," ar sé.

Táthar siúd ann a deir nach féidir Gaeltacht ná oileán Gaeltachta a dhéanamh d'Oileán Chliara agus nach mbeidh mórán tionchair ag an scéim seo ar an gceantar, ach is léir go bhfuil Feighan agus an tUasal Ó Sé ag glacadh go dáiríre leis an scéim atá idir lámha acu. Tá beirt mhúinteoir Gaeltachta ag múineadh sa scoil ar an oileán agus deir Frank go bhfuil sé sin iontach ar fad. Tá sé i gceist aige bualadh leis an Roinn Oideachais amach anseo freisin chun plé a dhéanamh ar an scéim.

Tá agallamh ag Gaelscéal le Dónal Ó Sé ar l. 7.

Radharc Sráide Google seolta

Treasa Bhreathnach

SEOLADH an leagan Éireannach de radharc sráide Google nó 'Street View' inné ag ceannáras Google i mBaile Átha Cliath. Is í an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin, a rinne an seoladh.

Is pacáiste é seo a ligeann do dhaoine radharc 360 céim a fháil de chathracha Éireannacha agus a sráid féin a fheiceáil ar a ríomhaire baile. Bhí íomhánna á mbailiú don tseirbhís Éireannach ó 2009 nuair a cuireadh ceamaraí radharc sráide amach ar shráideanna Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. Deir Google go mbeidh plátaí clárúcháin carr agus aghaidheanna daoine geamhach (blurred). Is iad ceisteanna príobháideachta atá ag cruthú na conspóide is mó i leith na seirbhíse seo ón uair a seoladh é ar dtús in 2007.

Sa Ghearmáin, mar shampla, tá rialtas na Gearmáine ag iarraidh go mbeadh cód cleachtais cosaint sonraí i bhfeidhm faoi 7 Nollaig 2010. Deir an nuachtán Gearmánach Der Spiegel go bhfuil na céadta míle tar éis éirí as an tseirbhís agus tá Google tar éis an sprioc-am d'éirí as a chur siar go dtí an 15 Deireadh Fómhair.

Tá Google ag ligean ceada do Ghearmánaigh gan a dtithe a bheith le feiceáil i radhairc shráide in aon chor, rud nach bhfuil ceadaithe in aon áit eile. De bharr fhulaingt na nGearmánach faoi rialú na Naitsithe agus stair oirthear na Gearmáine tá cuid de na dlíthe príobháideachta is géire ag an nGearmáin. I mí Bealtaine na bliana seo d'admhaigh Google go raibh siad tar éis eolas a bhailiú a sheol daoine thar ghréasán wi-fi agus gur bhailigh siad an t-eolas seo ó níos mó ná 30 tír, Éire ina measc. Deir Google gur bhailigh siad an t-eolas trí thimpiste agus gur scrios siad an t-eolas céanna ó shin.

Tá na mílte gearán faighte ag Google faoina bpríobháideacht ó dhaoine timpeall an domhain ón uair a seoladh é an chéad lá riamh in 2007. Rinne fear amháin gearán mar gur thaispeáin an íomhá é ag cur amach, fear eile mar go raibh sé ar a bhealach amach as siopa gnéis agus duine eile a bhí á ghabháil ag na póilíní. Deir Google go mbainfidh siad síos gach íomhá a bhfaighidh siad gearán fúithi.

Buaiteoir an Chomortáis

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010

Coimisiún na Mórshiúlta i réim sna Sé Chontae arís

Ní raibh an tOrd Bhuí sásta leis an Acht úr, mar sin, tá Coimisiún na Mórshiúlta ar ais arís.

Danny Brown

CUIREADH Coimisiún na Mórshiúlta ar bun arís Dé Máirt nuair a dhiúltaigh an tOrd Oráisteach glacadh le hAcht úr maidir le mórshiúlta.

Vótáil siad 37 in aghaidh 32 in éadan an Achta i mí Iúil ach bhí cruinniú eile acu Dé Sathairn seo a chuaigh thart leis an reachtaíocht úr a phlé.

Ach tá fadhb anois ag an DUP, a dhíol Comhaontú Hillsborough lena lucht tacaíochta nuair a gheall siad go bhfaigheadh siad réitithe den Choimisiún.

Tá sé soiléir anois nach bhfuil sin chun tarlú agus beidh obair ag an DUP cúrsaí a mhíniú do na vótóirí, go háirithe nuair a tháinig sé chun solais nach raibh duine ar bith ag an chruinniú speisialta den Ord Oráisteach le cuidiú le rún glacadh leis an Acht úr. Ar ndóigh, ní hé seo an chéad uair go raibh fadhbanna ag páirtithe an rialtais maidir le ceist na mórshiúlta.

Bhí cuid mhaith daoine in éadan gnéithe áirithe den reachtaíocht a shíl siad a bheadh ag teacht salach ar chearta daoine agóid ar bith a dhéanamh.

Mar shampla, bhí alt sa reachtaíocht a dúirt go gcaithfeadh duine a bheadh ag eagrú agóide fógra níos mó ná 30 lá a thabhairt do na húdaráis sula mbeadh cead acu an agóid a reáchtáil.

Chuir na ceardchumainn agus grúpaí pobail ina aghaidh sin agus sa deireadh tarraingíodh siar é.

Ach ní hiad dílseoirí amháin a bheidh míshásta le filleadh an Choimisiúin.

Ní raibh grúpa ar bith pobail in Ard Eoin i dTuaisceart Bhéal Feirste sásta rá go raibh fáilte roimh an Choimisiún.

Tá mórshiúlta conspóideacha gach bliain a théann thart fá shiopaí san eastát Náisiúnach agus bhí trioblóid sa cheantar sin le cúpla bliain anuas dá thairbhe sin.

Níl iomrá ar bith ar an athrú a raibh muintir Ard Eoin ag súil leis anois nuair atá an Coimisiún, a cheadaigh na mórshiúlta, ar ais sa réim.

Glacann gach duine leis go gcaithfear díriú ar cheist na mórshiúlta agus go bhfuil sos ann anois go dtí aimsir na Cásca nuair a thosaíonn siad arís agus nach mbíonn ach roinnt bheag acu conspóideach. Ach, mar a sheasann rudaí anois, níl réiteach ar bith ar an fhadhb agus beidh na deacrachtaí céanna póilíneachta agus pobail ann ar an bhliain seo chugainn.

Tá an PUP lena nasc leis an UVF a choinneáil

Danny Brown

I NDIAIDH teacht le chéile leis an cheist a phlé oíche Chéadaoin, d'fhógair an ceannaire sealadach, an Dr John Kyle, go mbeadh siad ag cloí leis an nasc idir iad agus an UVF agus an grúpa sceimhlitheoireachta dílseach eile, *Red Hand Commando*.

Ardaíodh an cheist faoin nasc sin nuair a maraíodh Bobby Moffett ar Bhóthar na Seanchille i mBéal Feirste i mí Bealtaine.

Bhíodh Moffett ina bhall den UVF agus dúradh ag an am gurbh é an UVF a bhí freagrach as a mharú. Mar gheall ar na tuairiscí sin, d'éirigh ceannaire an pháirtí, Dawn Purvis, as.

Ba í Purvis an t-aon

Chomhalta a bhí ag an PUP sa Tionól Reachtach agus tá sí anois ag feidhmiú mar Chomhalta neamhspleách.

Tá an UPRG (*Ulster Political Research Group*), an grúpa a thugann "comhairle pholaitiúil" don UDA, ag caint ar pháirtí polaitíochta eile a chur ar bun a thabharfadh aird ar leas an phobail dhílsigh.

Deir siad nach bhfuil duine ar bith sa Tionól ag díriú isteach ar an phobal is boichte sna Sé Chontae agus gur lig an córas polaitiúil síos an aicme oibre Phrotastúnach. Ach rinne John Dallat, Comhalta do Dhoire Thoir, gearán an tseachtain seo go raibh feachtas leanúnach ar bun ag an UDA i gCúil Raithin le daoine óga a earcú sa UYM (*Ulster Young Militants*), grúpa a bhunaigh an UDA do dhaoine óga. Tá borradh mór faoi na hionsaithe seicteacha ar ógánaigh Chaitliceacha sa bhaile le tamall anuas.

Dúirt urlabhraí don UPRG nach raibh fírinne ar bith sa ghearán agus nach raibh earcaíocht ar bun ag an UDA in áit ar bith.

Tá an DUP agus na Tóraithe i bhfabhar ciorruithe ó thuaidh : Murphy

"BHEADH an DUP cuid mhaith den intinn chéanna leis na Caomhaigh maidir le gearradh a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí," dar leis an Aire Forbartha Réigiúnaí ó thuaidh, Conor Murphy. Tá na hAontachtaithe ag foghlaim chomh maith áfach "gur beag suim atá ag Rialtas na Breataine iontu."

Bhí sé ag tagairt don díospóireacht leanúnach atá ar siúl maidir le ciorruithe ar bhuiséad an Fheidhmeannais ó thuaidh.

"Tá na Tóraithe ag cur polasaithe na gCaomhach i bhfeidhm tríd ciorruithe a dhéanamh agus ag cur in iúl gur sin an cur chuige atá acu chun déileáil léis an ngéarchéim eacnamaíochta," deir sé. Bhí an tAire ag labhairt le linn dó freastal ar Scoil Fómhair 'An Phoblacht' i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo caite.

Tá tréimhse dhúshlánach os comhair pháirtithe polaitiúla an Tuaiscirt sna míonna atá romhainn, dar leis, agus an chloch is mó ar phaidrín na bpáirtithe ó thuaidh ná dul i mbun idirbheartaíochta le Rialtas na Breataine chun cur i gcoinne na gciorruithe doimhne atá siadsan a bheartú don Fheidhmeannas. "An phríomh-sprioc is cóir a bheith againn ná deimhniú go ndéanfar cosaint ar sheirbhísí duine le duine, nach mbeidh níos mó daoine brúite i dtreo sháinn na bochtaineachta agus go ndéanfaidh muid gach iarracht cibé airgead atá ar fáil a chaitheamh

Conor Murphy, Aire Iompair an Tuaiscirt

chomh ciallmhar agus is féidir," dar leis an Aire Murphy.

I gcomhthéacs Comhrialtas ilpháirtí, mar atá curtha i bhfeidhm ó thuaidh, deir sé "bíonn sé doiligh plé aibí a dhéanamh, gach rud a chur ar an mbord agus na roghanna éagsúla a phlé." Sceitheann cuid de na páirtithe eolas a bhíonn pléite, dar leis, agus feictear sna meáin iad laethanta beaga ina dhiaidh sin. "Chomh maith leis sin, tá muid ag dul i dtreo toghcháin an bhliain seo chugainn agus in áit a bheith ag comhoibriú, chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo, tá cuid de na páirtithe ag glacadh staid réamhthoghchánaíochta," a deir sé.

Feiceann an tAire go bhfuil cuid mhór deiseanna ann chun comhoibriú eacnamaíochta Thuaidh-Theas a chur chun cinn, a rachadh chun sochar gach duine ar an oileán. "Sílim go dtig linn amharc ar riarachán ar fud an oileáin, an costas mór ar dhúbailt seirbhísí agus riaracháin, go háirithe i gceantair na teorann agus iarracht a dhéanamh na hacmhainní sin a dhíriú san áit a bhfuil siad de dhíth", arsa Murphy. Measann sé chomh maith gur fiú díriú ar na réimeanna cánach a chomhchuibhiú agus amharc ar cheist an airgeadra.

"Tá cuid mhaith comhoibriú Thuaidh-Theas ar siúl," arsa an tAire, "sna hollscoileanna ach go háirithe." Ach mholfadh sé go mbeadh foras forbartha, tionsclaíoch, comhchuibhithe amháin ann, a dhíolfadh agus a chuirfeadh chun cinn an t-oileán mar aonad, seachas cúpla ceann a bhíonn i gcomórtas lena chéile.

Maidir le ceapachán Tom Elliot mar cheannaire ar an UUP, tá díomá ar an Aire Murphy nár thogh Páirtí Aontachtach Uladh ceannaire níos 'forchéimní agus fadbhreathnaithí', a thuigeann gurb é an comhoibriú an todhchaí is fearr dá mhuintir féin agus do phobal an oileáin trí chéile.

Rud eile a bhfuil sé cinnte de chomh maith ná nach dteastaíonn ó mhuintir an Tuaiscirt dul ar ais chuig slí an fhoréigin. Cé go bhfuil ardú tagtha ar an mbaol foréigin ó thuaidh le tamall, síleann an tAire Murphy nach bhfuil tacaíocht phobail ag an dream atá i mbun na gníomhaíochta seo. "Feiceann an gnáthdhuine gur féidir dul chun cinn a dhéanamh tríd an pholaitíocht agus sin an bóthar is mian leo a leanúint", dar leis.

Deachtóireacht agus Daonlathas sa Bhealarúis

Diarmuid Johnson

TÁ tír ar thairseach an Aontais Eorpaigh atá á rialú faoi dheachtóireacht. Is í an Bhealarúis an tír sin. Viktor Loukachenko is ainm don uachtarán. Tá sé i réim ó bhí 1994 ann. Atoghadh faoi dhó ó shin é (2001, 2006). Faoi dheireadh na bliana seo, beidh toghchán uachtaránachta arís ann. An dtoghfar Loukachenko an ceathrú huair nó an bhfuil fear a dhiongbhála i measc na n-iarrthóirí eile?

Tá triúr ann a mbeidh Loukachenko, an Rúis agus an domhan mór ag faire orthu. Ar dhuine díobh tá Vladimir Nekliaev (64), file. Le bliain anuas tá 'feachtas na fírinne' á reáchtáil aige. Phriontáil sé na mílte cártaí poist, chuir stampa orthu, scaip i measc an phobail iad, agus d'iarr ar an tír ceann an duine a chur chuig an uachtarán le ceist faoin eolas a bhíonn sé a cheilt. Thug na póilíní ruaig ar láthair oibre Nekliaev, sciob siad a chuid trealaimh, agus mhill siad na mílte cártaí poist. Ach tá oifigí an uachtaráin plúchta le cártaí, agus le ceisteanna.

Duine eile de na hiarrthóirí, Alexandre Milinkevitch (63), bhí sé i gceannas ar fheachtas ar son na hEorpa in 2006. Tá tacaíocht lucht na Polannaise aige, 900,000 duine - beagnach 10% de dhaonra na tíre. Tuigeann Loukachenko an chontúirt. Anuraidh, thug a chuid póilíní ruathar faoi '*Dom Polski*' - Teach na Polainne - in Mohylewie. Ghabh siad an fhoireann agus chuir ina leith go raibh siad ag feidhmiú in aghaidh an bhunreachta. Chuir an eachtra olc ar rialtas na Polainne, agus tharraing aighneas idir ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh agus tír eascairdiúil dá réir.

In 2006, cuireadh Alexandre Kozouline (55) sa phríosún mar gheall ar agóid in aghaidh toradh an toghcháin. Lean slua mór glórach é trí Minsk, príomhchathair na Bealarúise. Gabhadh Kozouline agus bualadh go dona é. Ach tá sé gníomhach arís anois. Is fuath le Loukachenko é. Eisean an tríú iarrthóir a bhfuil talamh faoi sa toghchán seo.

Ta an Bealarúis teorannach le trí thír de chuid an Aontais Eorpaigh: an Pholainn, an Liotuáin agus Laitvia. Ach is oileán atá ann ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta de. Ní ball d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (NATO) í ná den Chomhairle Eorpach. Níl cead ag Loukachenko taisteal go Meiriceá ná go dtí an tAontas Eorpach. In 1995, sa nuachtán Gearmánach Handelsblatt, rinne sé comparáid idir stair na Gearmáine agus na Bealarúise, agus mhol neart agus údarás Adolf Hitler. In 1998, dhíbir sé ambasadóirí na dtíortha G7. I mBealtaine na bliana 2007, chas Loukachenko le Mahmoud Ahmadinejad, agus thug sé tacaíocht don thástáil núicléach atá an Iaráin a dhéanamh.

Tá an Bhealarúis ag brath go hiomlán ar ghás na Rúise. In 2008, de dheasca fiach nár glanadh, dhún an Rúis na píobáin gháis. Bhí sioc sna tithe in Minsk. D'íoc Loukachenko an bille i mí Mheithimh 2010. Lá Fhéile Pádraig seo caite, chas sé le Hugo Chavas. Gheall uachtarán Veiniséala 80,000 bairille ola sa ló don Bhealarúis. Imríonn Loukachenko an cluiche geopholatiúil, más ea. Tuigeann sé gur trasna críocha na Bealarúise agus na hÚcráine a chaithfidh an Rúis a cuid gáis a sheoladh.

Tá cnámha spairne eile idir an Rúis agus an Bealarúis: ní ghlacann Loukachenko le flaithiúnas na hOiséite Theas ná na hAbcáise, dhá phoblacht bheaga i gcríocha Cugais. In 2009 níor lig an Rúis 1,300 táirge déiríochta de chuid na Bealarúise thar teorainn isteach de bharr iad a bheith míchaighdeánach. Ó mhí Iúil 2010 ar leith, is ball de chomhlathas eacnamaíochta í an Bhealarúis in éineacht leis an Rúis agus an Chasacstáin. Ach dhiúltaigh Loukachenko an conradh a shíniú go dtí an nóiméad deiridh, rud a chuir an togra i mbaol.

An seasfaidh Moscó le Loukachenko arís ainneoin a chuid dánaíochta? Arsa Alexeï Vlassov, Ionad Taighde na gCríoch Iar-Shóivéideacha in Minsk: "Leanfar den choimhlint, go mór mhor sna meáin chumarsáide, gan dul thar fóir léi ná an comhoibriú idir an dá thír a chur i mbaol."

In 2006 fuair Loukachenko 82.6% den vóta. Agus bíodh is go bhfuil cuid den tír míshásta leis anois, agus mífhoighde ar an Rúis leis, is ceist mhór í an bhfuil ábhar comharba i measc na n-iarrthóirí eile. Níl fonn ar Loukachenko scaoileadh lena ghreim. Go deimhin, deir sé gurb é a mhac Victor a thiocfaidh i gcomharbacht air in am trátha. Dar le Piotr Martsev, áfach, saineolaí polaitíochta de chuid na Bealarúise: "In 2006, níor thug Stáit Aontaithe Mheiriceá ná an Eoraip aitheantas do thoradh an toghcháin. Céard a tharlóidh má dhéanann an Rúis amhlaidh an chéad uair eile?"

Ar theorainn an Aontais Eorpaigh más ea, tá comhrac ann idir riail aonair agus grúpaí éagsúla atá ag éileamh breis ceart agus saoirse cainte. Má bhí cultúr na deachtóireachta láidir san Eoraip san aois seo caite - Hitler, Mussolini, Franco - tá a leithéid i gceist fós sna tíortha iarchumannacha. Bíonn an baol ann i gcónaí go leathfaidh a leithéid anoir. Agus is gaire Minsk ná Baile Átha Cliath do Phrág, do Bheirlin agus don Róimh.

Tá cnámha spairne eile idir an Rúis agus an Bealarúis: ní ghlacann Loukachenko le flaithiúnas na hOiséite Theas ná na hAbcáise, dhá phoblacht bheaga i gcríocha Cugais. In 2009 níor lig an Rúis 1,300 táirge déiríochta de chuid na Bealarúise thar teorainn isteach de bharr iad a bheith míchaighdeánach. Ó mhí Iúil 2010 ar leith, is ball de chomhlathas eacnamaíochta í an Bhealarúis in éineacht leis an Rúis agus an Chasacstáin. Ach dhiúltaigh Loukachenko an conradh a shíniú go dtí an nóiméad deiridh, rud a chuir an togra i mbaol.

Alexander Lukashenko, Uachtarán na Bealarúise ó bhí 1994 ann.

An Bhealarúis

Is é ceannaire na tíre ná an tUachtarán Lukashenko. Dar le Condoleezza Rice is é sin an deachtóir deireanach san Eoraip. Chuaigh an Bhealarúis faoi smacht Lukashenko in 1994 agus creidtear gurb é sin, agus a chuid polasaithe, atá freagrach as an mheath geilleagrach atá ag tarlú sa tír - ní féidir fiontair stáit a phríobháidiú agus ní ghlactar le gnóthaí príobháideacha. Den aon bhanc is tríocha sa tír, is leis an Rialtas tríocha acu.

In 1986 d'éilligh anachain Chernobyl 70% den Bhealarúis - fós bíonn daoine sa Bhealarúis ag fulaingt leis an ailse agus le héalang ó bhroinn de bharr na tubaiste uafásaí seo. Meastar nach féidir cónaí ar 25% de thalamh na tíre.

Is é daonra na tíre ná 9,776,000 - is as an Bhealarúis ó dhúchas iad 80% den líon sin.

Is éard a chiallaíonn "An Bhealarúis" ná an Rúis Bhán

Ná seol bláthanna buí do na Bealarúisigh mar tá piseog sa chultúr a chiallaíonn go bhféadfadh gaol leo bás a fháil.

Bean ina huachtarán ar an mBrasaíl den chéad uair?

Alex Hijmans in Salvador, an Bhrasaíl

CÚIS mhór iontais a bheidh ann muna dtoghfar Dilma Rousseff, iarrthóir Pháirtí na nOibrithe (PT), ina huachtarán ar an mBrasaíl Dé Domhnaigh. Má éiríonn léi, beidh bean i gceannas ar an tír is mó sa leathsféar theas den chéad uair riamh. Chinnteodh a bua, freisin, go leanfadh réimeas Pháirtí na nOibrithe, ina bhfuil an t-uachtarán reatha, Lula, ar feadh ceithre bliana eile.

Go magúil, tugtar 'banphrionsa corónach Lula' ar Rousseff, ach táthar ann a mhaíonn nach mbeidh inti ach an bhean a thabharfaidh aire don siopa go dtí go mbeidh Lula, a bhfuil dhá théarma as a chéile curtha i gcrích aige, in ann seasamh don uachtaránacht in athuair in 2014.

Dilma Rousseff ag rith le haghaidh Uachtaránacht an Bhrasaíl.
(PIC. REUTERS/JAMIL BITTAR (BRAZIL POLITICS BUSINESS))

Tá rud amháin soiléir: tá muintir na Brasaíle sásta le hobair Lula - tá ráta tacaíochta de os cionn 70% aige - agus teastaíonn a thuilleadh uathu. Faoi stiúir an fhir bhig seo a d'fhág an scoil nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois tá dul chun cinn eacnamaíoch ollmhór déanta ag gach aicme sa tír. Ag an am céanna, mhéadaigh an deighilt idir saibhir agus daibhir a thuilleadh - ach maithíonn formhór na ndaoine é sin dó.

Ní gá ach dul isteach i gceann d'aerfoirt phlódaithe na tíre lena fheiceáil go bhfuil níos mó airgid ná riamh ag an bpobal: tá an t-aerthaisteal intíre ag fás ar ráta 12% in aghaidh na bliana toisc go bhfuil an mheánaicme íseal tosaithe ag eitilt.

Bhí straitéis Dilma Rousseff ansimplí ar fad. "Leanfaidh mé cúrsa Lula," a d'fhógair sí ag tús na feachtasaíochta, agus bhí rath air. Roimh i bhfad, d'fhág sí José Serra, iarrthóir an PSDB (páirtí ón lár) ina diaidh sna pobalbhreitheanna.

De réir na bhfigiúirí is déanaí, tá sé ar intinn ag 46% de mhuintir na Brasaíle vóta a thabhairt do Dilma Rousseff. Níl ach 28% ag tacú le José Serra. Tá dul chun cinn áirithe déanta ag an tríú iarrthóir, Marina Silva ón bPáirtí Glas. Tá tacaíocht 14% aici sin, an ráta is airde ó thosaigh an feachtas, ach ar ndóigh ní leor é.

Is dóichí ná a mhalairt, mar sin, go mbeidh an bua ag Rousseff Dé Domhnaigh. Ach muna n-éiríonn léi farasbarr de 50% de na vótaí móide vóta amháin a bhaint amach, beidh gá leis an dara babhta vótála sula mbeidh uachtarán nua tofa.

Má fhíoraítear na figiúirí ón bpobalbhreith dheireanach sna bothanna vótála, beidh Rousseff agus Serra san iomaíocht le chéile ar an 31 Deireadh Fomhair.

NUACHT GHAEILGE

Cúrsa Gaeilge sa Bhreatain Bheag

BEIDH cúrsa Gaeilge do dhaoine fásta ag tosnú in Haverfordwest, Pembrokeshire na Breataine Bige Dé Céadaoin an tseachtain seo chugainn.

Beidh na ranganna ar siúl gach Céadaoin ó 5.30-7.30 ar feadh 30 seachtain agus beidh trí théarma i gceist. Tá spás do dhaoine eile againn fós! Le haghaidh tuilleadh eolais cuir glaoch ar Haverfordwest Community Education Centre, 0044 1437 764869. Is é an costas atá ar an chúrsa iomlán trí théarma ná £150 nó £99.60 le lamháltas. Séamas Mac Cana a bheidh mar mhúinteoir. Rugadh Séamus in aice le Portsmouth Shasana, agus bhain sé céim sa Léann Ceilteach amach ó Ollscoil na Breataine Bige Aberystwyth. Tá sé ag críochnú Máistreachta sa Ghaeilge san áit chéanna faoi láthair.

Forbairtí ar focal.ie

Treasa Bhreathnach

TÁ níos mó ná 700,000 duine i ndiaidh leas a bhaint as focal.ie ó seoladh é in 2006 agus le linn an ama sin rinneadh 20.4 milliún cuardach. Tá forbairt á déanamh ag Fiontar, DCU ar an suíomh idirlín lena linn sin leis an inneachar iomlán a bheith ar fáil anois le híoslódáil i bhfoirm liosta. Téigh chuig focal.ie/Liostai.aspx chun é seo a dhéanamh agus más ag úsáid bogearraí aistriúcháin ríomhchuidithe ar nós *Trados* nó *Wordfast* atá tú, is féidir an liosta seo a iompórtáil chuig do ríomhaire, rud a éascóidh an t-aistriúchán.

Tá forbairt eile á déanamh ag focal.ie chomh maith leis an suíomh a nascadh le Nua-Chorpas na hÉireann ina bhfuil timpeall 30 milliún focal Gaeilge. Is mar chuid de thionscadal *Foclóir Nua Béarla-Gaeilge* é an Nua-Chorpas de chuid Fhoras na Gaeilge ina bhfuil réimse leathan téacsanna in úsáid ó nuachtáin, ó irisí, ón idirlíon agus ó fhoinsi eile nach iad. Is féidir an t-eolas seo uile a fháil ó focal.ie/Corpas.aspx

Moltaí Gaeilgeoirí don Uachtaránacht

Meadhbh Ní Eadhra

AGUS Mícheál Ó Muircheartaigh éirithe as mar thráchtaire ar RTÉ, tá go leor cainte ann i measc mórán daoine faoi Mhícheál a bheith ina chéad Uachtarán eile. Go deimhin, tá leathanach speisialta bunaithe ar an suíomh idirlín Facebook, darb ainm Mícheál Ó Muircheartaigh don Uachtaránacht, agus tá beagnach 2,000 duine mar bhall de cheana féin. Tá Aengus Ó Snodaigh ó Shinn Féin den tuairim sin freisin, agus nuair a fiafraíodh de cén Gaeilgeoir a mholfadh sé don Uachtaránacht, luaigh sé an tUasal Ó Muircheartaigh.

"Tá aithne ag gach duine air," ar sé. "Tá sé os cionn na polaitíochta agus tá aithne idirnáisiúnta air. Freisin, is Gaeilgeoir den scoth é mar aon le haitheantas air ag seasamh le cultúr Éireannach," ar sé. Is é ainm Mhíchíl an chéad ainm a tháinig Liam Ó Cuinneagáin, stiúrthóir Oideas Gael, aníos leis freisin.

"Cinnte déarfainn Mícheál Ó Muircheartaigh mar dhuine Gaeltachta a chuir an Ghaeilge chun cinn ar achan slí agus a thug dearcadh sláintiúil dearfach don phobal fúithi, i gcónaí. Tá sé aclaí agus 'fit' go leor le seacht mbliana a dhéanamh! Bheadh gach páirtí aontaithe faoi!" ar sé. Luaigh sé Seosamh Mac Donncha don phost freisin.

"Is iar-Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, iar-stiúrthóir ar Fhoras na Gaeilge, fear spóirt agus cumarsáidí den scoth é," a deir sé. Creideann Paul Drury, a oibríonn mar eagarthóir bainistíochta leis an Irish Daily Mail agus a bhíodh mar eagarthóir ar an bpáipéar Gaeilge, Amárach, gurb é Mícheál an fear ceart don phost freisin. Is í Janet Muller, Príomhfheidhmeannach Pobal, an chéad duine a luaigh bean don phost in ionad fir.

"Mholfainn an Dr Margaret MacCurtain," ar sí. "Is Gaeilgeoir í agus tá go leor leor oibre déanta aici maidir le ról na mban sa stair a léiriú don domhan mór. Is duine í atá iontach ag an dianmhachnamh agus is rud é sin atá lárnach i ról an Uachtaráin. Níl a fhios agam an mbeadh suim aici ann ach is cinnte go mbeadh sí iontach maith aige."

An chéad duine ar liosta Sheáin Uí Adhmaill don Uachtaránacht ná Mícheál Ó Muircheartaigh. Is é Ó hAdhmaill a bhí in iomaíocht le Pádraig Mac Fhearghusa i mbliana d'Uachtaránacht Chonradh na Gaeilge agus tá sé mar Oifigeach Forbartha ar Fhorbairt Naíonraí Teoranta faoi láthair. Ar na daoine eile a luaigh sé tá Helen Ó Murchú, Pádraig Ó Snodaigh, Breandán Delap agus Feargus Ó hÍr.

"Ceapaim gur éagóir mhillteanach é nach bhfuil cead ag saoránaigh Éireannacha sna 6 Chontae vótáil d'Uachtarán na hÉireann. Níl ag teastáil i ndáiríre ach toil Rialtas na hÉireann chuige seo. Athrú mór siombalach agus fiúntach a bheadh ann a léireodh aibíocht an rialtais maidir leis an phróiseas síochána agus cearta daonlathacha saoránaigh Éireannacha na 6 Chontae a chinntiú," ar sé, agus é ag caint faoin Uachtaránacht.

Scéim phíolótach Chliara ag bogadh ar aghaidh

Ó fógraíodh moladh urlabhra Fhine Gael ar chúrsaí Gaeltachta, Frank Feighan TD, chun scéim phíolótach a bhunú leis an Ghaeilge a chur ar ais á labhairt i gCliara, Co Mhaigh Eo, tharraing an smaoineamh cuid mhór cainte agus cáinte. Labhair **Ciarán Dunbar** le **Dónall Ó Sé**, Oifigeach Forbartha Chliara faoin mholadh go ndéanfar scéim phíolótach ann.



Oileán Chliara. Is fada ó bhí an Ghaeilge a labhairt ann ach tá dóchas ann gur féidir úsáid na Gaeilge a láidriú ann.

CIARRAÍOCH is ea Dónall Ó Sé ó dhúchas ach tá neart taithí aige a bheith ag obair istigh in oileán óir bhí sé ag obair roimhe seo in Inis Meáin Árann. Cé gur oileán Gaeltachta í Inis Meáin agus gur oileán iar-Ghaeltachta í Cliara, ní fheiceann Dónall mórán difríochtaí ann.

"Níl a lán difríochtaí idir na fadhbanna a bhaineann le gach oileán, cé acu Gaeltachta nó Gallda. Is iad na príomhfhadhbanna ná iompar isteach agus amach, costas maireachtála le hais mórthíre agus na gnáthsheirbhísí atá ar an mhórthír nach bhfuil ag na hoileáin, mar shampla, séarachas, bailiú bruscair agus araile."

Measann Dónall go bhfuil cuid den chlúdach a fuair an scéim atá beartaithe sna meáin iontach diúltach.

"Tá a lán daoine sa chiorcal acadúil - déanann siad an-damáiste. 'Closed shop' atá ann," dar leis, ach tá sé féin an-dearfach faoi "smaoineamh Frank Feighan" leis an Ghaeilge a láidriú i gCliara.

"An-smaoineamh é smaoineamh Frank, chun rud éigin difriúil a dhéanamh. Tá na ciorcail chéanna ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh ó bhí tús an Stáit ann agus níl na torthaí go maith."

Tá Dónall dóchasach go leor go bhfuil toil ann san oileán leis an Ghaeilge a láidriú ann. "Tá dóchas agam go mbeidh na daoine réidh chun seans a thabhairt dó," a deir sé.

Séanann Dónall gur iarracht chiniciúil é an beart seo le hairgead a mhealladh go Cliara, "Ón am a raibh Éamon Ó Cúiv agus Mary Coughlan ina nAirí níl aon difríocht idir na hoileáin Ghaeltachta agus na hoileáin Ghallda maidir le deontais," ar seisean.

Stair na Gaeilge i gCliara

- Bhí an Ghaeilge ag roinnt seandaoine ar an oileán in 1910 ach go mb'fhéidir nach raibh sí mórán in úsáid ina measc.
- Ar an láimh eile, bíodh is nach bhfuil aon fhianaise ar an nGaeilge a bheith á labhairt mar ghnáth-theanga ar an oileán ó thús an 20ú haois ar a dheireanaí, is suimiúil gur mhair an oiread sin ainmneacha lán-Ghaeilge anuas go dtí nár n-aimsir féin.
- Tuigtear gur cailleadh an duine deiridh de mhuintir an oileáin a raibh Gaeilge ó dhúchas aige sna 1930í.
- Bailíodh roinnt seanchais ann in 1942 áfach, ina measc tá amhrán nó dhó i nGaeilge chomh maith le roinnt nathanna cainte.
- Tuigtear gurbh é tionchar an gharda cósta agus fhoireann an tí solais ceann de na príomhchúiseanna le galldú an oileáin chomh fada sin siar.

Tháinig an t-eolas seo ón Dr Nollaig Ó Muraíle, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ó Chríostóir Mac Cárthaigh in Roinn Béaloideas Éireann

"Is é an rud maidir le Cliara, is staidéar píolótach é; ní bheidh an costas go mór. Dá mbeadh toradh maith ann, bheimis in ann é a úsáid timpeall na tíre ina dhiaidh sin. Ní bheadh siad ag cailleadh aon rud seachas cúpla scilling chun scéim phíolótach a chur le chéile."

"Is é an rud maidir le Cliara, is staidéar píolótach é; ní bheidh an costas go mór. Dá mbeadh toradh maith ann, bheimis in ann é a úsáid timpeall na tíre ina dhiaidh sin.

"Ní bheadh siad ag cailleadh aon rud seachas cúpla scilling chun scéim phíolótach a chur le chéile."

Tá an scéim phíolótach atá beartaithe ag Dónall dírithe go mór ar chúrsaí oideachais agus tá súil ag Dónall "go mbeidh an Roinn Oideachais, Roinn na Gaeltachta agus eagrais ar nós Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Comhaltas Ceoltóirí Éireann srl ag teacht le cheile chun cabhair a thabhairt chun an scéim phíolótach a chur le chéile."

"Dá mbeadh scéim phíolótach againn, bheadh a fhios againn go bhfuil na heagrais sin ag baint trialach as rud nua," ar seisean.

Tá Gaeilge líofa ag "timpeall fiche" duine san oileán faoi láthair agus dearbhaíonn Dónall go mbeadh múinteoirí an oileáin ábalta teagasc trí mheán na Gaeilge de bhrí gur de bhunadh na Gaeltachta iad.

"Is as Acaill an príomhoide agus is Gaeilgeoir é. Is as an Spidéal an duine eile."

"Táimid ag iarraidh clár a chur le chéile, b'fhéidir Gaelscoil, clár i gcomhair na ndaoine fásta, clár i gcomhair na dtuismitheoirí le Gaeilge shimplí a theagasc.

Ar an taobh eile bheimis in ann Gaelscoil a bheith ag na daoine óga ag dul isteach sa scoil mar tá dhá Ghaeilgeoir ag teagasc sa scoil."

Dearbhaíonn Dónall go mbeidh tacaíocht na dtuismitheoirí de dhíth chun a leithéid a chur i gcrích, áfach.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Scéim na gColáistí/bhFoghlaimeoirí Gaeilge

CUIREADH CHUN TAIRISCEANA

Tá sé beartaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna taighde a thionscnamh, faoi stiúir na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, ar Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (Coláistí Gaeilge) maidir le:

- Tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar tionchar na gColáistí Gaeilge ar chur chun cinn agus ar dhul chun cinn na Gaeilge i measc mac léinn
- Suirbhé a dhéanamh a thabharfaidh chun solais dearcadh scoláirí, a dtuismitheoirí agus a ngnáthmhúinteoirí Gaeilge i leith na gColáistí Gaeilge
- Iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na gColáistí Gaeilge ar chaomhnú na Gaeilge mar theanga bheo i measc phobail Ghaeltachtaí
- Cur síos a dhéanamh ar bhuanna, ar laigí agus ar fhéidearthachtaí na gColáistí Gaeilge, agus moltaí a dhéanamh maidir le cur le héifeacht na gColáistí sa todhchaí

Tá sé i gceist go ndéanfar an taighde seo idir Samhain 2010 agus Fómhar 2011.

Seol tairiscintí le cur síos gairid ar an gcur chuige, ar fhad an taighde, agus ar chostas an taighde chuig eolas@cogg.ie nó chuig COGG, 22 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Breis eolais ar fáil ó eolas@cogg.ie

Dáta deiridh do thairiscintí: Ní ghlacfar le haon tairiscint i ndiaidh 4pm ar 22 Deireadh Fómhair 2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

Nicola Demian, as Baile an Mhóinín, Gaillimh, a bhuaigh an comórtas an 'Bonnie Baby' (idir 3-5 bliana d'aois) sa Spidéal le déanaí, in éineacht le Siobhán Ní Choghaile as Bothair Buí, Indreabhan.

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Club Scannán Shailearna

Treasa Bhreathnach

CUIREADH tús le sceideal an fhómhair de chuid Chlub Scannán Sailearna an tseachtain seo caite le scannán le Macdara Ó Curraidhín, 'An tÉireannach Fáin'. Taispeánadh an scannán seo ar na mallaibh mar chuid den Oíche Chultúir a reáchtáladh timpeall na tíre agus na Gaeltachta. Is faoin scannánóir clúiteach Robert Flaherty, de cháil 'Man of Aran', a rinneadh an scannán. Tá neart plé sa scannán faoi shaothar an fhir. Mar chuid den saothar sin tá míreanna físe óna chéad scannán, 'Nanook of the North' bunaithe ar shaol na nEiscimeach san Artach, agus óna scannán lonnaithe ar oileáin Shamó, 'Moana'. D'úsáid sé stíl agus modhanna taifeadta le linn na scannán seo a d'úsáid sé in 'Man of Aran'. Sa scannán, 'An tÉireannach Fáin', ardaítear ceisteanna moráltachta faoi mhodh oibre an Fhlaitheartaigh agus an leas a bhain sé as oileánaigh agus as an muintir dhúchasach sa scannán ar mhaithe leis féin.

Is scannán suimiúil é 'An tÉireannach Fáin' go háirithe mar gheall ar na míreanna cartlainne uile a bhíonn le feiceáil agus na suímh éagsúla ar thug Ó Curraidhín athchuairt orthu agus é ag taifead. Faoi dheireadh an scannáin ba mhaith liom féin níos mó eolais a bheith agam maidir leis an bhFlaitheartach féin, Cé gur nocht Ó Curraidhín roinnt dá ghnéithe pearsanta, fágadh mé ag iarraidh tuilleadh a fháil amach faoi. Cén fáth a raibh sé mar a bhí? Fear fuarchúiseach, daingean, diongbháilte, tugtha go hiomlán don scannánaíocht a bhí ann, ach ar an taobh eile bhí grá ag níos mó ná bean amháin dó. B'fhéidir nach bhfuil freagra na ceiste sin le fáil ach b'fhearr liom féin dá ndíreodh an scannán níos mó ar na cúrsaí sin ná ar a shaothar.

Tá tús láidir le sceideal an fhómhair de chuid Chlub Scannán Sailearna. I measc na scannán eile a bheidh á dtaispeáint acu beidh "An Ribín Bán' (Das Weiße Band) le Michael Hanke, 'Machan' le Uberto Pasolini agus 'Fear Fáidh' (Un prophéte) le Jacques Audiard. Tá gach eolas le fáil faoin gclub ag clubscanann.ie

Bád nua ag cur leis an gcabhlach iascaigh i Ros a' Mhíl

Caroline Ní Chualáin

CHRUINNIGH clann agus cairde Gerard agus Padhraic Gearld Mhic Dhonnacha as Rós a' Mhíl ar chalafort an bhaile sin an tseachtain seo caite chun fáilte a chur abhaile rompu féin agus a mbád nua an 'Roisín Bairbre'.

Bhí áthas an domhain ar a gclann agus a gcairde iad a fheiceáil go slán sábháilte tar éis dhá sheachtain a chaitheamh as baile chun an bád a thabhairt abhaile.

Is trálaer iascaigh nua-aimseartha í an 'Roisín Bairbre'. Tá sí 13.89 méadar ar fhaid le hinneall den dearadh Caterpillar inti. Tugann an trálaer seo deis dóibh modhanna éagsúla iascaigh a úsáid ó thrálaeireacht go dtí dreidireacht. Tá súil acu iascach a dhéanamh ar chloichíní, iasc geal agus scadáin léi.

Cheannaigh Gerard agus a athair Padhraig Gearld an bád in Albain. Chaith siad seachtain i mbádchlós i gContae an Dúin ag réiteach an bháid don fharraige. Rinne siad deisiúcháin ar an mbád le go mbeadh sí in ann an t-aistear a dhéanamh abhaile.

Nuair a bhí an bád réidh le seoladh ar an bhfarraige chuaigh siad chuig Inbhir Nis agus tháinig siad tríd canáil 'Sligh Uisge na hAlba'. Thóg sé dhá lá orthu seoladh tríd an chanáil go dtí gur shroich siad an Gearasdan. Sheol siad ón nGearasdan ansin go dtí na Cealla Beaga i nDún na nGall. Chaith siad lá sna Cealla Beaga ag tógáil scíthe sular thóg siad an chéim dheireanach dá n-aistear abhaile go Ros a' Mhíl.

"Bhí an t-ádh orainn go raibh an aimsir go maith i rith an aistir fhada abhaile", arsa Gerard.

Tá traidisiún na hiascaireachta go láidir i gclann Mhic Dhonnacha. Is í seo an tríú glúin d'iascairí sa teaghlach. Thosaigh Padhraig Willy Mac Donnacha ag iascach sa bhliain 1955. Tháinig a mhac Padhraig Gearld ag iascach leis sa bhliain 1974. Chean-

Méara Cathair na Gaillimhe ag an gcéad fhód iompaithe ar thionscadal Shéamais Uí Chuirc, ar an Luain 27 Mheán Fómhair in éineacht leis an gComhairleoir Michael Crowe. Bhí siad i láthair ag an searmanas don scéim fheabhsúcháin ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc/an Easpaig Uí Dhónaill.

naigh Padhraig Gearld a bhád féin cúpla bliain ina dhiaidh sin agus sa bhliain 1996 thosaigh a mhac sin Gerard ag iascach leis. Sa bhliain 2001 chuaigh Gerard agus Padhraig Gearld i gcomhpháirtíocht sa ghnó lena chéile.

Tá súil ag Gerard agus Padhraig Gearld a bheith amuigh ag iascach leis an mbád nua i gceann trí nó cheithre seachtainí. Tá súil acu triúr criú a fhostú don bhád nua.

Dar le Gerard "níl an t-iascach éasca faoi láthair mar go bhfuil praghas an díosail chomh ard, ach tá muid fós dóchasach mar tá feabhas ag teacht i mbliana ar na margaí iascaigh."

'See Saw'

Treasa Bhreathnach

IS í Ríonach Ní Néill as Indreabhán córagrafaí an tseó "See Saw' a bheidh mar chuid d'Fhéile Babaró. Deir Ríonach faoin seó seo, "Tá inspioráid an-phearsanta agam don seó seo mar go bhfuil beirt ghasúr óga agam. Theastaigh uaim rud éigin a dhéanamh don aoisghrúpa sin, agus chomh maith leis sin d'eascraigh sé as frustrachas mar mháthair le páistí óga gur mhaith léi go mór dul ag seónna rince. Go minic ní féidir leat dul mar go bhfuil amhras ort go mbeidh na gasúir ag útamáil rómhór, so theastaigh uaim rud éigin a chruthú go mbeadh tuismitheoirí agus a bpáistí in ann taitneamh a bhaint as le chéile."

Creideann Ríonach gur féidir linn an t-uafás a fhoghlaim ónar bpáistí in áit iadsan a bheith ag foghlaim uainne i gcónaí. Is rinceoir agus córagrafaí í Ríonach a thosaigh ag damhsa nuair a bhí sí trí bliana d'aois, nuair nach raibh a tuismitheoirí in ann bróga beag go leor a aimsiú di fiú, agus níor chaith sí uaithi na bróga damhsa ó shin. Bhí Ríonach ag obair le daoine meánaosta den chuid is mó le tamall anuas, le grúpa rince aici in Áras Mhic Dara, agus tá seónna curtha ar siúl aici le blianta beaga anuas le meascán de rinceoirí proifisiúnta agus rinceoirí ón bpobal. Is é seo an chéad seó dá cuid atá cumtha go speisialta do pháistí.

Deir Ríonach, "Is rince iomlán teibí atá ann, ní dráma rince atá ann, níl aon scéal ann. Rud de ghnáth a chuireann sceon ar dhaoine mar gheall go gceapfaidh siad nach dtuigfidh siad é ach i ndáiríre tá rince an-éasca le tuiscint, níl gá le teanga nó focail. Is féidir leat dul isteach le taitneamh a bhaint as agus ba rud iontach é sin do pháistí, níl ann ach nach dtaitníonn nó go dtaitníonn rud éigin leo."

Síleann Ríonach go bhfuil an t-ádh le Gaillimh go bhfuil Féile Babaró anseo, féile a thugann meas ar ealaín ach nach 'advanced babysitting' atá i gceist.

Beidh an seó seo le feiceáil i Seanscoil Sailearna in Indreabhán ar an 15ú Deireadh Fómhair ag 11rn agus 1in agus i Halla na Cathrach ar an 16 agus an 17 Deireadh Fómhair ag 11rn agus 1.15in. Seoladh an seó ag an bhféile Fringe i nDún Éideann, agus cé go bhfuil sé mar chuid den Fhéile Babaró níl anseo ach tús le camchuairt náisiúnta agus tá na dátaí le fáil ar an suíomh idirlín www.ciotog.ie.

'Mad Hatter's Tea Party'

Treasa Bhreathnach

AR an Domhnach beag seo beidh 'Féile Bhóithrín an Chaisleáin Ghearr' ar siúl den dara bliain as a chéile. Is sa chaisleán i lár an bhaile a bheidh an fhéile ar siúl óna 2 go dtí an 6in agus ann beidh rud éigin ann do gach uile dhuine, mar shampla cluichí, scéalaíocht, siúlóidí nádúir agus comórtas cultacha bréige.

Ní hamháin go mbeidh deis agaibh dul san iomaíocht agus do chuid scileanna caitheamh wellies a léiriú ach beidh réaltaí Ros na Rún i láthair agus iad ag glacadh páirte sa 'Mad Hatter's Tea Party'. Ar ndóigh níl muid ag tabhairt comhairle go gcaithfeadh sibh bhur wellies leo! Beidh ceoltóirí den scoth i láthair ó na bannaí ceoil 'Fred' agus 'Key West' agus Garrett Philips ón 'Black Magic Big Band'. Beidh Joe Connolly i láthair chomh maith agus é ag canadh cúpla amhrán do na sluaite.

Beidh neart spraoi agus scléipe ar bun an lá uile, le daoine ag damhsa fiú ag na crosbhóithre. Beidh damhsóirí Gaelacha Celine Hession agus damhsóirí nua-aimseartha Antoinette Casserly i láthair.

Más fearr leat caitheamh aimsirí níos réchúisí is féidir leat dul ar shiúlóid nádúir le Gordon D'Arcy. Beidh imeachtaí agus fáilte roimh an chlann uile.

Seoladh 'Network Chonamara'

Treasa Bhreathnach

TÁ an chéad chruinniú de chuid Network Chonamara le bheith ar siúl in Óstán Chois Fharraige ar 6 Deireadh Fómhair 6-8in. Is deis atá anseo do ghnólachtaí beaga agus móra agus trádálaithe aonair a bhíonn ag plé le gach cineál gnó - seirbhís, sláinte agus déantúsaíocht ina measc - casadh le chéile i suíomh sóisialta.

Ní tharlaíonn sé go minic go mbíonn deis ag lucht gnó bualadh le chéile san aon ionad amháin chun tacaíocht a thabhairt dá chéile, agus, b'fhéidir, tuilleadh gnó a ghiniúint. Tá sé i gceist lárchoiste a chur le chéile chun imeachtaí, ócáidí agus sceideal tarraingteach mealltach a eagrú do ghnólachtaí Chonamara amach anseo.

Beidh soláistí agus deochanna ar fáil agus, ar ndóigh, is é seo an áit le do chuid cártaí gnó a scaipeadh. Is féidir plé a dhéanamh, tuairimíocht a chluinstin agus eolas a aimsiú agus a nochtadh ar an suíomh idirlín www.linkedin.com.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Biddy Jenkinson agus Scéalta Átha Cliath

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH an t-údar aitheanta Biddy Jenkinson ag léamh ón leabhar An tAthair Padraig Ó Duinnín - Bleachtaire i leabharlanna mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, idir 12 agus 22 Deireadh Fómhair i mbliana. Beidh sé seo ag tarlú mar chuid d'fhéile litríochta IMRAM. Is togra breá nua atá ann chun leabhair Ghaeilge a chur chun cinn, trí chomhoibriú a dhéanamh le leabharlanna agus clubanna leabhar ar fud Bhaile Átha Cliath.

Beidh IMRAM ag comhoibriú go díograiseach le leabharlanna chathair Bhaile Átha Cliath, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall, agus Átha Cliath Theas agus le ClubLeabhar.com a roghnaigh leabhar Jenkinson don fhiontar breá nua seo – Scéaltá Átha Cliath - chun leabhair Ghaeilge a chur chun cinn. Beidh Biddy ag léamh as an leabhar i leabharlanna mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus is é rogha ClubLeabhar.com do mhí Dheireadh Fómhair é chomh maith. Maidir leis an leabhar féin, is bleachtaire é an Duinníneach agus tá go leor cásanna suimiúla réitithe aige cheana. Is í Biddy Jenkinson a scríobh an leabhar agus tá aon scéal déag ann, agus aon chás déag le réiteach freisin. Beidh Biddy ag léamh i leabharlanna éagsúla i mBaile Átha Cliath, agus beidh imeachtaí ann do pháistí agus do dhaoine fásta freisin. Tá an t-eolas ar fad le fáil ó www.imram.ie.

Raidió na Life ar camchuairt

Treasa Bhreathnach

TÁ Raidió na Life ar an bhfód le 17 mbliana ó bhí an Satharn seo caite ann, agus mar chuid den cheiliúradh chuaigh siad ar camchuairt craolacháin timpeall ar Bhaile Átha Cliath. Chraol siad cláir speisialta ó Fhéile Ealaíon Raghnallach agus, ar an Oíche Chultúir, ón Dánlann Eolaíochta i gColáiste na Tríonóide. Dúirt Muiris Ó Fiannachta, bainisteoir Raidió na Life, "Is gné d'obair chraoltóireachta an stáisiúin seo go bhfuilimid tar éis cur go mór léi le blianta beaga anuas, a bhuíochas sin do thiomantas agus do ghníomhaíochas fhoireann agus chraoltóirí deonacha Raidió na Life.

Tá sé i gceist againn cur go leanúnach lenár rannpháirtíocht i measc an phobail le tuilleadh craoltaí seachtracha mar seo sna blianta atá amach romhainn."

Tá siad anois ag lorg imeachtaí nó ócáidí a bhfuil tusa ag iarraidh poiblíocht a dhéanamh orthu, agus níl le déanamh ach dul i dteagmháil le Raidió na Life trína suíomh idirlín, raidionalife.ie. Ní hamháin go bhfuil fáilte á cur acu roimh smaointe do rannpháirtíocht i measc an phobail, ach tá siad ag cur fáilte rompu siúd ar mian leo clár a chur i láthair ar an stáisiún freisin.

Maigh Nuad

An Seála Eorpach Teanga 2010 bronnta ar ClubLeabhar.com

Meadhbh Ní Eadhra

BRONNADH an duais Eorpach do theangacha, An Séala Eorpach Teanga 2010, ar an gclub leabhar Gaeilge ar líne ClubLeabhar.com ag ócáid in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Dé Luain, 27 Meán Fómhair. Is duais Eorpach é an Seála Eorpach Teanga a thugann aitheantas do mhodhanna cruthaitheacha nuálaíocha chun feabhas a chur ar chaighdeán múinte agus foghlama teanga.

Bunaíodh ClubLeabhar.com, tionscadal de chuid Ghaelchultúir, sa bhliain 2009 agus é mar aidhm aige lucht na Gaeilge in Éirinn agus i dtíortha eile ar fud an domhain a spreagadh le bheith ag léamh leabhair Ghaeilge. Dírítear ar leabhar nua gach mí agus bíonn deis ag baill an chlub plé a dhéanamh ar an saothar ar fhóram an tsuímh. Ina theannta sin, is féidir leo ceisteanna a chur ar údar leabhar na míosa agus cur isteach ar chomórtas míosúil don léirmheas is fearr. Tá leabhair an chlub oiriúnach do chainteoirí líofa agus d'fhoghlaimeoirí araon; cuirtear gluais chuimsitheach ar fáil ar ClubLeabhar.com chun cabhrú leo siúd nach bhfuil Gaeilge chomh líofa sin acu.

Is féidir le daoine aonair, mar aon le clubanna, ballraíocht a bhaint amach sa chlub leabhar seo ar líne. Ní thógann sé ach nóiméad clárú don chlub agus níl aon táille i gceist.

Faigheann ClubLeabhar.com tacaíocht airgeadais ó Chlár na Leab-

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010

Deontas €1 milliún gan ainm

Treasa Bhreathnach

Tá duine gan ainm tar éis €1 milliún a chuir isteach i gcuntas bainc d'fhondúireacht a bhfuil i gceist acu ospís a thógáil i gContae Chill Mhantáin. Bhunaigh roinnt daoine áitiúla an fhondúireacht agus iad ag iarraidh ospís le 12 leapa a thógáil i lár an Chontae. Meastar go gcosnóidh an foirgneamh suas le €12 milliún le tógáil agus tá Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte tar éis nod a thabhairt don fhondúireacht go mbeadh siad sásta an fuílleach a mhaoiniú dá mbeadh muintir na háite in ann €3 mhilliún a chruinniú. Go dtí seo, leis an deontas de €1 milliún, tá timpeall milliún agus ceathrú cruinnithe acu agus ciallaíonn sé sin gur fhéidir leo anois dul i mbun cainteanna leis an FSS faoi thógáil an fhoirgnimh.

Sé Kelly (4), An Port Thoir, agus Charlie Walsh (4), Domhnach Broc, ag iarraidh íomhá a fháil don téama 'Céard is sonas, domsa?' Thosaigh Google an comórtas 'Doddle for Google.' Tá an comórtas oscailte do bhunscoileanna agus meánscoileanna na tíre. Tuilleadh eolais ar www.google.ie/doodle4google (PIC. MARC O'SULLIVAN)

har Gaeilge, Foras na Gaeilge (www.leabhar.ie) agus ón gComhairle Ealaíon (www.artscouncil.ie).

Oiriall

Ciorcal Comhrá Chairlinn

Meadhbh Ní Eadhra

CUIREADH tús le Ciorcal Comhrá Chairlinn an tseachtain seo i mBialann Dan i gCearnóg an Mhargaidh i gCairlinn. Beidh sé ar siúl achan Céadaoin as seo amach sa Bhialann ag 7in. Beidh fáilte agus fiche roimh chách.

Loch Garman

Órfhlaith ina Cailín Clúdaigh ar Úrscéal a hAthar

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ ionadh ar na daoine a bhailigh i Leabharlann Loch Garman le déanaí i gcomhair seoladh *Aoibhinn Beatha an Scoláire* le Colm Mac Confhaola a fheiceáil go raibh pictiúr dá iníon Órfhlaith le feiceáil ar an gclúdach. Mhínigh Colm go raibh na foilsitheoirí ag iarraidh grianghraf oiriúnach a fháil agus gur mheas sé féin go n-oirfeadh grianghraf dá iníon agus dá grágheal, Seán Whelan, don ghnó. Bhain an leabhar seo duais i gComórtais Liteartha an Oireachtais i mbliana, i rannóg an úrscéil (Ficsean Éadrom). Labhair Méara Loch Garman, Joe Ryan, as Gaeilge agus dúirt go raibh gliondar air an leabhar a sheoladh. Dúirt sé gur beag duine a shamhlódh an cultúr Gaelach le Loch Garman óir bhí an oiread sin ionraí déanta ar an mbaile ó aimsir na Normannach i leith, agus an oiread sin sraitheanna éagsúla cultúir fágtha acu ina ndiaidh, ach dá rachadh duine ag gearradh síos tríd an lasagne cultúrtha go dtiocfadh sé ar an tsraith Ghaelach. Tá na blianta fada caite ag Colm ag múineadh ealaíne agus Gaeilge i bPobalscoil na Gráinsí sa chontae. Tá sé ag obair anois mar aistritheoir lánaimseartha. Deir sé go ndéanann sé a dhícheall roinnt scríbhneoireachta a dhéanamh nuair a fhaigheann sé an deis. Is é Aoibhinn Beatha an Scoláire an ceathrú úrscéal leis. Scéal is ea é faoi scata mac léinn a chuireann fúthu i mBaile Átha Cliath agus fonn orthu taitneamh an domhain a bhaint as bheith 'ag déanamh léinn agus ag suirí na mban fine'. Ní fada go mbíonn siad in achrann le chéile agus le Dolores sa teach béal dorais agus tubaistí i bhfad níos measa ag bagairt orthu.

Na Dirty 9s ag seinm i Pygmalion ar Lá Artúr i mBaile Átha Cliath. Beidh na Dirty 9s ar camchuairt ar fud na tíre i rith mhí Dheireadh Fómhair agus Samhain. Chomh maith leis sin, beidh siad ag glacadh páirte i bhféile *Hard Working Class Heroes* ar an 7 Deireadh Fómhair i The Workmans Club i mB.Á.C agus beidh siad ag seinm i dTigh Hiúdaí Bhig, Gaoth Dobhair i gCabaret Craiceáilte Rónán Mac Aodh Bhuí ar an 27 Samhain. Tuilleadh eolais ar www.thedirty9s.net.

Ó chlé, aisteoir Sean Ó Cadhlaín (mar an tAthairÓ Duinín), údar An tAthair Pádraig Ó Duinnín, an bleachtaire Biddy Jenkinson agus an t-aisteoir Seán Ó Broín (mar Sherlock Holmes) ag an mbinse a suíodh an tAthair Ó Duinín sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. (PIC. JIM BERKELEY)

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An Blascaod Mór, Co. Chiarraí

Sparántacht do dhaltaí Gaeltachta Chiarraí

Treasa Bhreathnach

TÁ sparántacht nua fógartha an tseachtain seo do dhaltaí as Gaeltacht Chiarraí ar mian leo freastal ar ollscoil. Is sparántacht é seo a bhunaigh an Dr Mícheál Ó Cearna ón mBlascaod Mór ó dhúchas agus is é 'Sparántacht an Bhlascaoid' a thabharfar air.

Tá luach €1000 ar an sparántacht a bheidh á bronnadh ar scoláire amháin ó Chorca Dhuibhe gach bliain bunaithe ar thorthaí na hardteiste agus ar agallamh. Tá riachtanais áirithe i gceist leis an sparántacht, caithfidh na daltaí na scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge agus ar a laghad B1 a fháil i nGaeilge, is gá chomh maith go mbeadh spéis sna Blascaoid acu. Mar aon leis na riachtanais seo, tá coinníoll eile i gceist, is gá don dalta chomh maith a bheith ag fáil dheontas labhairt na Gaeilge.

Tá an Dr Mícheál Ó Cearna ag iarraidh go ndéanfaí cúrsa ollscoile faoi leith chomh maith, cúrsa sa Ghaeilge, sa stair, sna healaíona nó ábhar éigin eile a bhfuil nasc aige leis an teanga agus na Blascaoid.

Cé go bhfuil cónaí ar an Dr Ó Cearna in Springfield Massachutsetts i Stáit Aontaithe Mheiriceá ó 1948, rugadh é ar an mBlascaod Mór agus tá grá fós aige dá cheantar dúchais. Bhí sé i gCiarraí an tseachtain seo caite chun a 90ú breithlá a cheiliúradh agus chun an sparántacht a fhógairt ar An Saol ó Dheas ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Is é an Dr Ó Cearna an chéad duine chun airgead a chur sa chiste don sparántacht ach tá sé ar intinn ag a chlann cur leis an chiste amach anseo agus go mbeidh tacaíocht le fáil ó chairde agus lucht aitheantais eile i Meiriceá.

Is iad Fondúireacht an Bhlascaoid a dhéanfaidh bainistiú ar an sparántacht.

Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Creideamh

BHÍ gach suíochán in áirithe do Cheiliúradh an Bhlascaoid a bhí ar bun in Ionad an Bhlascaoid an deireadh seachtaine seo caite. Cúrsaí Creidimh a bhí idir chamáin. An saol roimh agus tar éis an Ghorta Mhóir is mó a bhí á phlé ag na cainteoirí éagsúla.

Dúirt Proinséas Uí Chinnéide, duine den gcoiste eagair, gur bhain sí an-sásamh as a raibh le rá ag an Ollamh Irene Whelan gur ón nGaillimh di ó dhúchas, ach atá ina hOllamh le Stair in Ollscoil Manhattanville i Nua-Eabhrac.

Dar le Proinséas gur léirigh Irene an choimhlint idir na haicmí creidimh agus an pholaitíocht a bhain leis. Dar léi go ndearnadh anailís ansuimiúil ar athruithe sa tsaol, i meon an phobail agus na fáthanna leo, sa léacht a thug an Dr. Siobhán de Barra, dar teideal '*Ag Tuilleadh agus ag Trá, a chaitheann an Fharraige an Lá*'.

I dtuairisc a thug Siobhán Ní Chathalláin dúirt sí go raibh meánaicme láidir den bProtastúnachas i Sasana agus in Éirinn, nár aontaigh go dtiocfaí i gcabhair ar Chaitlicigh a bhí ag fáil bháis leis an ocras, mar go mbeadh siad ag craobhscaoileadh a thuilleadh pápachais dá mairfidís. Dúirt sí go ndúirt Teachta Parlaminte i nDáil na Breataine go mba rud maith 'An Gorta Mór', mar go raibh an-iomarca Éireannach ann.

Chíor an Dr. Breandán Ó Cíobháin an saol agus na beartais i bParóiste Fhionn Trá ó 1838, mar a raibh tréaniarracht ar 'Nua-Reifeirméisean' a chur i bhfeidhm.

Ar na cainteoirí eile bhí an Dr Seán Ó Duinn a labhair ar 'An Chráifeacht Cheilteach', Billy Mag Fhloinn ar 'Lá 'le Mártan i gCiarraí Thiar', an Dr. Ian Malcolm a d'oscail an ceiliúradh, an Dr Pádraig Ó hÉalaí a thagair do 'Creideamh na Muintire' agus Gearóid Ó Catháin, an páiste deireanach a saolaíodh ar an mBlascaod, ag tráchtaireacht ar scannán fé 'na Stáisiúin' ar an mBlascaod Mór.

Bhí ceol agus amhráin ag freagairt don dtéama, ó dhaoine mar Fheargal Mac Amhlaoibh, Lilis Ó Laoire, Muireann Nic Amhlaoigh, Sláine Ní Chathalláin, Donie O'Connor, Billy Mag Fhloinn, Páidí Mhárthain' Mac Gearailt, Ian Ó Catháin agus Emma Ní Dhómhnaill.

An-sásta agus an-tógtha a bhí stiurthóir Ionad an Bhlascaoid Mhóir Mícheál de Mórdha leis an gceiliúradh.

Faiteach

TÁ, is léir, faitíos nó níos cirte amhras ar chuid de ghníomhairí pobail Chorca Dhuibhne fé thodhcaí na Gaeltachta agus na Gaeilge. Dar le hurlabhraí ó Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne go bhfuil an saol corrach agus dá mbainfí an bonn ó Roinn na Gaeltachta go mbeadh saol na Gaeltachta ina chíor thuathail. Dúirt sé gur thuig sé go raibh dea-mhéin léirithe ag Airí éagsúla ach go raibh cúrsaí anmhíshoiléir agus mí-chinnte. D'aontaigh sé go gcaithfeadh pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a gcás a chur in iúl agus stocaireacht leanúnach a dhéanamh ar an saol polaitíochta. "Déarfaidh daoine gur fadhb dhomhanda í seo agus is dócha go bhfuil an ceart acu, ach an gad is gaire don scornach agus an beart láithreach an dá rud is táb-hachtaí dúinne. Is beag an mhaith bheith inár nOisíní i ndiaidh na Féinne," ar sé.

An tOireachtas

BEIDH méadú mór ar an líon iarratas ó Chorca Dhuibhne in Oireachtas na Gaeilge i mbliana. Beidh an tOireachtas á reáchtáil i gCill Airne i mbliana agus an bhliain seo chugainn agus is trua ná fuil gach comórtas ar aon láthair, rud is dócha a chabhródh le caidreamh níos treise idir na ceantair éagsúla.

Dar le Máire Uí Shíthigh, Oifigeach Forbartha Oidhreacht Chorca Dhuibhne, gur dócha go mbeidh mórán iarrachtaí i réimsí na scéalaíochta, na n-agallamh beirte agus na lúibíní ón ndeisceart i mbliana, ní nach ionadh is dócha.

"Beidh dhá sheó ardáin againn, agus ionchur i scata eile iarrachtaí, ach ní bheinn ar an eolas go hiomlán ar cad atá ar siúl ag na scoileanna ar fad," ar sí le *Gaelscéal*, "ach táim go láidir den tuairim go mbeidh an-Oireachtas againn i gCill Airne."

"San idirlinn tá go leor iarrthóirí ag foghlaim línte, scéalta, poirt agus focail, le bheith réidh don ócáid. Tá sé go léir go hiontach," arsa Máire.

Mar is eol do go leor beidh scata réamhbhabhtaí ann i mbliana mar go bhfuil, is léir, an- chuid iarratas i gcomórtais mar agallaimh bheirte fé 12 agus rince ar an sean- nós. Dar le hiarrathóir amháin, dá mbeadh gach iarratas idir óg agus fhásta ar an ardán poiblí bheadh ar a laghad seachtain eile riachtanach sara mbeadh cúrsaí thart!

Tá go leor clamhsáin agus díomá orthu siúd a thagann don ndeireadh seachtaine gur ar an nDéardaoin a reáchtáiltear 'Comórtas na Lúibíní', comórtas as a mbaineann an lucht éisteachta ardsásamh de ghnáth.

Seimineár d'úinéirí struchtúir faoi chosaint

Treasa Bhreathnach

TÁ sé i gceist ag Comhairle Contae Chorcaí trí sheimineár leath lae a eagrú chun eolas ginearálta a chur ar fáil d'úinéirí struchtúr atá faoi chosaint i gContae Chorcaí. Faoi láthair tá os cionn 1,300 struchtúir faoi chosaint taobh istigh de cheantar riaracháin Chomhairle Contae Chorcaí le 2200 eile lonnaithe taobh istigh de cheantair na naoi gComhairle Baile. Deir Mona Hallinain ó Chomhairle Contae Chorcaí go mbeidh eolas ginearálta ann faoi "athrú struchtúir faoi chosaint; infhaighteacht deontais agus tacaíocht theicniúil; chomh maith le réamhléiriú gearr ar na dualgais dhlíthiúla a bhaineann le struchtúir dá leithéid." Tá na seimineáir saor in aisce don phobal agus fáilte roimh chách, idir an pobal, úinéirí na bhfoirgneamh faoi chosaint agus aon duine eile a bhfuil suim acu san eolas. Beidh na seimineáir leath lae ar siúl i dtrí ionad sa chontae: Springfort Hall, Dún ar Aill ar an Déardaoin 30 Meán Fómhair, 2010 (1.30 - 5.00in), Fernhill House Hotel, Cloich na Coillte ar an gCéadaoin, 6 Deireadh Fómhair, 2010 (1.30-5.00in) agus in Óstán Radisson, an tOileán Beag ar an Satharn, 9 Deireadh Fómhair, 2010 (9.30rn-1.00in).

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Tír Chonaill

Na mílte minc saor i dTír Chonaill

Eoin Mac Garvey

TÁ imní léirithe ag go leor daoine i gceantar iarthuaisceart Thír Chonaill an tseachtain seo faoin scéal gur ligeadh na mílte minc saor ó fheirm i gceantar Mhín an Bhealaigh cóngarach d'Ard an Rátha.

Tuigtear do *Gaelscéal* gur d'aonturas a ligeadh na minceanna saor agus deir úinéir na feirme gur "sceimhlitheoir ainmhithe" atá sna daoine a lig saor iad.

Dúirt Connie Anderson, duine de stiúrthóirí na feirme, gur gearradh na sreangáin ar na sconsaí agus gur osclaíodh na geataí lena ligint saor. "Sabaitéireacht a bhí anseo agus níl sé ceart ar chor ar bith," a dúirt sé.

Tá thart ar 32,000 minc san fheirm agus meastar gur éalaigh suas le 5,000 acu. Go dtí seo tá fíorbheagán acu faighte cé go bhfuil roinnt clubanna gunnaí sa chontae agus gaistí ann.

Roinnt blianta ó shin d'éalaigh na céadta minc as feirm sna Gleannta agus rinne siad a mbealach ar fud an chontae isteach in aibhneacha agus i lochanna.

Fiú go fóill bíonn go leor minceanna le feiceáil ar charraigeacha, ar lochanna agus in aibhneacha san iarthuaisceart.

Tá iascairí sa chontae dubh tinn díobh mar go minic cuireann siad as do chúrsaí iascaireachta ar lochanna agus in aibhneacha. Is minic bradán agus breac geal faighte cois locha nó cois abhann agus píosa de ite - obair an mhinc.

Tá sé ráite ag tiománaithe an tseachtain seo go raibh minceanna le feiceáil ar na bealaí móra i gceantar Ard an Rátha, cuid acu beo agus cuid acu marbh. Ní bheadh minceanna fiáine chomh ceansaithe sin go mbeadh siad fá na bealaí agus trácht orthu. Dá bharr sin, níl ceist ar bith faoi ach gur seo cuid de na minceanna ón fheirm.

Tá cumann iascaireachta Shliabh Liag sa chomharsanacht ag léiriú imní faoin slad a thiocfadh na minceanna seo a dhéanamh. Deir urlabhraí dá gcuid, Noel Carr, go mbeidh na minceanna seo ag cuardach bia agus go mbeidh slad déanta ar na bradáin agus ar na lochanna.

Chuir an grúpa náisiúnta um Chearta Ainmhithe fáilte roimh na minceanna bheith ligthe saor agus dúirt go ndearnadh an beart díreach in am, sula ndéanfaí na minceanna a mharú.

Sciorradh Talún i mBaile na Finne

Judy Ní Ógáin

THARLA sciorradh talún i mBaile na Finne an tseachtain seo caite tar éis do bháisteach throm titim ansin. Dúirt úinéir na talún, ar tharla an sciorradh talún - Micheál Mac Suibhne, go raibh an méid a tharla "scanrúil."

"Tá muide inár gcónaí cóngarach don chnoc agus níl aon teach eile gar dúinn. Tá muid anseo le os cionn 60 bliain agus níor tharla seo anseo ariamh roimhe. Thit achar talún de 200 méadar cearnach le 20 méadar ar leithead isteach san abhainn. Tá sé doiligh a chreidbheáil," ar seisean.

Dúirt Seamus McElwee, atá ina chónaí ar an taobh eile den abhainn, go raibh sé ag báisteach go trom ar feadh dhá uair an chloig roimh ré agus ansin go raibh torann uafásach le cloisteáil nuair a thit píosa mór don chnoc isteach san abhainn.

"Níl muid cinnte fós an bhfuil aon dochar déanta d'éisc agus d'fhiadhúlra. Tá an-chuid gairbhéil sa gcnoc agus tá sé gainmheach agus beidh na tonaí de san abhainn" a dúirt sé. Dúirt urlabhraí de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall go raibh siad ag amharc ar an chás. "Caithfidh muid a fháil amach an bhfuil aon dochar déanta do bhóithre nó do sholáthairtí córas uisce," a dúirt sí.

"Murab sin an cás, ní muide a bheadh i gceist - ach Oifig na nOibreacha Poiblí nó Gníomhaireacht na Locha," ar sise.

Seoladh leabhar i Rann na Feirste

SEOLFAIDH Dinní Ó Dónaill an leabhar nua-fhoilsithe Seán Bán Mac Grianna Scéalta & Amhráin Le Seán Mac Corraidh in Áislann Rann na Feirste i dTír Chonaill ar an Satharn 9 Deireadh Fómhair ag 8.30in. Is iad Coiscéim a d'fhoilsigh an leabhar.

Dúnmharú Shaun Duffy in 2005

Eoin Mac Garvey

LABHAIR Shaun Duffy as Mín na Croise, an Clochán Liath i dTír Chonaill le cigire de chuid na nGardaí i dteach a mháthar ceithre huaire is fichead sular maraíodh é go brúidiúil ina theach cónaithe i mí Eanáir 2005.

Agus, de réir an choiste chróinéara a bhí ar siúl ag deireadh na seachtaine, is ar a mháthair agus ar na Gardaí a cuireadh na glaonna deireanacha óna fhón póca sular maraíodh é.

Fuarthas Shaun Duffy, 36, fear gnó, marbh ina theach cónaithe nuair nach raibh a dheartháir in ann teagmháil a dhéanamh leis. Bhí sé sáite go holc, scaoilte le crosbhogha agus buailte go holc faoin chloigeann. Bhí fuil ar fud an tseomra suite agus Duffy, a bhí ina fhear mór láidir, ina luí marbh.

Tá an teaghlach anois, agus an coiste króinéara thart, ag impí ar dhuine ar bith a bhfuil eolas acu faoin mhéid a tharla dó teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí. Labhair na Gardaí le breis agus 1,000 duine sa cheantar faoi dhúnmharú Duffy ach go fóill, níor gabhadh aon duine nó is cosúil nach bhfuil mórán dul chun cinn déanta san fhiosrúchán. Léirigh baill den teaghlach imní roinnt uaireanta faoin easpa dul chun cinn sa chás.

Níor tugadh le fios cad é faoi ar labhair Shaun Duffy agus an cigire de chuid na nGardaí ceithre huaire is fichead sular maraíodh é. Bhí ráflaí go leor faoin cheantar faoin fháth gur maraíodh Shaun Duffy ach níor tháinig a dhath as na ráflaí seo ná as na fiosrúcháin a rinne na Gardaí bunaithe ar na ráflaí sin.

Bhí aithne go fairsing ar Duffy ar fud an Iarthuaiscirt mar go raibh sé páirteach i roinnt cineálacha gnó mar adhlacóir agus mar dhíoltóir capall. Chaith sé sealanna chomh maith ag obair mar fhear faire ag clubanna oíche agus tithe tábhairne, agus ba chara mór é leis an chraoltóir teilifíse Gay Byrne.

Duine iontach cairdiúil a bhí in Shaun Duffy agus duine a bhí sásta tacú le cibé rud a bhí ag tarlú sa cheantar. Ba le linn dó bheith ag obair le Féile Mháire an Chlocháin Léith a rinne sé cairdeas le Gay Byrne agus le go leor réaltaí eile teilifíse.

Thug a mháthair, Kathleen Duffy, le fios le linn an choiste chróinéara go raibh go leor naimhde aige agus go raibh na doirse ag a theach cónaithe i gcónaí faoi ghlas mar go raibh imní air faoi cad é a thiocfadh tarlú dó.

Tá níos mó ná cúig bliana imithe tharainn ó maraíodh Shaun Duffy agus tá na ceisteanna céanna ag an teaghlach inniu agus a bhí an t-am sin. Tá sé tugtha le fios ag an Cheannfort Gardaí, Michael Finan, go bhfuiltear ag leanstan ar aghaidh leis an fhiosrúchán agus rinne sé achainí d'eolas, beag nó mór, a bheidh ina chuidiú leis an chás seo a réiteach.

Fógra tugtha ag Breitheamh d'oileánaigh

Judy Ní Ógáin

TÁ fógra tugtha ag Breitheamh do thiománaithe cairr in Oileán Árainn Mhór i gContae Dhún na nGall an ráta iomlán mótarchánach a íoc ar a gcuid carranna, má tá sé i gceist acu na carranna a thiomáint ar an mórthír. Thug an Breitheamh Seamus Hughes an fógra ag Cúirt Dúiche an Chlocháin Léith, áit a raibh roinnt tiománaithe ón oileán cúisithe as a bheith ag íoc mótarchánach ag an ráta mícheart.

Ní gá d'oileánaigh ach ráta íseal mótarchánach de €88 a íoc, muna n-úsáideann siad a gcuid carranna ach san oileán amháin. Ach sa chás go dtiomáintear na carranna ar an mórthír, bíonn ar na tiománaithe sin an ráta mótarchánach iomlán a íoc.

Bhí ceithre oileánach os comhair na Cúirte Dúiche ach dúirt Gardaí leis an bhreitheamh go raibh 20 cás eile le bheith os comhair cúirte ag an chéad suí eile.

Dúirt triúr de na hoileánaigh go raibh a gcuid carranna fágtha ag cé Ailt an Chorráin dóibh le bailiú, tar éis obair dheisiúcháin a bheith déanta orthu, agus dúirt an ceathrú oileánach gur thiomáin sí a carr go dtí an mhórthír chun é a dhíol.

Dúirt an Breitheamh Hughes go raibh sé chun sochar an amhrais a thabhairt do na cosantóirí an uair seo amháin, agus stríoc sé amach na cásanna. Ach thug sé fógra d'oileánaigh a gheobhadh toghairmeacha eisithe ón lá sin amach, i dtaobh gearr-íocaíochtaí mótarchánach, go gcaithfí ticéad bád farantóireachta a thaispeáint mar chruthúnas nach raibh an carr as an oileán ach ar feadh dhá nó trí lá, d'obair dheisiúcháin.

Inis Eoghain

Tionscnamh Muirí beartaithe d'Inis Eoghain i dTír Chonaill

Judy Ní Ógáin

TÁ tionscnaimh ollmhór muirí beartaithe do Chontae Dhún na nGall, le os cionn €1.6 milliún le bheith infheistithe sa Chontae, chun gnó a chothú san earnáil sin.

Beidh an maoiniú á úsáid chun forbairt a dhéanamh ar an bhealach isteach chuig ceantar Inis Eoghain agus chun seirbhísí ancaire ansin a fhorbairt chomh maith, leis an aidhm chun níos mó gnó a mhealladh agus go mbeadh tionchar mór aige ar bhialanna áitiúla, sholáthróirí lóistín agus ar sholáthróirí seirbhísí slatiascaireacht mhara an cheantair.

Mar pháirt den Tionscnamh Turasóireachta €7 milliún - 'Sail West,' déanfar infreastruchtúr a sholáthar do thurasóireacht a bhaineann le cúrsaí bádóireacht, slatiascaireacht, agus muirí, chun líon na dturasóirí chuig an réigiún a ardú.

Tá an Tionscnamh Turasóireachta 'Sail West' atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, mar thoradh ar chomhoibriú leanúnach idir 20 páirtí éagsúil ó Iarthar na hAlbain, Tuaisceart Éireann agus Éirinn.

"Tá go leor le n-ofráil ag cósta an Iarthair ó thaobh tránna le bratacha gorma, láthair tonnmharcaíocht, iascaireacht, agus ag tumadóireacht ó Phointe Charraig an Rois", a dúirt an tUasal Frank McGrogan, Bainisteoir Tionscnamh sa Rannóg Fiontar agus Pobail le Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Doire

Seanchaithe agus scannánóirí óga

BHÍ deis iontach ag aos óg Charn Tóchair le deireanas páirt a ghlacadh i dtionscadal spreagúil oideachasúil scannánaíochta maoinithe ag Bord Oideachais an Oirthuaidh (NEELB).

Le linn an chúrsa d'fhreastail na déagóirí ar cheardlanna le scileanna éagsúla a bhaineann le scannánaíocht a fhoghlaim agus a chleachtadh, ar a n-áiríodh obair cheamara, fuaim, soilsiú agus eagarthóireacht.

Le linn an chúrsa rinne na scannánóirí óga gearrscannáin a phleanáil agus a thaifeadadh agus chuir siad eagar orthu, scannáin a bhí bunaithe ar bhéaloideas agus ar dhinnseanchas na háite. Agus na déagóirí ag obair taobh thiar den

Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an tSratha Bháin Micheála Ní Bhaoill, i lár an phictiúir, Lá Gaeilge sa Srath Bán, Co. Thír Eoghan, in Amharclann na Caolsráide i rith na seachtaine. D'fhreastail thart ar 120 duine ar an ócáid.

Caitríona Ní Chleirchín ó Mhuineachán, buaiteoir i gComórtas na Scríbhneoirí Úra atá maoinithe ag Foras na Gaeilge dá saothar 'Crithloinnir', le Mícheál de Mórdha, Uachtarán an Oireachtais 2010, ag Comórtais Liteartha an Oireachtais i bPáirc an Chrócaigh.

cheamara, d'úsáid siad tallann páistí Bunscoile na háite a rinne aisteoireacht sna scannáin.

Iarracht ollmhór a rinne na daoine óga go léir a bhí páirteach agus mhol lucht eagraithe an chúrsa go hard iad. Bhí toradh a saothair á thaispeáin ag lainseáil na scannán Dé hAoine 10 Meán Fómhair sa Charn. Thaitin sé leis na páistí agus na tuismitheoirí mar aon, na scannáin gairid a fheiceáil ar an scaileáin mór! Cuirfear soláistí ar fail ar an oíche agus bhí ceiliúradh iontach ann.

Má ta spéis ag duine ar bith chun an DVD a cheannach tá sé ar díol in An Carn ar £5.

Béal Feirste

Ranganna saor in aisce ar an Droichead

BEIDH scoth na múinteoirí ag teagasc agus ag cur na Gaeilge chun cinn sa lárionad Gaeilge i ndeisceart Bhéal Feirste, An Droichead an fhómhar seo.

Tá leagan nua suimiúil ar an ardrang comhrá a bheas á reáchtáil ann gach oíche Dé Domhnaigh.

Ar an chéad Domhnach sa mhí, beidh an t-iriseoir ón *Irish News*, Robert McMillen i mbun ciorcal comhrá agus beidh nuacht agus cúrsaí reatha faoi chaibidil aige.

Ar an dara Domhnach den mhí, beidh an t-iriseoir/craoltóir/láithreoir, Tomaí Ó Conghaile ag tabhairt "spléachadh éadrom ar shaol na Gaeilge."

Gach tríú Domhnach, rachaidh na múinteoirí cáiliúla, Breandán Ó Fiaich agus Éamonn Ó Faogáin, i mbun ceoil le 'Ó Bhéal go Béal', seisiúin ina gheobhaidh siad siúd a bhfuil suim acu in amhráin Ghaelacha an deis chun na hamhráin sin a fhoghlaim.

Beidh Seán Mac Coinnigh mar fhear an tí ar an Domhnach deireanach den mhí agus 'An Cumann Leabhar' ar siúl.

I measc rudaí eile, beidh Seán ag clúdach saothar Fhionntáin de Brún, Litir ó mo Mháthair Altrama agus Scéalta eile.

Do Ghaeilgeoirí a bhfuil meánleibhéal Gaeilge bainte amach acu agus ar mhaith leo feabhas a chur uirthi, beidh rang ag toiseacht Dé Céadaoin 6 Deireadh Fómhair, 7.00 - 9.00in le Fionntán McCotter.

Sa mhullach air sin uilig, beidh ceardlanna damhsa seit do thosaitheoirí, achan tráthnóna Dé Domhnaigh ó 6.30 - 8.30in. Fáilte roimh chách - ní gá Gaeilge a bheith agat don imeacht seo.

Tá achan rang sa Droichead SAOR IN AISCE, Lárionad an Droichid, 20 Sráid Cooke, Bóthar Ormeau. Fón : 02890 288 818

Aisteoirí óga Charn Tóchair, Ben Ó Boyle, Katie Purvis, Conor Goorgan, Keely Bradley, Ferdie Ó Cathain, Ruairí Ó Mianáin, Clíodhna Ní Mhianáin, Séamus Groogan agus Anna Ledgewood ag glacadh páirte i scannánaíocht do Bhord Oideachais an Oirthuaiscirt (NEELB). Tá siad le feiceáil ar an DVD 'Scéalta ón Bhéaloideas'.

3 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Marion Mhic Cionnaith, Keith Ó Gradaí agus Malachaí Ó hAgáin, as Carn Tóchair, i nDoire. Ta siad mar chuid d'foireann scannánaíochta ag taifeadadh an DVD 'Scéalta ón Bhéaloideas', agus ag glacadh páirte i dtionscadal spreagúil oideachasúil scannánaíochta maoinithe ag Bord Oideachais an Oirthuaidh (NEELB). Le linn an chúrsa d'fhreastail na déagóirí ar cheardlanna le scileanna éagsúla a bhaineann le scannánaíocht a fhoghlaim agus a chleachtadh, ar a n-áiríodh obair cheamara, fuaim, soilsiú agus eagarthóireacht.

Deirdre, Marion agus Órfhlaith Ní Chonfhaola, i láthair ag seoladh leabhair Colm Mac Connfhaola i Leabharlann Loch Garman le déanaí. *Aoibhinn Beatha an Scoláire* an t-ainm atá ar an leabhar agus bhain Colm duais liteartha amach san Oireachtas Dé Máirt mar gheall air.

Úna Campbell, Comhstiúrthóir 'An Gailearaí'; Declan Doherty, Grianghrafadóir; Celine Haran, Comhstiúrthóir 'An Gailearaí' agus Cormac Duffin, ag seoladh taispeántais grianghrafadóireachta le Declan Doherty dár dteideal 'N56' le linn Oíche Chultúr ar an Fhál Charrach, Dún na nGall, le gairid. (PIC. JUDY NÍ ÓGÁIN)

An tOllamh Tom Collins, (cathaoirleach an NCCA) agus Déan Múinteoireachta agus Foghlam agus Uachtarán togha de OÉ Maigh Nuad, le Brídín Gilroy, Ambasadóir Teanga Coiste Roghnóireacht (Language Ambassador Selection Committee) agus Art Ó Súilleabháin, a bhuaigh ceann de na gradaim le haghaidh Ambasadóir Teanga 2010 i rith na seachtaine.

Marcas Mac Ruairí, Cormac Maher, Fionán O Nualláin agus Lorcán Mac Gabhann tar éis dóibh Gaillimh a bhaint amach. Shiúil siad ó Bhaile Átha Cliath, síos cois na Canála Móire (Grand Canal) chomh fada le Beannchar, Co. Uíbh Fháilí. Trasna na Sionainne - trasna portach Oirthear na Gaillimhe thar an Hymany Way – ar aghaidh go Eachroim – ar aghaidh go Béal Átha an Rí agus isteach go Gaillimh, i 6 lá, ag taistil 40km gach lá. Bhailigh siad thar €4,000 i gcomhair Scoilt na hÉireann agus Cumann carball scoilte liopaí (Irish Cleft and Lip Palate Association).

Ar chlé: Christopher Ó Máille agus Éabha Ní Mhaoláin i Ros Muc, Gaillimh, ag ócáid Phléaráca Teo. don Oíche Chultúir Dé hAoine seocaite

4 TUAIRIMÍ

Líne tosaigh na Gaeilge

Eoghan Ó Néill

Tháinig meascthóir stroighne isteach ar gheataí tosaigh na Cultúrlainne i mBéal Feirste, maidin Dé Céadaoin, chomh maith.

Ach seachas bheith ann mar chuid d'agóid faoi dhramhbhanc Anglo-Irish, bhí an leoraí áirithe seo ann chun dúshraith a leagan don Chultúrlann nua.

Idir seo agus mí Iúil 2011, déanfar forbairt £1.7m ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste, forbairt a fhágfaidh go mbeidh Cultúrlann níos mó agus níos tarraingtí ann, Cultúrlann a bheidh suite níos fearr chun riar ar lucht Gaeilge Bhéal Feirste.

Nó bíodh is go mbeidh dreach tarraingteach todhchaíoch anois le taobh chuma ghrástúil an tseanteampaill Phreispitéirigh, níl sa dreach tarraingteach ach bónas.

Go príomha, tá an Chultúrlann ann le bheith ina lárionad do phobal na Gaeilge agus ar mhaithe le hioncam a chruthú do Ghaeilgeoirí.

Is dlúthchuid den athbheochan í.

Na saolta seo, ní féidir brath ar aon rud amháin chun an Ghaeilge a thabhairt i réim arís. Ach sa Ghalltacht, is léir go bhfuil múnla na Cultúrlainne ar na rudaí is fiú a thriail chun dlús a chur le pobal na Gaeilge.

Oibríonn an Chultúrlann go maith i mBéal Feirste. Cad chuige nach n-oibreodh sí chomh maith céanna i mBaile Átha Cliath? I bPort Láirge? I nGaillimh? I gCill Airne? Ná i Leitir Ceanainn? Gan ach cúpla áit a lua.

Ach in ainm Dé, cé atá ag dul a ghníomhú lena macasamhail a bhunú agus a fhorbairt?

Duine ar bith, de réir dealraimh.

In 1991, níor thóg sé ach cúpla mí ón am ar beartaíodh ar an fhoirgneamh a fháil ar cíos, a dheisiú agus a mhaisiú go dtí go raibh Meánscoil Feirste, Lá, An Ceathrú Póilí agus fiontair eile bogtha isteach ann.

Míonna seachas blianta.

Agus ba cheart do Ghaeil na 26 Contae foghlaim ón chur chuige sin.

Tá cultúrlanna, faoi chruthanna éagsúla, anois ann i roinnt bailte sa Tuaisceart. Tá An Droichead ag déanamh éachtaí i ndeisceart Bhéal Feirste le 15 bliain anuas.

An Chultúrlann mar atá inniu ...

... agus mar a bheas sé agus an síneadh úr tógtha air.

Tá Cultúrlann Uí Chanáin i mbun oibre i nDoire le bliain agus breis anuas agus an-bhorradh fúithi.

Tá Teach Mhic Ardghaill ar an Iúr ag dul sa treo ceart.

Agus tá muintir Ard Mhacha ag beartú Cultúrlann a bhunú amach anseo. Mar sin, tá an Tuaisceart chun tosaigh go maith sna gnóthaí seo. Cén uair a dhéanfaidh dream éigin Gaeilgeoirí sna 26 Contae cultúrlann, ar mhúnla na gcultúrlann ó thuaidh, a bhunú?

Seachas a bheith ag caint faoi.

Tá Áras Chrónáin ann i gCluain Dolcáin agus iad ag déanamh scoth na hoibre. Agus tá rudaí iontacha ar bun ag Gaelchultúr chomh maith.

Ach cén uair a chuirfidh Gaeil Bhaile Átha Cliath Cultúrlann ar bun in áit fheiceálach, le spás amharclainne, le dánlann agus bialann agus le spás do ghnónna - iad uilig faoin aon díon amháin?

Chuirfeadh a leithéid borradh iontach faoin teanga sa chathair.

Na saolta seo, tá go leor foirgneamh ar fáil i lár Bhaile Átha Cliath ar chíos íseal nó ar phraghas íseal. Thug an tAire Éamon Ó Cuív le fios go minic go raibh seisean iomlán i bhfách le cultúrlanna a bhunú agus is cinnte go mbeadh Pat Carey chomh díograiseach céanna ach grúpa teacht chuige le moladh maith ciallmhar.

Agus má tá cur chuige fiontraíoch ag an dream a thugann faoina leithéid, gheobhaidh siad urraí agus páirtnéirí gnó chun cómhaoinú a dhéanamh.

Mar sin, cad chuige an mhoill?

Níl freagra na ceiste agam, ach cuireann sé lagmhisneach orm dul go Baile Átha Cliath agus gan macasamhail Chultúrlann McAdam Ó Fiaich bheith i gceartlár na príomhchathrach againn.

Tá rud amháin cinnte agus is é sin nach dtiocfaidh sé mar gheall ar chaint. Tá Cultúrlann Bhéal Feirste ann cionn is go ndearna daoine gníomh.

Gníomh a bhí, ar bhealaí, chomh tábhachtach céanna le bunú Gaelscoileanna.

Nó ní hé amháin go gcuireann Cultúrlann Bhéal Feirste spás ar fáil d'Aisling Ghéar, don Cheathrú Póilí, do Chaifé Feirste, do Dhánlann Gerald Dillon, do Raidió Fáilte, do TACA is do POBAL, don chomhlacht léiriúcháin Tobar is do Nuacht24 srl, ach cuireann sé dúshraith eacnamúil faoi shaol na Gaeilge sa chathair.

Bíonn Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag láimhseáil tuairim is £2m sa bhliain.

Tagann cuid de sin ó dheontais, an chuid eile ó ghníomhartha eacnamúla na ngrúpaí atá lonnaithe ann. Dúshraith é don gheilleagar Gaelach i mBéal Feirste. Agus mura mbeadh an Chultúrlann ann, gach seans nach mbeimis ag tabhairt faoi fhorbairt na Ceathrún Gaeltachta i mBéal Feirste.

Má dhéanann dream ar bith, áit ar bith sa tír, aithris ar Ghaeil Bhéal Feirste agus Cultúrlann a bhunú, beidh díbhinn eacnamúil, shóisialta, agus phobail acu.

Thar mar a shamhlaigh siad riamh. Mar sin, má tá 'gníomhaí' Gaeilge ag iarraidh líne tosaigh na Gaeilge a aimsiú agus a dhul ag oibriú ann, gabhadh sé ag bunú cultúrlann, ag bunú Gaelscoileanna, ag bunú eagrais shóisialta don aos óg agus is ag bunú pobail Ghaelacha a bheidh sé dá réir.

Sin líne tosaigh an lae inniu.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010

300,000 post? Tosaigh le 700

Scuaine an dóil taobh amuigh den Oifig an Leasa Shóisialaigh i gCearnóg an Easpaig i mBaile Átha Cliath. (PIC. SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Conall Ó Móráin

1,2,3,4,5,6,7,8,9,10,11,12,13 bliain. Sin an fhaid go bhfuil Fianna Fáil i gcumhacht. Thóg sé trí bliana déag agus olltoghchán os a gcomhair amach chun straitéis a fhoilsiú go gcruthódh 'an rialtas' 300,000 post.

Mar thús ní chruthaíonn aon rialtas poist ach amháin más é atá i gceist acu a dhéanamh arís ná an méid a tharla sa ré dhorcha eacnamaíochta dheiridh sna hochtóidí nuair a 'chruthaigh' cara liom post sa Státseirbhís agus an méid a bhí air siúd a dhéanamh ná an post 'a líonadh'.

Ba chuma leis siúd dá mba King Kong a bheadh i bhfeighil ar pháistí a bheadh ann, bhí cuótaí le líonadh aige agus bhí deifir air. Chuir sé glaoch orm lá, chuir sé ceist orm an raibh aithne agam ar aon duine a bhí ag lorg poist mar 'Oifigeach Iascaireachta'. Bhí cara liom ag an am a bhí ar bord bád iascaireachta a rinne formhór a chuid iascaireacht sa Mhuir Thuaidh. Gnó dainséarach dian an sórt sin iascaireachta agus bhí fonn ar mo charasa teacht abhaile agus suí tamaillín cois tine, nó ar a laghad obair a ghlacadh mar 'Oifigeach Iascaireachta'. Ní raibh mórán de dhifear ann. A bheag nó a mhór sin an méid a bhí le déanamh leis an bpost d'fháil. Chuir sé foirm iarratais isteach agus seachtain nó dhó ina dhiaidh bhí post deas sábháilte sa Státseirbhís ag an gcara úd.

Dhá rud faoi seo. Mise, tusa agus gach cáiníocóir a bhí ag díol a thuarastail mar nach raibh aon fhíorsheirbhís ná earraí dá dtáirgeadh aige. Chosain an post seo, agus na mílte post eile a 'cruthaíodh' ag an am, na milliúin agus na milliúin punt (mar a bhí ann ag an am) ar an tír seo. Cé nach raibh an bille in aon chor chomh mór le bille NAMA ba é an rud céanna a bhí i gceist. An rialtas ag caitheamh ár gcuid airgid agus faic le taispeáint as an gcaiteachas céanna.

An dara rud ná gur fíorfhiontraí an fear céanna agus de bharr nach raibh aon bhrú mór oibre air bhí seans aige gnó beag a bhunú agus é ag obair ag am céanna sa Státseirbhís. Thosaigh sé ag díol éisc, ní nach ionadh. Bhí sé ina chónaí i dteach liom ag an am agus caithfidh mé rá nár chuir an meon aige ná an dara gairm aige aon iontas orm. Bhí mise ag obair san earnáil phoiblí freisin ag an am agus mé ag obair mar iriseoir in RTÉ. Tá ainm in airde ag Gardaí mar fhiontraithe agus iad ag rith gnónna beaga, gnónna slándála, B&Banna agus a leithéidí mar atá luaite in amhrán iontach Christy Moore, 'Welcome to the Cabaret', fad agus a bhí an Stát ag díol tuarastal leo freisin.

Ach ceartlár fiontraíochta a bhí in RTÉ freisin. Bhí fear amháin gur oibrigh mé leis ann a bhí faoi bhrú go minic. 'Fear fuaime' ab ea é. Sna laethanta sin dá gcuirfeadh mise lámh ar mheaisín taifeadta thabharfaí foláireamh dom gan dul in aice leis fiú dá mbeadh brú millteanach orainn eagarthóireacht a dhéanamh ar mhír nuachta. Cúis stailce a bhí ann dá ndéanfainn agus bhí an fear seo, Brendan, ar dhuine des na daoine ba mheasa chun an sórt sin bagartha a dhéanamh. Bhí sé iomlán dáiríre faoi. Bhí sé freisin iomlán dáiríre nuair a dheireadh sé leat nach mbeadh sé in ann taifeadadh a dhéanamh idir a trí a chlog agus a ceathair sa tráthnóna mar go mbeadh sé thíos in óstán Jury's i nDroichead na Dothra, thart ar mhíle go leith ó cheanncheathrú RTÉ i nDomhnach Broc.

Ní ag ithe agus ag ól a bhí Brendan. Fear tiomnaithe ab ea é, tiomanta don fhiontraíocht. Bhí gnó le rith aige agus bhí ar RTÉ dul sa dara háit mar ní ghlacfadh bainistíocht Jury's leis dá dteipfeadh ar an gcóras fuaime san óstán. Níor chuir Brendan an méid seo riamh faoi cheilt. Bhí sé iomlán oscailte faoi. Bhí fhios ag a bhainisteoirí in RTÉ faoi agus ní dhearna siad dada. Bhí gnónna beaga ag roinnt mhaith des na hoibrithe ag an am, agus stáisiúin raidió nó teilifíse eachtrannacha bhí i gceist i roinnt cásanna, a chuala faoi chúrsaí i dTuaisceart Éireann sular craoladh ar RTÉ iad mar go raibh na hiriseoirí gnóthach ag saothrú cúpla punt (gan cháin ar ndóigh) trí na scéalta a dhíol le NBC, BBC srl.

Lena chois sin, ar ndóigh ghlac na hiriseoirí céanna lena seiceanna ó RTÉ gach coicís freisin. Arís, níor thug an bhainistíocht aon aird in aon chor air. Cén fáth go mbacfadh siad. Níor bhac an t-ardbhainistíocht leo ach chomh beag. Má cheapann tú nach féidir teacht ar an meon seo sa lá atá inniu ann féach an tuairisc ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar atá díreach foilsithe acu. Chun airgead a shábháil tá siad chun stop a chur le neamhláithreachas. Cén fáth gur glacadh leis an neamhláithreachas ar an gcéad dul síos? Seanbhealaí, seanchleachtais, an tseanseafóid.

Mo phointe as seo ar fad ná an dúire iomlán sa mhéid a bhí le rá ag an Taoiseach maidir le cruthú post. Dá mbeadh an ábaltacht ag an rialtas 300,000 nó 3 phost a 'chruthú' bheadh siad cruthaithe acu blianta ó shin. Is í an pholaitíocht ceartlár na soiniciúlachta agus an chumhacht mar sprioc acu ar fad. Ag rá linn go bhfuil siad chun lárnú a dhéanamh ar obair Enterprise Ireland agus an IDA ionas go mbeadh siad ag obair le chéile - ceann des na spriocanna sa phlean - caithfear an cheist a chur cén fáth nach ndearnadh é seo dhá bhliain nó deich mbliana ó shin.

Níl ach dream amháin a chruthaíonn fíor-phoist, daoine a chuireann earraí agus seirbhísí ar fáil go bhfuil éileamh orthu. Sin iad na fiontraithe cosúil le mo chara an t-iascaire agus Brendan in RTÉ. In áit scaoileadh leo siúd leanúint ar aghaidh agus tuarastal a ghlacadh ar son oibre nach ndearna siad, tugaimis gach tacaíocht dóibh dul leis an bhfiontraíocht. Tá sé taispeáinte acu go bhfuil an DNA ceart acu.

Chuir na Boird Fiontar Chontae ráiteas amach cúpla seachtain ó shin go raibh 700 post réidh ag a gcuid cliant, fíorphoist an tráth seo, ach go raibh easpa airgid orthu chun tacú leis na fiontraithe seo. Cén fáth go bhfuil an rialtas, rialtas nach nglacann ach corrdhuine lena fhocal, ag leanúint ar aghaidh cosúil leis na sean-Sóibhéidí agus a gcuid pleananna eacnamaíochta cúig bliana nuair atá fhios ag gach asal sa tír nach bhfuil seans dá laghad ann go dtarlóidh sé? Go bhfios dom níor chuir Cowen, Coughlan ná Gormley post ar fáil ina saol agus níl cúrsaí chun athrú anois.

Scaoil amach na fiontraithe.

Jay Leno do phost an Taoisigh, Peter Sutherland mar Uachtarán!

Páidí Ó Lionáird

Tá fearg orm arís. Dhá chúis atá agam an tseachtain seo, beirt fhear mar sprioc mo chuid feirge, Jay Leno agus Peter Sutherland.

Bhíos ag faire ar an nuacht an tráthnóna faoi dheireadh agus ar éigean a chreideas mo chluasa nuair a chuala Peter Sutherland, iar-Choimisinéir den AE, iarArd-Aighne, iar-Abhcóide agus é anois mar Chathaoirleach ar Goldman Sachs International – eite de bhanc den ainm céanna.

Seo fear a fuair os cionn milliún euro anuraidh dá chomhairle don mbanc sin. Is é an fear céanna é atá i seilbh go leor pinsean ón stat anseo – pinsin mar

An raibh an ceart ag lucht caidrimh phoiblí Fhianna Fáil ligean don Taoiseach dul os comhair micreafóin gan a bheith iomlán ullamh? Tuigtear dom gurb shin an chéad ócáid ag Oifigeach Caidrimh Phoiblí nua an pháirtí. An raibh an ceart ag léiritheoir an chláir glacadh leis an Taoiseach agus an chuma a bhí air?

iarArd-Aighne, mar iar-Choimisinéir agus pé ní eile. Tá sé ag glacadh le tairiscintí ó chomhlachtaí Síneacha, Tuirceacha agus eile le bheith ar a mboird bhainistíochta siúd agus ní ar thada é seo ar fad. Nach é a bhí dána mar sin, bheith ag tabhairt léachta dúinne in am ár ngátair? Nach é atá mór ann féin gur féidir leis a rá linne – gnáthshaoránaigh na tíre – go gcaithfimid ár gcrios a dhaingniú tuilleadh agus cur suas le tuilleadh ciorruithe, níos mó fiú ná na trí bhilliún atá luaite cheana? É seo ar fad in ainneoin an cheangail atá aige féin leis an gcóras baincéireachta idirnáisiúnta – córas atá tar éis sinn ar fad a chur i bhfiacha ar feadh na nglúnta le teacht!

An bhfaca sibh an mhír a bhí ag an láithreoir (grinn) teilifíse de chuid CNBC an oíche faoi dheireadh? Ní fhaca? Bhuel is fiú súil a chaitheamh leis má bhíonn an deis agat dul ar líne agus é a fhiosrú agus tuigfidh tú fáth mo chuid feirge.

Tá ár dtír mar cheap magaidh idirnáisiúnta ag na meáin, tá a fhios againn an méid seo agus táimid i dtaithí air le déanaí. Le tráchtairí airgeadais idirnáisiúnta ag bualadh na tíre go tréan i bhfoirm ísliú grád nó íos-ghrádú ár gcumais aisíoctha fiacha tá sé deacair gan a bheith in ísle brí agus éadóchasach faoina bhfuil á rá agus á ngáirí fúinn thar lear.

Nuair a thugann leithéidí Jay Leno, a mbíonn na milliúin (4 mhilliún ar an meán) ag faire ar a chlár gach oíche, faoi ábhar ar bith mar mhagadh, gáireann na milliúin chomh maith. B'shin mar a bhí agus é ag úsáid an Taoisigh Brian Cowen mar eiseamláir de "amadán meisce" nó "drunken moron" os comhair a mhórshlua féachana. Tá sé deacair aon mhilleán a chur ar Leno nó aon láithreoir nó iriseoir nó tráchtaire eile – táimid náirithe de bharr an agallaimh úd le Cathal Mac Coille an mhaidin Máirt sin cúpla seachtain ó shin. Ní raibh sé in ann dó. Bhí slócht, póit óil, doiléireacht nó/agus botúin chainte san agallamh a bhí faoi bhun deich nóiméad ar fhaid.

Thuas, Peter Sutherland. An mbeadh sé foirsteanach mar Uachtarán orainn?
Ar dheis, Jay Leno. An mbeadh sé dáirire go leor le bheith mar Thaoiseach ar na hÉireannaigh?

An raibh an ceart ag lucht caidrimh phoiblí Fhianna Fáil ligean don Taoiseach dul os comhair micreafóin gan a bheith iomlán ullamh? Tuigtear dom gurb shin an chéad ócáid ag Oifigeach Caidrimh Phoiblí nua an pháirtí.

An raibh an ceart ag léiritheoir an chláir glacadh leis an Taoiseach agus an chuma a bhí air? An raibh an cheart ag Cathal Mac Coille tabhairt le fios gur roimh a bhricfeasta a bheith ite aige gur thug an Taoiseach an t-agallamh? Ar shlí is cuma um an dtaca seo mar tá an dochar déanta. Níorbh fhada Simon Coveney i mbun a "tweet" agus é ag cur meisceachta agus póit óil i leith an Taoisigh. Cé mhéad den ráta úis atá á íoc againn a eascraíonn óna thaispeántas?

Tá na pobalbhreitheanna is déanaí – Millward Browne Lansdowne do TV3 agus Red C don Sunday Business Post (SBP) ar fad ag léiriú creimeadh i dtacaíocht don Taoiseach in ainneoin go bhfuil freagraí a gcuid ceisteanna an-éagsúil ar fad.

Tá an Dáil ar ais i mbun "oibre" le cúpla lá anuas. Tá Fine Gael tar éis a gcomh-oibriú péireála a dhiúltú don Rialtas, Ruairí Quinn ag léimt isteach sa bhearna baoil mar ridire geal an lae. Ach tá a fhios ag Quinn go bhfuil deireadh an róid ag teannadh leis an rialtas seo. Tá a fhios aige nach fada anois é go mbeidh seilbh aige féin ar Aireacht éigin sa chomhrialtas nua. An le Fine Gael a bheidh an Lucht Oibre ag obair? Sin an cheist is mó atá le freagairt faoi láthair. Le Quinn ag baint barrthuisle as Fine Gael lena thairiscint, tá an spochadh idir an dá pháirtí ag dul in olcas. Iad araon ar aon fhoireann ach in áit iad bheith ag cur an rialtais reatha as oifig, tá siad casta i dtreo a gcúil féin agus ag scóráil cúil i ndiaidh cúil d'Fhianna Fáil.

Tá sé deacair é a chreidiúint ach táimse den tuairim go bhfuil an ceart ag Alan Shatter a dúirt go bhfuil an Lucht Oibre ag fágaint an dorais chomhrialtais oscailte d'Fhianna Fáil. Cás eile fós ina bhfaigheadh pobal na hÉireann rialtas NÁR iarr siad!

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ár nDéardaoin Dubh

BA dhuairc dorcha an scéala maidir leis an chostas iomlán a bheas ar cháiníocóirí na hÉireann, agus a bpáistí, agus páistí s'acu, a íoc chun an Banc Angla-Éireannach agus na bainc eile a choinneáil beo nó leath-bheo fiú.

Is aiteamach tubaisteach an méid airgid a cuireadh amú agus a caitheadh isteach i bpoll dubh na mbanc in Éirinn le blianta beaga anuas.

Níl daoine ná eacnamaithe fiú ar aon focal maidir leis an rud ab fhearr don rialtas a dhéanamh ach beag beann air sin is doiligh a shamhlú gurbh fhéidir le rialtas ar bith gan leanúint ar aghaidh leis an pholasaí seo, go dtabharfar ráthaíocht do na bainc i gcónaí, agus sinn chomh fada sin síos an bóthar úd anois. I láthair na huaire, ní féidir le stát na hÉireann maireachtáil gan iasachtaí ó na margaí agus ní féidir linn na hiasachtaí sin a fháil gan iad a bheith cinnte go n-íocfar ar ais na hiasachtaí sin.

Is cuma cad é do bharúil ar an staid ina bhfuil muid, áfach, is féidir le beagnach gach Éireannach aontú ar rud amháin, is fearr cúinsí ar bith ná tiontú ar an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF).

Tubaiste iomlán a bheadh ansin. B'ionann é agus deireadh le neamhspleáchas na hÉireann. Bheadh ár ndaonlathas, ár gcultúr agus ár stair i lámha cuntasóirí le pinn dhearga nach bhfuil aon dáimh acu le hInis Fáil.

Is í rogha an dá dhíogha atá againn faraor.

Rogha Iosrael

TÁ rogha le déanamh ag Iosrael. Síocháin nó cogadh síoraí.

Is cuma cén dearcadh atá ag duine ar an choinbhleacht idir Iosrael agus na Palaistínigh. Is furasta a thuiscint, má leanann Iosrael ar aghaidh ag gabháil thalamh na bPalaistíneach agus ag tógáil lonnaíochtaí ar an Bhruach Thiar, ní féidir ach tátal amháin a tharraingt as - is é sin, go bhfuil siad dáiríre faoi shíocháin, mar dhea, ach go bhfuil siad níos dáiríre faoi ghabháil talún.

Ní féidir le haon duine a bheith ag maíomh go bhfuil sé ag iarraidh síochána le duine ar láimh amháin agus ag gabháil a chuid talaimh agus a chuid uisce ar an láimh eile.

Tá an dá rud ag teacht salach ar a chéile.

Tá fiú Stáit Aontaithe Mheiriceá, an "cara is mó" ag Iosrael, ag iarraidh orthu stop a chur le tógáil lonnaíochtaí sa Bhruach Thiar, atá mídhleathach de réir an dlí idirnáisiúnta.

Tuigtear go bhfuil 42% de thalamh an Bhruaigh Thiar faoi smacht díreach Iosrael cé nach bhfuil ach 10% dá dhaonra ina nIosraelaigh. Is féidir leis an tacadóir is mó le hIosrael a aithint go bhfuil rud éigin mí-chothrom ansin. Táthar ann a mhaíonn nach bhfuil go leor talaimh fágtha ag na Palaistínigh, ná uisce fiú, chun stát inmharthana a chruthú. Is bocht an scéal é sin, ní amháin do na Palaistínigh ach don réigiúin agus don saol ar fad.

Cad faoi chearta fiadhúlra na hÉireann mar sin?

LE linn na seachtaine seo, scaoileadh saor na mílte minc as feirm in Ard a' Rátha i dTír Chonaill.

Ar ndóigh, is rud conspóideach an cineál feirmeoireachta seo ach is cuma cad é do bharúil ar fheirmeoireacht minceanna, tá bealaí níos fearr ann chun agóid a dhéanamh faoi ná loitiméireacht timpeallachta, agus sin atá ann nuair a ligtear na mílte ainmhí de speiceas neamhdhúchasach amach i dtír.

Déanfaidh na minceanna seo, na cinn a fhoghlaimeoidh go gasta cén dóigh le maireachtáil go fiáin, scrios ar an fhiadhúlra.

Déanfaidh siad léirscrios ar ainmhithe, ar éisc agus ar éin an cheantair máguaird agus ar aghaidh leo ar fud na tíre seo.

Déan d'agóid go cinnte ach ná déan níos mó dochair le do ghníomh.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Deireadh Obann le Gaeleagras. Cur i gcéill an Rialtais?

A Eagarthóir,
An bhfuil an rialtas i ndáiríre faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge? Is deacair a chreidiúint go bhfuil! Cuireadh deireadh obann an tseachtain seo le Gaeleagras, an rannóg sa státseirbhís i Roinn an Airgeadais atá ag plé le cur chun cinn na Gaeilge agus le ranganna Gaeilge le 40 bliain anuas.

Tuigimid go léir go bhfuil gá le ciorruithe ach cén saghas bainistíochta a chuireann ranganna ar ceal cúpla lá roimh thús an téarma nua nuair a bhíonn na socruithe go léir maidir le tinreamh agus le múinteoirí curtha i bhfeidhm ? Cé hiad na pleidhcí cearta a dhéanann cinntí mar seo?

Conas is féidir aon mhuinín a bheith againn i gcóras mar seo? Níl bun ná barr leis i mo thuairim. Comhartha eile é seo i mo thuairim nach bhfuil suim dá laghad ag an rialtas i dtodhchaí na Gaeilge. Nósfaidh an aimsir.

Siobhán Ní Dhomhnaill,
An tInbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin

As Gaeilge amháin

A Eagarthóir, a chara,
Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Gaelscéal as an gcinneadh an Ghaeilge a bheith ar an taifead maidir le comórtas Lynch's. Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm nuair a rinne mé an glaoch go as Gaeilge a bhí sé . Bhí mé fiosrach maidir leis an teasc agus sheol mé teasc agus fuair mé freagra ar ais as Gaeilge . maith sibh !!

Le meas
Léitheoir dílis as Gaillimh

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Ní raibh an ceart ag Nicolas Sarkozy na mílte Roma a dhíbirt as an Fhrainc: Lucht Léite Gaelscéal

Róisín Ní Éalaí

IS é an cheist a chuir Gaelscéal ar ár lucht léitheoirí an tseachtain seo caite ná "An raibh an ceart ag Nicolas Sarkozy na mílte Roma a dhíbirt as an Fhrainc?"

Chaith sibh bhur vótaí ar www.gaelsceal.ie agus bhí neart le rá agaibh ar Facebook Gaelscéal. Ceapann formhór léitheoirí Gaelscéal a chaith vóta, 63%, nach raibh an ceart ag Nicolas Sarkozy na mílte Roma a dhíbirt as an Fhrainc. Cheap 25% díobh go raibh an ceart aige na mílte Roma a dhíbirt as an tír agus bhí mionlach na ndaoine a chaith vóta, 13%, idir dhá chomhairle.

Tuairimí Chairde Gaelscéal ar Facebook

"Bhí. Bhíodar ann go mídhleathach. Sé rialtas na Rómáine fé ndeara na faidhbe seo de bharr íde agus leathchuma a thugtar dóibh sa tír sin."

"Ní raibh ar chor ar bith. Is amhlaidh go bhfuil ré Hitler ag teacht i gcuimhne na ndaoine na laethanta seo sa Fhrainc. Níl sé ceart daoine a dhíbirt as an tír, agus go háirithe nuair atá an tír sin ina bhallstát den AE."



Ceist na Seachtaine seo:
An raibh an ceart ag gníomhairí cearta ainmhithe na mílte minc a scaoileadh saor as feirm i dTír Chonaill?

Ag streachtailt leis an teicneolaíocht úr sin

Bernie Ní Fhlatharta

CHEAPFÁ, agus mé 30 bliain sa phost, go mbeadh muinín agam agus go mbeinn an-chompordach i mo chuid oibre. Ach a mhalairt atá i gceist mar gheall ar an teicneolaíocht. Ní túisce mé dulta i gcleachtadh ar chóras amháin nó go ndéanann na bainisteoirí cinneadh córas nua a thabhairt isteach agus tosaítear ar an bhfoghlaim as an nua.

Ní miste sin, ach leis an gcóras nua tagann fadhbanna nua, cuid acu nach bhfaca tú riamh. Agus, ar ndóigh, cuireann sé seo moill ar an obair agus tagann olc agus leis an olc tagann bac ar an gcruthaitheacht.

Ach an tseachtain seo caite bhris m'fhón póca agus tá ceann sealadach agam anois nó go gcuirfear caoi ar mo cheann féin. Ach go dtí sin tá go leor uimhreacha in easnamh orm.

Agus ansin bhris an ríomhaire ag an obair síos agus chaill mé seoltaí agus uimhreacha atá mé ag bailiú le blianta agus a chuir mé ar mo ríomhaire ag ceapadh go raibh mé ag déanamh an rud ceart - go raibh mise ag obair leis an teicneolaíocht. Freisin, chaill mé seannótaí ríomhphoist agus seoltaí. Frustrachas ceart a bhí orm. Is beag nár thug mé cic don ríomhaire, gur chaith mé an fón póca amach ar an bhfuinneog agus bhí fonn caointe orm. Tuige nach mbeadh!

Ach thóg mé anáil dhomhain isteach, agus sall liom go *Easons*, áit ar cheannaigh mé leabhar seoltaí agus gur thosaigh mé as an nua, ag scríobh isteach uimhreacha a theastaíonn uaim sa phost seo.

Tá mé níos measa anois ná a bhí mé riamh agus tá muinín caillte agam sa teicneolaíocht nua.

Dúradh linne, scoláirí iriseoireachta, go raibh an leabhairín seoltaí thar a bheith tábhachtach agus é a choinneáil linn i gcónaí. Ach leis na blianta, d'imigh an leabhairín beag seo ar strae mar go raibh muid ag brath níos mó ar an eolas seo a choinneáil sna ríomhairí nó inár bhfóin phóca. Níl aon uimhir ar eolas agamsa anois mar go bhfuilim ag brath ar an teicneolaíocht - nó bhí mé.

Is dócha go bhfuil muid chomh dona céanna sa bhaile. Má bhriseann an t-inneall níocháin nó an miasniteoir, tá deireadh an domhain tagtha agus bíonn an oiread sin díomá orainn.

Tá dearmad déanta ag go leor againn ar an gcaoi le mias nó giobail a ní de láimh!

Níl mé den tuairim gur cheart dúinn dul siar go dtí an t-am roimh ré na teicneolaíochta, ach tá imní orm go bhfuil an saol ar fad ag brath rómhór ar rudaí atá in ainm agus ár saol a dhéanamh níos éasca.

Ach an mar sin atá an scéal, dáiríre?

SÚIL SIAR na Seachtaine

Ar Aghaidh

Deireadh Foghmhair, 1938

Na Slóibheaicí

Tá an cogadh san aer cheana gus muid a'sgríobh - na sgurachaí agus na cailíní a'filleadh ar ais ó Sasana, cuir i gcás, fhad is tá an t-am acu. Tá súil againn gur síothcáin a bhéas le fágail acu annseo, agus nach n-eireochaidh le cáirde na Sasanach agus na Rúiseach muid a chur i bhfastodh i líonradh cogaidh an dá tír sin.

Maidir le ughdar nó le ócáid an chogaidh - stát na Seicslóibheaice - ní mór a amhdáil gur

éagóir agus gur éagcóir agus gur ughdar cogaidh an stát sin ón gcéad lá a bunuigheadh é

le Connradh Versailles. Tá cainnt na laetheannta seo faoi'n réigiún Gearmáineach atá faoi

chrúbaí Riaghaltais Prága. Tá cainnt freisin faoi na Ungáirigh agus faoi na Pólannaigh.

Tá an gaolta fhéin a'cuimhneamh orta sin, mar tá muid-ne a' cuimhneamh ar na sé conndaethe - nó mar ba chóir dúinn bheith a'cuimhneamh ortha. Ach níl an oiread sin cainnte faoi na Rúitéinigh ná faoi na Slóibheaicí, bíodh is gur mó fós, bfhéidir, an t-ughdar casaoide atá ag an dá dhream sin.

Mí an Iúil seo caithte d'éag an sagart cliumhail, Mons. Hlinka, taoieach mór na

Slóibheaic. Bhí cainnt faoi fhéin agus faoi na mhuinntir an t-am sin i nuachtáin cguile tír, ach go h-áithride i bpáipéaraí na Gearmáine, ó thárla go raibh a pháirtí seisean agus páirtí Henlein a' comhoibriú le céile le saoirse, o thaoibh náisiúntachta, a bhaint amach dho na dreamanna éagsamhla tá faoi smacht ag na Seicigh.

Saoghal Mgr. Hlinka léirigheann sé go maith an feall agus an éagcóir a rinneadh nuair a cuireadh an "tSeic-Shlóibeac" le céile. Bhí an Mgr, Hlinka i n-a thaoiseach ar a mhuintir ag iarraidh saoirse a bhaint amach dóibh ó na hUngáirigh, roimh an gCogadh Mór agus le na linn. Cuireadh i bpríosún san éagcóir é, faoi achrann ag Cernova i mbliadhain a 1907 nach raibh baint ar bith aige leis. Agus é i bpríosún Szegedin chuir sé Sloibheacais ar an Sean-Thiomna.

Le linn an Chogadh Mhóir chuidigh na Slóibheací leis an Seicigh, agus bhí siad a'súil go mbeadh an tsaoirse le fágail ag an dá dream. Bheadh siad sásta cóimhcheangal a bheith ann, ach cóimcheangal i n-a mbeadh comhthrom agus saoirse ar an dá chine - ag an dá stát nó fóstát. I n-a leabaidh sin chuir na másúin agus na liberali Seiceacha na Slóibheaicí Caitliceacha faoi smacht Prága.

D'eirigh le Hlinka - faoi ainm bréige agus le pás a fuair sé ón Riaghaltas Pólannach - dul chomh fada le Versailles i mbliadhain a 1919 le cúis na Slóibheaicí a thabhairt os chomhair na dteachtaire a bhí cruinnighthe ansin. Níor cuireadh aon tsuim ann. Cuireadh éagóir eile le liosta fada na h-éagcóir a rinneadh i Versailles. D'iarr Benes - a bhfuil an oiread sin cainnte faoi aríst anois - d'iarr sé ar an Riaghltas Frannchach Hlinka a chur amach as an bhFrainnc. Chuir na Seicigh tréas i n-a leith, agus cuireadh i bpríosún é i n-osbuidéal Podol.

Ach níór eirigh leis na Seicigh seasamhacht Hlinka ná an chomhairle a bhí aige ar na talamhaidhte Slóibheaiceacha mac talamhaidhe é féin a bhriseadh. Dá maireadh sé anois bfheairrde é deis na Slóibheaic a saoirse a bhaint amach. Tá beirt mar oighrí aige ar cheannus Páirtí Pobuil na Slóibheaic - Tisso (sagart eile), taoiseach na dtalamhaidhe, agus Sidor, taoiseach na mac léighinn. Ní bhíonn an bheirt ar éininntinn i gcomhnuidhe agus níl an cliú ar ceachtar acu a bhí ar Hlinka. Mar sin féin, is cosamhail go mbéidh deis acu comhthrom na Féinne a bhaint amach dá muintir i pé athrú a cuirfear ar an gcuid sin dhen Eoraip le margaidheacht nó le cogadh.

Pé athrú a thiocfas nó nac dtiocfa, an rud is fearr dho mhuinntir na hÉireann, agus an cuidiú is mó dhó cúis an chirt, gan taobh ar bith a ghlachadh. Níl baoghal dá laghad ann go mbeidh páirteach ar thaoibh na Gearmáine, na hEadáile agus na Spáinne Náisiúnta. Tá baoghal anmór ann go gcuirfear isteach iad ar thaoibh na Rúiseac agus na Sasanach. Tá súil againn, ámhthach, nach ndéanfar sin.

5 CÚRSAÍ SAOIL

Ceiliúradh ar scríbhneoirí na

I bPáirc an Chrócaigh oíche Dé Máirt, tháinig slua mhór de scríbhneoirí Gaeilge le chéile d'ócáid Bhronnadh Duaiseanna Liteartha an Oireachtais. I mbliana, den chéad uair, fógraíodh buaiteoirí Leabhar na Bliana ag an ócáid seo, rud a bhí feiliúnach mar gheall ar an oiread scríbhneoirí agus léitheoirí Gaeilge a bhí i láthair. Bhuaigh Pádraig Ó Siadhail duais €5000 i rannóg an úrscéil (Ficsean Liteartha), dá shaothar Beirt Bhan Mhisniúla, ach ar an drochuair, ní raibh sé in ann freastal ar an ócáid. Bhí Anna Heussaff, Mícheál Ó Conghaile, Séan Mac Mathúna, Áine Uí Fhoghlú, Gréagóir Ó Dúill agus Biddy Jenkinson i measc iad siúd a bhuaigh na duaiseanna airgid is mó, agus neart daoine eile freisin. Tá liosta iomlán na mbuaiteoirí ar www.gaelsceal.ie. Bhí **Meadhbh Ní Eadhra** ann oíche Dé Máirt agus labhair sí le meascán daoine. Duais €5,000 Beirt Bhan Mhisniúla le Pádraig Ó Siadhail, Timberlea, Nova Scotia, Ceanada Is féidir teacht ar liosta iomlán na mbuaiteoirí ar **www.gaelsceal.ie.**

Liam Mac Cóil:
Bhuaigh mise duais sa rannóg Ficsean Éadrom. Déarfainn féin gur do dhéagóirí de gach aois atá an scéal, nó do dhaoine ar mhaith leo scéal sciobtha eachtraíochta, le neart aicsin. Bhí an ócáid an-taitneamhach, agus chuir sé leis an ócáid gur chuala muid na sleachta sin ó na scéalta á léamh amach os ard ar an stáitse, agus mar sin de. Cuid acu, bheifeá ar imeall do shuíochán ag éisteacht leo. Bhí sé ar fheabhas. Chuaigh an dán le Gréagóir Ó Dúill i gcion go mór orm. Táim ag athscríobh an scéal a fuair an duais, faoi láthair. Táim ag cur níos mó aicsin agus marú ann agus táim ag súil go mbeidh sé foilsithe go luath an bhliain seo chugainn!

Liam Mac Cóil agus Sean Mac Mathúna, beirt sárscríbhneoir, agus iad ag baint suilt as an oíche. Bhaineadar beirt duaiseanna móra amach i mbliana, le Liam ag buachan duais i rannóg an úrscéil (ficsean éadrom) lena shaothar *An Litir* agus Seán ag baint na céad duaise amach sa rannóg Ficsean do Dhaoine Óga (13-15) lena shaothar *Gealach*. PIC: MEADHBH NÍ EADHRA

Seán Mac Mathúna:
Tá mo scéal, *Gealach*, bunaithe i Nova Scotia. Níl sé bunaithe i gConamara nó i gCiarraí nó aon rud mar sin, ach i mBá Fundy i Nova Scotia. Agus an rud a tharlaíonn ann ná go bhfuil capall ar lár. Titeann sí as bád, isteach sa bhá, agus mar go raibh sí chomh tábhachtach sin don chlann, tá briste orthu, agus caithfidh siad Nova Scotia a chuardach di. Nuair a thagann siad uirthi, ní hamháin go bhfuil sí fós beo, ach tá searrach aici!

Biddy Jenkinson
"Tá mé sásta duais a bheith agam. Tá an-mheas agam ar Phádraig Ó Duinnín, a scríobh foclóir Gaeilge-Béarla, agus is breá liom a bheith ag útamáil san fhoclóir sin agus focail á lorg agam. Rith sé liom uair amháin go ndéanfainn bleachtaire as an Duinníneach, bleachtaire focail ar dtús agus ansin bleachtaire ceart. Tá scéalta beaga bleachtaireachta sa chnuasach seo, aon scéal déag, áit a gcuidíonn sé leis na póilíní an duine ceart a aimsiú, nó uaireanta sábhálann sé duine atá cúisithe. Tá Sherlock Holmes i gcúpla ceann de na scéalta, déanaim amach gur cairde iad. Tá an Duinníneach agus Conan Doyle comhaimseartha le chéile, agus mar sin bheartaigh mé Sherlock Holmes a chur go Baile Átha Cliath ag iarraidh comhairle a thabhairt dóibh. Ar ndóigh, cuidíonn Pádraig Ó Duinnín le Sherlock Holmes. Is breá liom féin a bheith ag léamh scéalta bleachtaireachta. Na cinn is deise ná na cinn i bhFraincis. Tá úrscéalaí ann, Fred Vargas, agus an bleachtaire atá aige siúd ná Jean-Baptiste. Is aoibhinn liom na scéalta sin. Is maith liom na sean-chinn freisin. Bheinn ag iarraidh bheith ag tarraingt traidisiún na Fraincise as an nGaeilge, ach ar ndóigh léim cinn Béarla freisin, Dorothy Sayers agus mar sin de. Is maith liom na cinn a bhaineann leis an ré sin. An rud is spéisiúla, dar liomsa, ná an gaol idir na daoine. Tugann an dúnmharú ach go háirithe, deis duit a bheith ag tochailt sna carachtair. Tá súil agam go bhfoilseoidh Coiscéim an leabhar seo an bhliain seo chugainn.

Biddy Jenkinson agus Pádraig Ó Snodaigh. Bhuaigh Biddy duais amach dá cnuasach gearrscéalta "An Duinníneach ar an Sceilg", agus bhí leabhar de chuid Coiscéim, "Catullus Gaelach", ar ghearrliosta Leabhar na Bliana do dhaoine fásta i mbliana.

Bob Ó Gallchobhair agus Paul McKenna
Ruairí agus an Tuar Ceatha an t-ainm atá ar an scannán, agus is é Dónal de Buitléir a scríobh é. Muidne a rinne an ceamradóireacht. Is faoi bhuachaill a théann sa tóir ar thuar ceatha atá sé! Rinne muid an scannán i nDún na nGall, mar gur as Gort an Choirce do Dhónal. Bhí sé déanta in aon lá amháin. Lean muid an t-aisteoir ar shiúlóid fhada timpeall Dhún na nGall. Bhí tuar ceatha ann, ar ndóigh! Bhí smaoineamh garbh ag Dónal den scéal, agus ansin d'aimsigh muid aisteoir chun an scéal a léiriú. Bhí muid ag breathnú ar shuímh éagsúla chun an scannán a dhéanamh. Bhí suíomh amháin againn ach ní raibh sé foirfe. Ach ansin ghlac muid cúpla grianghraif i suíomh eile agus bhí Dan ansin lena cheamara. Shiúil fear suas chuige agus d'fhiafraigh sé dó céard a bhí ar siúl aige. De réir dealraimh, aisteoir atá i Ros na Rún le cúig bliana anuas a bhí ann! Ní hamháin sin, ach is breá leis a bheith ag siúl, díreach an rud a bhí uainn! Bhí sé foirfe. Faoi láthair, tá Dónal ag ól cappuchino ar chanálacha na Veinéise, mar go bhfuil bainis a dheartháir ar siúl sa Róimh.

Bob Ó Gallchobhair, Paul McKenna agus Cormac Hurrell. Bhí Bob agus Paul mar fhir ceamara don scannán *Ruairí agus an Tuar Ceatha* le Dónal de Buitléir, a bhain duais amach san Oireachtas.

Fergus Ó Conghaile
Saghas Glee trí Ghaeilge atá i gceist leis an dráma. Tá na peileadóirí in aghaidh lucht na drámaíochta. Scéal faoi bheirt dheartháir atá ann. Tá suim ag duine acu sa pheil ach níl suim ar bith ag an duine eile, tá seisean ag iarraidh a bheith ar an stáitse. Insíonn an dráma scéal na deartháireacha agus na heachtraí a tharlaíonn sa bhaile dá bharr. Tá críoch mhaith shona ar an scéal! Bhí rang a 6 agam i nGaelscoil na Camóige i gCluain Dolcáin agus iadsan a bhí ag aisteoireacht. Bhí sé anéasca an dráma a scríobh, mar go raibh cuid de na páistí anfheiliúnach don dráma. Bhaineadar amach Craobh na hÉireann leis, chomh maith le ceann de na scóranna is airde riamh sa chomórtas!



Fergus Ó Conghaile ó Chill Rónáin in Inis Mór, Contae na Gaillimhe, agus é breá sásta lena dhuais drámaíochta. Bhain se duais amach don dráma "Ní hUasal ná hÍseal".
PIC: MEADHBH NÍ EADHRA

Marie Riney in éineacht leis an údar Anna Heussaff. Bhain Anna duais €5,000 amach dá húrscéal nua Buille Marfach, a foilsíodh le déanaí. Bhí sí iontach sásta ar fad an duais a bhaint agus leag sí béim ar an tábhacht a bhaineann le comórtais liteartha an Oireachtais maidir le daoine óga a spreagadh chun scríbhneoireachta ach go háirithe, agus chomh maith leis sin, aitheantas a thabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge. Bhain Anna duais Oireachtais amach le haghaidh gach uile cheann dá leabhair go dtí seo. Tá sí ag súil le tús a chur le leabhar úr do dhéagóirí go luath, ina mbeidh cuid de na carachtair chéanna a bhí in *Vortex*. Pic: Emer Ní Bhrádaigh

Emer de Barra, Oifigeach Forbartha an Oireachtais. Is í Emer a bhí i gceannas ar na comórtais liteartha le trí bliana anuas, ach ar ndóigh chaith sí blianta roimhe sin ag obair ag an ócáid.

Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh

Eoghan Ó Murchadha agus a chailín Aoife Ní Eochaidh, agus iad ag baint suilt as an ócáid. Is mic léinn leighis iad an bheirt acu agus bhuaigh Eoghan duais sa rannóg leabhrán nó aiste bhitheolaíochta.

Eoghan Ó Murchadha
Bhuaigh mé duais don aiste nó leabhrán bitheolaíochta. Moladh 3000 focal a scríobh ar rud éigin atá bainteach le cúrsaí leighis nó sláinteachas. Teideal m'aiste ná *Príomhchúiseanna na hAilse agus cur síos ar an Meiteastáis sa Cholainn*. Séard is brí le meiteastáis ná an tslí go scaipeann cealla ailse go dtí bun na colainne. Pléim príomhchúiseanna a bhaineann le hailse san aiste. Ghlac sé cuid mhaith ama orm é a chur le chéile, toisc go raibh orm cuid mhaith téarmaíochta a lorg. Bhí cuid de easnamhach agus cuid eile nach raibh ann in aon chor. Bhí orm dul go bun rútaí na bhfocal, Gréigeacha agus Laidineacha, agus teacht ar bhunchiall na bhfocal. Chuaigh mé i dteagmháil leis an gCoiste Téarmaíochta le haghaidh roinnt den téarmaíocht. Go bunúsach, níl aon rud ann i nGaeilge. Táim féin ag déanamh staidéir ar an leigheas agus tá a fhios agam go bhfuil suim ag roinnt de mo chomhghleacaithe ar a laghad ann. Tá grúpa ann darb ainm Acadamh na Lianna, a thug urraíocht don duais seo, agus spreagann siad sin léachtaí agus cainteanna agus Gaeilge, ar ábhar a bhaineann le cúrsaí leighis agus sláinteachas. Bím ag scríobh gearrscéalta freisin, agus roinnt mhaith rudaí eile. Tá cúpla rud a fhanann liom ón samhradh a chaith mé i mBostún sna Stáit Aontaithe, agus péachfaidh siad ina ngearrscéalta gan bhaol.

Seán Ó Dubhchon (21)
Táim mar mhac léinn i gColáiste Phádraig i mBaile Átha Cliath agus bíonn na léachtóirí an-spreagúil ar fad. Táim ag déanamh cúrsa don bhunmhúinteoireacht, ach táim ag glacadh na Gaeilge mar ábhar acadúil. Tá sé go hiontach ar fad. Tá suim agam i ngach réimse scríbhneoireachta. Measaim go bhfuilim láidir go leor ag scríobh na ndánta, ach ag an am céanna is maith liom réimse leathan. Tá an scéal a bhuaigh duais bunaithe ar bhean ghnó. Is ealaíontóir faisin í. Tá sí an-ghafa le hairgid agus an slí bheatha atá aici. Titeann sí i ngrá ansin agus athraíonn dearcadh saoil s'aici. Bhí iris againn sa choláiste anuraidh agus bhí mé mar eagarthóir air sin. Bhí mé ag foilsiú gearrscéalta agus dánta agus rudaí mar sin, san iris. Tá mé ag dul a choinneáil leis agus a bheith ag scríobh. Bíonn sé measartha deacair an t-am a fháil le bheith ag scríobh, ach nuair atá dúil agat i rud éigin, caithfidh tú am a fháil len é a dhéanamh. Tá sé deas bheith ag an ócáid seo, sa seomra céanna leis an oiread sin scríbhneoirí. Rugadh agus tógadh i Máchaire Rabhartaigh mé i nGaeltacht Thír Chonaill agus is maith liom bualadh le scríbhneoirí as na canúintí éagsúla. Bím ag léamh litríocht na Gaeilge i gcónaí, agus tá scríbhneoirí anseo agus bheinn ag léamh stuif s'acusan. Tá an-suim agam in úrscéalta Anna Heussaff. Scríbhneoir ar dóigh atá inti. Níor léigh mé a leabhar nua go fóill, ach caithfidh mé é a fháil! Tá a cuid stuif go hiontach.

Seán Ó Dubhchon, a bhain trí dhuais éagsúla amach, agus Ríona Ní Chongáil, a bhuaigh duais dá saothar próis "Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útóipeach Ghaelach." PIC: MEADHBH NÍ EADHRA

Rhoda Uí Chonaire
Coiste amháin a thugann aire don dhá dhuais, Gradam Uí Shúilleabháin agus Gradam Réics Carló. Bíonn sé deacair go leor gach bliain, ar bhealach. Foilsítear an gearrliosta ar dtús, agus is maith linn go mbíonn seans ag na leabhair sin poiblíocht a fháil. Ansin, is rud mór breise é nuair a bhíonn an buaiteoir féin fógartha. Bhí ceathrar againn ar an gcoiste i mbliana.

Rhoda Uí Chonaire, a oibríonn go dian ar son na Gaeilge i gcónaí agus a bhí mar mholtóir ar leabhar na Bliana do Dhaoine Fásta agus do Dhaoine Óga i mbliana.

Esther Gobl Uí Nualláin (leis an duais), in éineacht lena mac Diarmaid (12), a fear céile John, a mac eile Cian (9) agus a hiníon Saorlaith (15) i bPáirc an Chrócaigh. Is é leabhar Esther Gobl Uí Nualláin, Ruball Trioball, a bhain Gradam Réics Carló amach i mbliana. Is duais é seo don leabhar is fearr do dhaoine óga. Is iad Móinín, faoi stiúir Ré Uí Laighléis, a d'fhoilsigh an leabhar spleodrach seo. Léigh Esther sliocht ón leabhar don lucht féachana i rith na hoíche, rud a chuir go mór leis an ócáid. Chomh maith leis sin, labhair Ré thar ceann Móinín faoin ríméad atá orthu an duais seo a bhaint, go háirithe nuair atá an oiread sin iomaíochta ann i measc fhoilsitheoirí na linne seo. PIC: MEADHBH NÍ EADHRA

6 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Faigh do bhille i nGaeilge

Má theastaíonn uait do bhile a fháile i nGaeilge, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig **eolas@esb.ie** nó glaoigh ar **1850 372 372** le do thoil, agus beimid sásta an socrú sin a dhéanamh duit.

Customer Supply

Ríomhaireacht chomhthéacs-eolach

Diarmuid Ó Muirgheasa

Cúpla uair in aghaidh na bliana reáchtálann an comhlacht ríomhaireachta Intel ócáid ar a dtugtar Fóram Forbróirí Intel (IDF). Mórán d'imeachtaí an fhóraim, tá siad i bhfad rótheicniúil le go gcuirfeadh an gnáthdhuine spéis iontu - caint ar ailtireacht nua do phróiseálaithe, mar shampla, nó conas a úsáidfimid USB 3.0 nuair a thiocfaidh sé (leid bheag duit - tá sé díreach mar an gcéanna le USB 2.0).

Ach anois is arís tugann siad aghaidh ar an todhchaí, agus nuair a bhuaileadar le chéile i San Francisco d'fhóram an fhómhair i mbliana rinneadar an-chuid cainte ar bhrainse iontach suimiúil den teicneolaíocht: ríomhaireacht chomhthéacs-eolach, nó 'Context-aware Computing'.

An bun-choincheap atá ann ná go n-úsáidfear an iliomad brathadóirí i ngléasanna mar d'fhón soghluaiste, in éineacht leis an gcumhacht ríomhaireachta uilig atá ar fáil dúinn na laethanta seo, agus rudaí dochreidte cliste a dhéanamh leis. B'fhéidir gur fearr é seo a léiriú le sampla.

Samhlaigh tú féin i gceann cúpla bliain, sa bhliain2015 cuirimis i gcás. Tá tú ar saoire áit éigin deas, b'fhéidir i ndeisceart na Fraince, agus tá tú i ndiaidh bheith ag siúl ar feadh cúpla uair an chloig ag baint taitnimh as pé baile nó cathair dheas ina bhfuil tú. Tá sos ag teastáil uait. Baineann tú an fón soghluaiste amach as do phóca nó as do mhála agus breathnaíonn tú air.

Sula dtosaíonn tú ag útamáil leis ar chor bith, tá cuid mhór eolais aige ort cheana féin. Tá a fhios aige ó d'fhéilire go bhfuil tú ar saoire. Tá a fhios aige, ó mhéadair éagsúla atá air, mar mhéadar luasghéaraithe agus GPS, go raibh tú ag siúl le cúpla uair an chloig. Tá a fhios aige bunaithe ar a ndearna tú agus tú ar saoire roimhe seo gur maith leat bia áitiúil a ithe, agus gloine fíona a bheith agat ag am lón chomh maith. Tá sé 22°C lasmuigh, agus ag an teocht sin tá a fhios aige gur maith leat suí lasmuigh. Agus, ar ndóigh, is féidir leis do shuíomh ar an domhan a aimsiú go díreach le GPS.

Tá a fhios aige bunaithe ar a ndearna tú agus tú ar saoire roimhe seo gur maith leat bia áitiúil a ithe, agus gloine fíona a bheith agat ag am lón chomh maith. Tá sé 22°C lasmuigh, agus ag an teocht sin tá a fhios aige gur maith leat suí lasmuigh. Agus, ar ndóigh, is féidir leis do shuíomh ar an domhan a aimsiú go díreach le GPS.

Leis an eolas seo ar fad is féidir leis dul ar líne agus bialanna a aimsiú atá cóngrach agus a oireann do do bhlas pearsanta, agus liosta díobh a sholáthar duit ar an ngléas. Más mian leat, is féidir leat ceann acu a roghnú ón liosta agus bord a chur in áirithe. Má tá siad ag teastáil, tá treoracha ar fáil chomh maith.

Nuair a shroicheann tú an bialann is féidir leis an ngléas moltaí a dhéanamh maidir le roghanna ón mbiachlár, bunaithe, ní hamháin ar an saghas bia a thaitníonn leat, ach ar do réim bhia phearsanta agus fiú cé mhéid aclaíochta atá déanta agat ó mhaidin. Má tá lón mór agat, b'fhéidir go molfaidh sé rud éigin níos éadroime níos déanaí ag am dinnéir.

Cheana féin tá cuid den fheidhmiúlacht seo ar fáil ar ghléasanna *Android* agus ar an *iPhone*. Má tá bialanna á lorg agat is féidir go héasca feidhmchlár ('app') a aimsiú a mholfaidh bialann atá cóngrach duit agus a chuirfidh bord in áirithe. An trí fhadhb mhóra atá le sárú anois ná an t-eolas uilig atá ar fáil a chur le chéile ar shlí atá úsáideach, níos mó eolais a chur ar fáil, agus an t-eolas uilig a bhailítear ar thomhaltóirí a choimeád slán. Níor mhaith le duine ar bith a cheapadh go raibh daoine ábalta a gcuid gluaiseachtaí a leanúint, ach ag an am céanna an mbeidh daoine sásta maireachtáil gan na seirbhísí nua a bheith ar fáil?

Is fadhb, cinnte, atá ann eolas ar dhaoine a choimeád slán, ach ag an am céanna tá ceacht le foghlaim ó Facebook anseo - tá daoine lánsásta eolas a roinnt leis an bpobal i gcoitinne, chomh fada agus atá a fhios acu cad atá á roinnt, agus cé lena bhfuil sé á roinnt.

In éindí leis an teicneolaíocht thuasluaite rinneadh plé ag an IDF ar roinnt teicneolaíochtaí eile a bheidh linn go luath. Ina measc siúd tá úsáid iontach suimiúil de na méadair luasghéaraithe atá cheana féin i mórán fón, mar atá coisíocht duine a mheas agus é a chosaint trí timpistí a réamhinsint. Is cosúil gur féidir measúnú a dhéanamh ar an mbaol atá ann go dtitfidh duine trína choisíocht a thomhas, agus sa chás go dtarlaíonn timpiste is féidir leis an bhfón dul i dteagmháil le seirbhísí éigeandála go huathoibríoch.

Díreach chomh suimiúil céanna, ach b'fhéidir ní chomh tábhachtach céanna, labhair Intel mar gheall ar chianrialtán ('remote control') a bhraithfeadh cén ball den chlann atá á úsáid mar gheall ar an mbealach a mbeireann siad air, agus a dhéanfadh moltaí bunaithe air sin maidir leis na cláir atá ar siúl a mbeadh suim acu iontu. Tá leithidí TIVO cheana féin ag déanamh moltaí maidir le cláir, agus le neart brathadóirí agus cumhacht próiseála ní fada uainn go n-athnóidh an teilifís baill den chlann thar a chéile chomh maith.

Plean Infheistíochta don rialtas beartaithe

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an tAire Fiontraíochta, Batt O'Keefe, i ndiaidh grúpa ardleibhéil a earcú chun plean infheistíochta a chruthú don rialtas maidir le taighde agus fostaíocht.

Is é Jim O'Hara, duine de thionsclaithe móra na hÉireann, agus bainisteoir Intel, atá i gceannas ar an bplean. Tá sé le 20 áit a roghnú a mbeidh an rialtas in ann maoiniú poiblí a dhíriú orthu le haghaidh taighde agus forbartha thar thréimhse de chúig bliana.

Tá an tAire O'Keefe ag iarraidh go gcuirfear obair i gcrích laistigh de 12 mhí, le plean gníomhaíochta do gach ceantar, agus aidhmeanna ar leith don chúig bliana atá amach romhainn.

Táthar ag iarraidh díriú ar áiteanna inar féidir poist d'ardchaighdeán a chruthú agus a bheidh chun leasa na gcáiníocóirí. Agus é ag fógairt an ghrúpa stiúrtha an tseachtain seo, dúirt an tAire go bhfuil an rialtas ag infheistiú €598 milliún i dtaighde agus i bhforbairt acadúil agus tráchtála a dháilfear ar na ranna Rialtais agus eagraíochtaí ar fad.

"Tá an grúpa stiúrtha i ndiaidh tús a chur le togra mór náisiúnta a léireoidh dúinn cá háit is fearr dúinn ár n-infheistíocht a dhéanamh," ar sé. "Táim i ndiaidh a iarraidh ar an ngrúpa stiúrtha eacnamaíocht na hÉireann agus sochaí na tíre a chur ag croílár an phróisis. Beidh an grúpa ag úsáid pleananna cosúla as tíortha eile agus iad i mbun oibre."

Is iad Forfás, eagraíocht chomhairleach an rialtais i leith na heacnamaíochta, atá ag dul i mbun an togra seo, faoi chomhairle an ghrúpa stiúrtha.

Glacfaidh sé bliain an togra a chur i gcrích agus idir 10 agus 20 áit a aimsiú a ndíreofar infheistíocht orthu.

BLÚIRÍNÍ

Le Treasa Bhreathnach

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An praghas is airde riamh d'ór

Tuairiscíodh an praghas is airde riamh d'ór ar mhargaí domhanda ar an gCéadaoin seo caite. D'ardaigh sé ó $250 in aghaidh an unsa in 1999 go $1,312.05 in aghaidh an unsa an tseachtain seo. Tá réamhaisnéiseoirí ag tuar go mbeidh an praghas ag ardú arís agus go mbuailfidh sé níos mó ná $1,313.5 faoin Nollaig. D'ardaigh an praghas d'airgead chomh maith go dtí gur bhain sé amach an praghas is airde le 30 bliain.

Plean fostaíochta an rialtais

Tá an Taoiseach Brian Cowen tar éis feachtas infheistíochta 5 bliana thar lear a sheoladh. Tá súil go gcruthóidh an infheistíocht seo suas le 300,000 post. Deir an rialtas gurb é seo an chéad straitéis chomhtháite chun infheistíocht, turasóireacht agus trádáil thar lear a chur chun cinn. Tá súil go meallfaidh an plean seo suas le 8 milliún turasóir go dtí an tír agus suas le 780 togra infheistíochta eachtrannaí tríd an Údarás Forbartha Tionscail.

Staid eacnamaíochta na tíre

Thug 'Standard & Poors' rabhadh an tseachtain seo go bhfuil gach seans ann go gcosnóidh an bille deiridh d'Anglo Irish Bank níos mó ná €35 milliún. D'ardaigh bannaí na hÉireann ar an margadh idirnáisiúnta go 6.9% i rith na seachtaine agus rinne an t-eacnamaí David McWilliams tweet faoi seo, "Nuair a shroichfidh siad 7% (na bannaí), deireadh a bheidh i ndán d'eacnamaíocht na tíre." Ach, deir Coimisinéir na hEorpa Olli Rehn nach mbeidh ar Éirinn cabhair éigeandála airgeadais a fháil.

Stoic Ronnaigh i mbaol

Thug an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Seán Connick rabhadh an tseachtain seo go bhfuil an baol ann go ngearrfaí cuótaí iascaireacht ronnaigh an bhliain seo chugainn. Is í Éire ceann de na hocht dtír a thug rabhadh don Íoslainn go gcaithfidís aontú leis an Aontas Eorpach ar a gcuid cuótaí nó go mbeadh an baol ann go gcuirfí smachtbhannaí i bhfeidhm orthu. I mbliana thóg an Íoslainn 130,000 tonna éisc, ceithre huaire níos mó ná ceithre bliana ó shin, agus thóg na hOileáin Faró 85,000 tonna, trí huaire níos mó ná ceithre bliana ó shin. Is é 62,000 tonna cuóta na hÉireann.

Stoic 'Facebook' ar an margadh ó 2012

Deir duine de bhord stiúrtha '*Facebook*' go bhfuil súil acu go mbeidh stoic an ghnó ar díol go poiblí am éigin tar éis 2012. Meastar gur fiú na billiúin dollar an comhlacht agus go mbeadh tóir uafásach ard ar dhíolacháin phoiblí a gcuid stoc. Bhunaigh Mark Zuckerberg agus a chairde 'Facebook' in ollscoil Harvard in 2004 agus go dtí seo níor scaoil siad ach fíorbheagán eolas airgeadais faoin chomhlacht. Beidh scéal Zuckerberg agus 'Facebook' le feiceáil sa scannán 'The Social Network' go luath agus, i ngreannán, deir Zuckerberg go bhfuil go leor botún i scéal 'The Social Network'.



Folúntas

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Léachtóir (Os Cionn an Bhaic) le Paiteolaíocht

Tuarastal: €62,059 – €81,431 sa bhliain

Spriocdháta: 4 Samhain 2010

Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

www.oegaillimh.ie

7 COMHSHAOL

Conas plé le Maistíteas

An tseachtain seo beimid ag cur tús le sraith nua d'fheirmeoirí agus d'úinéirí peataí. Cuirfidh ár dtréadlia, **Sinéad Ní Mháille**, comhairle ar fáil agus cuirfidh sí fáilte roimh cheisteanna. Cuirtear na ceisteanna chuig **litreacha@gaelscéal.ie**

GALAR cíochach is ea an maistíteas. Tagann sé ar gach cineál ainmhí, ach feictear a lán cásanna de ar an mbó go háirithe gach bliain.

Faightear cineálacha difriúla mastítis sa bhó agus is bactéir eagsúla is cúis leis an chuid is mó díobh.

Na cinn is coitianta:

1) **Mastíteas Stafalacocúil**

Is féidir leis seo a bheith fochliniciúil, nuair nach mbíonn cuma róthinn ar an mbó ach go laghdaítear an méid bainne a bhíonn sí in ann a thál. Is minic a bhíonn céatadán mór den tréad ag iompar an bhactéir.

I gcásanna eile bíonn an tinneas an-dona agus morgthach (gangrenous). Bíonn an chíoch gorm, fuar agus ata. Tosaíonn an chíoch sin ag lobhadh agus bíonn an bhó an-tinn leis.

2) **Maistíteas Streipteacocúil**

Is galar fochliniciúil é seo go hiondúil. Ní bhíonn cuma thinn ar an mbó ach laghdaítear an méid bainne a tháltar agus bíonn SCC ard sa bhainne.

3) **Maistíteas Dhrólannach** (E-coli)

Feictear an galar seo go hiondúil tar éis do bhó lao a chur ar an saol. Faightear é níos minice i mbeithígh atá níos sine nó atá istigh i scioból. Bíonn siad an-tinn leis. Is féidir go mbeadh an teocht ardaithe nó íslithe. Uaireanta bíonn buinneach orthu agus bíonn tál uisciúil ag sileadh ón gcíoch. Ba cheart an chíoch a fholmhú chomh minic agus is féidir.

4) **Maistíteas Samhraidh**

Bíonn an galar seo coitianta i mba agus i mbodóga sa samhradh nuair a bhíonn aimsir the ann. Scaipeann na cuileoga é. Bíonn an chíoch ata agus pianmhar. Bíonn sileadh brachúil ag teacht amach as an gcíoch agus bíonn boladh bréan uaidh. Is minic a bhíonn an t-ainmhí bacach freisin. Bíonn an t-ainmhí an-tinn agus fiabhras air. Uaireanta briseann neascóid amach in aice leis an tsine.

Bíonn a lán costas ag baint le maistíteas, go háirithe más feirmeoireacht ba bainne atá i gceist:

1) **Caithfear bainne a chaitheamh amach**

2) Costais thréidliachta agus leighis

3) Laghdú ar an méid bainne a tháltar

4) I gcásanna dona, cailltear ba leis

5) Caithfear ba nua a cheannach

6) Gearrtar pionós ar fheirmeoirí má bhíonn TBC no SCC ard nó iarmhar frithbheathach sa bhainne.

Cóir Leighis

I roinnt cásanna oibreoidh cúrsa d'fhrithbheathaigh. I gcásanna dona beidh sreabháin ag teastáil ón mbó. Moltar suathaireacht a dhéanamh ar an gcíoch chun í a fholmhú.

Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh ar theacht roimh na galair

1) Sláinteachas feirme a fheabhsú

2) Smacht a choinneáil ar chuileoga

3) Ba cheart ainmhí atá ag scaipeadh an ghalair a thabhairt amach as an tréad

4) Teiripe seascaí (dry cow) a úsáid

D'fhreastail Sinéad Ní Mháille ar Choláiste na hOllscoille, Baile Átha Cliath, áit ar cháiligh sí i a tréidlia in 2003. Tá sí ag obair le hainmhithe beaga agus le hainmhithe feirme ó shin. Is as Tuar Mhic Éadaigh ó dhúchas í agusTá sí pósta le tréidlia eile, Rónán Curran atá i bhfeighil ar Ospidéal na nAinmhithe i gCaisleán an Bharraigh. Tá beirt clainne acu, Liam agus Muireann.

Blúiríní Chomhshaoil

Le Treasa Bhreathnach

Cuthach ar fheirmeoirí na tíre

Ag cruinniú idir Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Brendan Smith, léirigh an tUachtarán an cuthach atá ar fheirmeoirí na tíre. Is mar gheall ar mhoill ar íocaíochtaí um fheirmeacha aonair agus íocaíochtaí i dtaca le ceantair atá faoi mhíbhuntáiste atáthar feargach. Léirigh sé, chomh maith, an tábhacht atá leis na híocaíochtaí seo agus nach mbeadh aon chuid eile den phobal sásta cur suas le moill den chineál seo.

Maoiniú do Thuaisceart Éireann ón AE dícheadaithe

Tá Aireacht Talmhaíochta Thuaisceart Éireann ag iarraidh a chinntiú nach mbeidh fiacha de £100 milliún punt á ngearradh orthu trí dul chuig an chúirt is airde san Eoraip. Is mar gheall ar bhotún ar mhapaí a tógadh an cás seo ar dtús, mapaí a d'úsáid feirmeoirí chun fóirdheontas a bhailiú ón gCoimisiún Eorpach. Tá na mapaí seo á dtarraingt ó 2004 ar aghaidh i leith agus baineann siad leis an íocaíocht um fheirmeacha aonair (single farm payment). Tá dícheadú déanta ag an Eoraip ar íocaíochtaí de luach £64 milliún agus táthar ag iarraidh £40 milliún sa bhreis a dhícheadú. Go dtí seo tá suas le £4 billiún dícheadaithe ar fud na hEorpa.

Tarrtháil 70 capall i gContae Aontroma

Tá an USPCA tar éis 70 capall a thógáil as feirm i gContae Aontroma mar go raibh siad ag fulaingt le droch-chothú agus go raibh siad i mbaol a mbáis. Fuarthas roinnt creatlach capaill ar an suíomh chomh maith. Is le fear singil, a raibh fadhbanna sláinte aige, na capaill agus tuigtear go bhfuil sé ag fáil cóireáil leighis i láthair na huaire.

Is é seo an tarrtháil is mó atá déanta ag an USPCA le céad bliain anuas. Bhí orthu cúnamh a iarraidh ar roinnt tearmann ar fud na tíre, Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhnithe ina measc.

40% de leictreachas le teacht ó fhoinsí malartacha faoi 2020

Tá sé mar sprioc ag Tuaisceart Éireann 40% de leictreachas a fháil ó fhoinsí malartacha faoi 2020. Táthar ag iarraidh a bheith ag brath níos lú ar bhreoslaí mar ola, gual agus gás. I láthair na huaire tá níos lú ná 10% de leictreachas Thuaisceart Éireann ag teacht ó fhoinsí malartacha - is as feirmeacha gaoithe, den chuid is mó, a thagann sé sin. Admhaítear nach mbeidh sé saor an t-athrú seo a chur i bhfeidhm agus meastar go mbeadh £100 sa bhreis le híoc ag custaiméirí as a gcuid leictreachais leis an sprioc a bhaint amach.

Ag dreapadóireacht ar mhíol mór

Tá fiacha móra i ndán do dhéagóir a chonacthas ag dreapadh ar dhroim míl mhóir san Astráil an tseachtain seo. Bhí an leaid óg ag dreapadh ar cheartmhíol mór an deiscirt, míol mór arbh fhéidir leis fás go 18 méadar ar fhad agus 800 tonna meáchain. Tá sé in aghaidh an dlí in Albany na hAstráile báid dul i ngiorracht 100 méadar do mhíol mór, agus snámhóirí dul 30 méadar i ngiorracht dóibh. D'fhéadfadh an déagóir a bheith ag súil le fiacha de suas le $10,000.

EOLAÍOCHT

CSI: Éire

Tá CSI, an clár teilifíse, feicthe againn go léir ach cad é fírinne na heolaíochta taobh thiar den fhicsean?

Conn Ó Muineacháin

Radharc anuas ar shoilse geala Las Vegas. Ansin, feictear soilse gorma agus dearga na bpóilíní. Tá fiosruithe dúnmharaithe ar siúl arís ag LVPD.

Ach cá mbeidís gan na heolaithe? Seasann gach éinne ar leataobh roimh 'Grissom' agus a chomhleacaithe. Níl cead lámh a leagan ar aon rud nach bhfuil scrúdaithe ar dtús ag lucht 'CSI'. Is bleachtairí na heolaíochta iad.

Tá 'CSI: Crime Scene Investigation' ar an aer le 10 mbliana, agus tá sraith a 11 díreach seolta sna Stáit Aontaithe. Tá dhá shraith eile spreagtha aige, faoi Miami agus Nua-Eabhrac, agus tá sé aitheanta mar an clár teilifíse is mó éileamh ar domhan.

Sa bhliain 2009 d'fhéach 73.8 milliún duine ar fud an domhain ar CSI. Mar is iondúil do chlár mór teilifíse, tá CSI taibhsiúil. Níl aon chosúlacht idir íomhá thraidisiúnta Hollywood, den eolaí ina chóta bán, agus laochra slachtmhara CSI lena spéaclaí gréine. Agus, ní hiad na haisteoirí amháin atá dathúil: tá an eolaíocht féin go hálainn freisin. Go hálainn, agus dochreidte! Mar shampla, an DNA. Mar a dúirt mé an tseachtain seo caite, tá an DNA céanna againn i ngach aon chill inár gcoirp. Agus tá an DNA sin go hiomlán éagsúil ó gach aon duine eile.

Fágann gach aon duine againn rianta DNA inár ndiaidh, i gcealla craicinn, mar shampla, atá dá gcaitheamh dínn an t-am ar fad, nó i sreabháin choirp ar nós fola nó seamhain.

In anailís fhóiréinseach DNA, ní hamhlaidh go n-oibrítear amach an cód iomlán, nó an géanóm. Is obair mhór é sin, a úsáideann go leor acmhainní agus ama. Cúpla seachtain ó shin, d'fhógair eolaithe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath go raibh an géanóm iomlán léite acu do dhuine Éireannach den chéad uair. Thóg sé bliain orthu é sin a dhéanamh, agus bhí costas €30,000 air.

Ach níl an géanóm iomlán ag teastáil le haghaidh na heolaíochta fóiréinsí. Roghnaíonneolaithe patrúin shainiúla ar leith sa DNA le cur i gcomparáid chun 'próifíl' DNA a aimsiú. Ní hionann an phróifíl agus an géanóm iomlán, ach má tá dhá phróifíl mar an gcéanna, níl ach seans amháin as billiún nár tháinig siad ón nduine céanna.

Tá anailís phróifíle i bhfad níos tapúla ná an géanóm iomlán - ach fós féin níl sé chomh tapa agus atá sé in CSI: Crime Scene Investigation. Ar an gclár teilifíse bíonn torthaí ar thástáil DNA acu taobh istigh d'uair an chloig nó dhó. Sa bhfíorshaol, tógann sé cúpla seachtain ar a laghad.

Ní bheadh lucht féachana CSI sásta le moill mar sin. Mar sin insítear scéal dúinn a bhaineann úsáid as eolaíocht na linne seo, ach go bhfuil sí feabhsaithe, treisithe agus i bhfad níos tapúla ná an teicneolaíocht chéanna sa bhfíor-shaol.

Deir léiritheoirí an chláir go bhfuil CSI lonnaithe "20 nóiméad sa todhchaí" ó thaobh na heolaíochta de. Admhaíonn siad go dtaispeántar teicneolaíocht ar an gclár nach bhfuil againn go fóill, ach a d'fhéadfadh a bheith.

Ní hionann sin agus a rá nach bhfuil modhanna oibre atá iontach agus cumasach in úsáid i ngnáthshaotharlann fhóiréinseach. An tseachtain seo ar an gclár raidió, labhraímid leis an nDochtúir Seán Mac Diarmada, leas-stiúrthóir ar Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, nó an tSaotharlann Dlí-eolaíochta mar a thugtar air, atá i gceanncheathrú na nGardaí i mBaile ÁthaCliath.

Dar leis an Dochtúir Mac Diarmada, is uirlis fhíor-chumasach í an anailís DNA - ainneoin nachdtugann sé torthaí ar an bpointe boise. Ach níl siad ag brath ar DNA amháin. Déantar anailís ar rianta coise, ar shnáithíní éadaigh, ar shamplaí de ghloine, péint, pléascáin, drugaí agus goleor substaintí eile. Míníonn sé go bhfágann daoine rianta de gach aon saghas ar láthair choire, agus go deimhin go bhfágtar rian na láithreach ar an duine féin.

Tá líomhaintí curtha i leith CSI na teilifíse go gcothaíonn sé dearcadh mí-réadúil faoi fhianaise fhóiréinseach i measc an phobail i gcoitinne, agus giúiréithe ach go háirithe. Níl aon tuairim ag an Dochtúir Mac Diarmada faoi sin, ach síleann sé go bhfuil dea-thoradh ar an 'iarmhairt CSI' sa mhéid is go bhfuil éileamh mór ar chúrsaí tríú leibhéal a bhíonn ag plé leis an eolaíocht fhóiréinseach.

Agus b'fhéidir nach bhfuil an ficsean ró-áiféiseach ach an oiread? An mhí seo caite, d'fhógair eolaithe ag Ollscoil Arizona in Phoenix go bhfuil gléas á fhorbairt acu atá in ann anailís a dhéanamh ar shampla DNA, é a chur i gcomparáid le bunachar sonraí náisiúnta agus na torthaí a thabhairt ar ais taobh istigh de dhá uair an chloig. Tá siad ag obair i gcomhar leis an FBI agus le húdaráis san Eoraip agus san Astráil le caighdeáin oibre a fhorbairt ionas go mbeifear in ann an gléas a chur ag obair i saotharlanna fóiréinseacha ar fud an domhain.

Sa chás seo b'fhéidir, tá an fhírinne chomh hiontach leis an bhficsean féin?

"Ar Strae sa tSaotharlann", clár na heolaíochta agus na timpeallachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.

Gluais:

eolaíocht fhóiréinseach: forensic science
sreabháin choirp: body fluids
seamhan: semen
géanóm: genome
snáithíní éadaigh: textile fibres
láthair choire: crime scene

8 BEATHA

Cúrsaí Taistil

An Rómáin – Seantír ar Tí Athrú

Amharcann **Diarmuid Johnson** ar an seansaol mar a mhaireann go fóill sa Rómáin

IS beag áit san Eoraip a bhfuil seansaol na tuaithe chomh bisiúil ann agus atá i sléibhte agus i ngleannta na Rómáine. Ach is baol go dtiocfaidh deireadh le seanchas agus le saoithiúlacht na mbailte beaga faoi mar a tháinig i dtíortha go leor eile le dhá scór bliain anuas. Chaith mé féin seachtain sa Trasalváin le deireanas ag siúl na tíre go bhfeicfinn an sean agus an nua.

Geoagiu de Sus is ainm don bhaile ar chaith mé an chéad oíche ann. I ngleann cúng iargúlta faoi scáth na haille atá sé. Tá cónaí fós sna seantithe ceann tuí ann. Tithe adhmaid iad seo a bhfuil díon ard orthu ar déanamh coca féir. Ní fhacas féin a macsamhail in áit ar bith ó cheann ceann na hEorpa. Ach tá tithe nua á dtógáil ann anois chomh maith, tithe saoire ina measc. Dhá fhuaim a chuala mé taobh amuigh d'fhuinneog an óstáin ar maidin: trup trap chrúba capaill ar an mbóthar fúm agus buillí rialta na gcasúr.

Bhí an chéad tine á lasadh sna tithe tar éis an tsamhraidh an lá sin. Agus féar á bhaint. Casadh dúinn spealadóir ar dhroichead cúng adhmaid. D'fhiafraigh mé de cén focal a bhí aige ar speal. "*Kosa,*" arsa sé. "Speal," arsa mise. "Speal," arsa seisean agus straois mhór air. Is gearr go bhfaca muid bean ag iompar beart féir ar leathghuaille. I móinéar eile bhí an féar bainte agus scartha, agus an meitheal sínte fúthu ag ligean scíth an mheánlae.

Plumaí an dara rud a bhí á mbaint an lá sin. Bhí crainn phlumaí go flúirseach ar fud an ghleanna agus dath na haibíochta ar na torthaí. Úsáidtear na plumaí le poitín a dhéanamh. *Ţuică* a thugann na Rómánaigh air. Sa gheimhreadh, téitear é ar an tine, agus cuirtear pinsín piopair ann le slaghdán a leigheas.

Labhair mé le Bogdan Neagota, eitneagrafaí as Ollscoil Cluj maidir le gnéithe de chultúr an bháis sa Rómáin. D'inis sé dhá scéal dom. "Cailleadh Izvoara i mí Lúnasa ar mo bhaile féin," ar sé. "An lá a chuir na comharsana beannacht lena hanam, lig siad dhá scór coinneal le sruth na habhann. D'éalaigh na soilse leo ar bharr an uisce. I mbaile eile i gceantar Cluj, chuir bean gin mharbh ar an saol. Lasadh tine chnámh leis an mbealach chun na bhflaitheas a thaispeáint don leanbh, agus lena chraiceann mín nocht a théamh."

Tá deasghnátha na heaglaise agus gnásanna an phobail fite fuaite ina chéile chomh maith. Ar 15 Lúnasa – lá Mhuire Mhóir – téann na mná go dtí an séipéal le moch maidne. Cuireann siad túis á dó, agus de réir mar a bhíonn an deatach ag éirí faoi na ráftaí le maidneachan an lae, cuirtear tús leis an gcantaireacht. Nuair a bhíonn an deatach ag guairdeall go tiubh, amach leo le néal den deatach beannaithe a chur sa scioból agus sa teach leis an mí-ádh a dhíbirt.

Chuaigh mé go Sibiu ar an mbus tar éis dom a bheith in Geoagiu de Sus. Shuigh seanfhear le mo thaobh sa stáisiún. Ba léir fonn cainte air. "Níl aon Rómáinis agam," arsa mise i dteanga na tíre. Bhí triúr páistí ar thaobh an bhóthair ag magadh faoin saol. Cailín deich mbliana d'aois, gúna dubh scaoilte go talamh uirthi agus scairf ildaite. Leathnocht a bhí an bheirt ab óige. Mullach catach dubh orthu, agus a gcneas chomh buí le céir na mbeach.

Shroich mé ceann scríbe gan mórán stró, mé féin, beirt sagart a raibh an éide dhubh orthu agus féasóg go himleacán, seanduine meidhreach nár bhain de a hata ar feadh an aistir, agus bean a dúirt liom go bhfuil deartháir aici ina dhochtúir sa Ghearmáin. Ní de thaisme a luadh an Ghearmáin. Tá ainm eile ar Sibiu – Hermannstadt. Sa 12ú haois déag, le linn do Geisa II a bheith ina rí ar an Ungáir, nuair a bhí cogadh na croise á chur ar Ioslam, tháinig pobal ó cheantar an Rhein in iarthar na Gearmáine agus chuir siad fúthu sa Trasalváin. Tá a dteanga á labhairt ann ó shin, agus tá ainmneacha na sráideanna i nGearmáinis agus i Rómáinis ar fud an chontae. Ag dul ar ais go Alba Iulia dom an oíche sin, bhí fear cois bóthair agus é ag fosaíocht le bó ar iall. D'fhéach mé amach ar fhuinneog an bhus arís: bhí capall faoi charr ag teacht inár leith sna cosa in airde agus ribín dearg faoina chluais.

Seanteach ceann tuí sa Rómáin. (PIC : DIARMUID JOHNSON)

Níl áit ar bith san Eoraip ach an Rómáin a bhfuil an saol fós mar a bhíodh fadó. Is ann anois a bhíonn na haoirí ar an sliabh, an spealadóir sa chluain, torann na gcrúb ar bhóithre na gcapall, agus coinnle á seoladh go ciúin le sruth na habhann nuair a fhaigheann na seandaoine bás. Ach ní gan dua a shiúlfaidh duine an tír. Ar m'éirí dom ar maidin, ní raibh uisce te san óstán, agus bhí turas ocht n-uaire an chloig romham ar thraein, gan tae, caifé ná uisce á ndíol ann.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

An Bradán Feasa, Dóiteoir na Samhna

Darach Ó Scolaí, Leabhar Breac, €7.50

IS dhá leabhar beag gleoite iad seo a bhfuil clúdaigh ildaite tarraingteacha orthu. Foilsithe ag leabhar Breac, is leabhair iad seo atá fíorshnasta ar fad agus tá ardchaighdeán clódóireachta le feiceáil iontu.

Tá an dá leabhar mar chuid den tsraith céanna, sraith Fionn mar a thugtar air, agus athinsint atá sa dá cheann ar chuid de sheanscéalta móra na nGael. Is smaoineamh iontach é agus d'éirigh go breá ar fad le Darach Ó Scolaí na scéalta a chur in oiriúint do dhaoine óga an lae inniu trí léaráidí agus pictiúir mhaithe a chur in aice leis an téacs agus Gaeilge álainn ach sothuigthe a úsáid do na léitheoirí óga. Bhain Leabhar Breac áit amach ar ghearrliosta leabhar na bliana do dhaoine óga mar gheall ar an sraith seo, ní nach ionadh. Seans go bhfuil na leabhair rud beag costasach ar €7.50 an ceann ach is cinnte go mbainfidh páistí suilt astu mar sin féin.



Féile Leabhar na bPáistí 20 bliain ar an bhfód

Meadhbh Ní Eadhra

Cuireadh tús inniu le Féile Leabhar na bPáistí, féile náisiúnta ina ndírítear aird ar leabhair do pháistí agus do dhaoine óga. Leanfaidh an fhéile ar aghaidh go deireadh na míosa agus beidh os cionn 50 údar agus scéalaí páirteach ann.

Bíonn imeachtaí ar siúl ar fud na tíre mar chuid den fhéile seo gach bliain, cuid acu i mBéarla, cuid i nGaeilge agus cuid eile dhátheangach. Deir Tom Donegan, a oibríonn go crua bliain i ndiaidh bliana chun an fhéile a fheabhsú agus a chur chun cinn, go raibh Foras na Gaeilge an-fhlaithiúil i mbliana ach go háirithe maidir leis an tacaíocht atá á thabhairt acu di.

"Anuraidh, d'éirigh linn scríbhneoirí Gaeilge éagsúla a chur go ceithre údarás leabharlanna éagsúla, ach i mbliana, tá ardú mór tagtha ar an bhfigiúr sin, agus beidh 20 scríbhneoir Gaeilge páirteach san fhéile, chomh maith le 24 údarás éagsúil. Sin an figiúr is airde riamh is dóigh liom. Tá comóradh 20 bliain na féile ar siúl i mbliana agus mar sin theastaigh uainn tuilleadh imeachtaí Gaeilge a reáchtáil," ar sé.

Cuireann an tUasal Donegan béim ar ról Fhoras na Gaeilge agus ar an maoiniú a chuireann siad ar fáil don fhéile.

"Gan an tacaíocht uathu, níl seans ar bith go bhféadfadh na himeachtaí seo dul ar aghaidh, go háirithe agus na ciorruithe go léir á chur i bhfeidhm ar na leabharlanna," ar sé.

Bhí an scríbhneoir mór le rá Ré Ó Laighléis, a bhfuil a chuid leabhair aistrithe go mórán teangacha éagsúla agus neart duaiseanna bainte amach aige dóibh freisin, i láthair i Leabharlann Granary i gCathair Luimnigh ar maidin agus é ag labhairt le daoine óga faoin scríbhneoireacht agus faoin léitheoireacht. Is cinnte gur chuir sé tús maith leis an bhféile, agus beidh sé ag tabhairt cuairt ar leabharlanna i nDeisceart Bhaile Átha Cliath Dé Máirt seo chugainn freisin.

Is iad Niall de Búrca, Anna Heussaff, Mícheál Ó Ruairc, Eithne Ní Ghallchobhair, Laoise Ní Chomhraí, Patricia Forde, Ailbhe Nic Giolla Bhrighde, Áine Ní Ghlinn, Seán O'Laoghaire, Mary Arrigan agus go leor eile a bheidh i mbun na himeachtaí Gaeilge eile, agus bíonn cuid acu sin páirteach san fhéile gach bliain.

Patricia Forde, údar a bheidh glacadh páirte i bhFéile Litríochta na bPáistí i mbliana. PIC: JOE TRAVERS

Chomh maith leis na himeachtaí Gaeilge, tá neart eile ar siúl mar chuid den fhéile. Beidh Siobhan Parkinson, Laureate na nÓg, agus Marie-Louise Fitzpatrick mar aíonna speisialta i leabharlann i dTamhlacht i nDeisceart Bhaile Átha Cliath Dé Máirt, agus craolfar an ócáid beo ar an idirlíon an lá sin.

Tá cuid d'údair mhóra le rá na tíre seo ag glacadh páirte san fhéile, agus aithneoidh an pobal scríbhneoirí ar nós Oisín McGann, Tom McCaughren, Niamh Sharkey, Paul Tubb agus mar sin de, a bheidh go léir ag cuidiú chun daoine óga a spreagadh ó thaobh na scríbhneoireachta agus léitheoireachta de. Beidh scéalaithe ag tabhairt cuairt ar leabharlanna freisin, agus iad ag léiriú go bhfuil traidisiún na scéalaíochta fós beo, in áiteanna áirithe sa tír. Chomh maith leis sin, beidh seónna agus imeachtaí difriúla ar siúl, cosúil le seó Shéan Uí Laoghaire, ar puipéadóir é.

Tá comórtas speisialta ann arís i mbliana, á reáchtáil ag an gcomhlacht foilsitheoireachta O'Brien Press. Is éard atá i gceist ná comórtas chun deis a thabhairt d'ealaíontóirí óga a gcuid ealaíon a fheiceáil ar chlúdach leabhar foilsithe. An leabhar a bheidh ag fáil clúdach úr i mbliana ná October Moon le Michael Scott, a foilsíodh in 1992. Chomh maith leis sin, beidh comórtas aon fhocal ann do scríbhneoirí óga.

Tháinig an inspioráid don chomórtas ó phóstaer na féile, a dhear an maisitheoir Kevin Waldron.

Tá tuilleadh eolais faoin gcomórtas ar fáil ar an suíomh gréasáin www.childrensbooksireland.ie, chomh maith le clár iomlán na féile. Tá go leor contaetha ar fud na hÉireann ag cur imeachtaí ar siúl, ó Chorcaigh go Dún na nGall, agus ó Ghaillimh trasna go Baile Átha Cliath. Níl imeachtaí ar bith ar siúl sna sé chontae, agus is mór an trua é seo, go háirithe mar go bhfuil ag éirí chomh maith sin leis an bhféile sa chuid eile den tír.

Children's Books Ireland — Leabhair Pháistí Éireann

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Féach ar:

Luke Fitzgerald with Máire Treasa Ní Dhubhghaill


Craig Doyle

TG4: 'Rugbaí Beo' Craoladh beo ar an gcluiche idir Cúige Laighean agus Cúige Mumhan sa 5ú babhta de Shraith Magners as Staid Aviva. Is í Máire Treasa Ní Dhubhghaill a chuirfidh an clár i láthair agus is iad Gearóid Mac Donncha agus Seán Ó Conghaile a bheidh i bun tráchtaireachta agus anailíse. Dé Sathairn @ 7in

RTÉ: 'The Panel' Cuirfear tús le sraith nua de The Panel anocht leis an láithreoir Craig Doyle. Beidh Andrew Maxwell, Mairead Farrell, Neil Delamare agus Colin Murphy ar ais arís agus iad ag scagadh scéalta nuachta chun a dtuairimí a thabhairt ar chúrsaí reatha na tíre. Déardaoin @ 10.15in

TV3: 'The Apprentice' Tá ceathrar déag fágtha san iomaíocht agus an tseachtain seo caithfidh na foirne Elev8 agus Fushion feachtas fógraíochta a dhéanamh do Lucozade lite. Beidh le feiceáil cé lena ndéarfaidh Bill Cullen na focail 'You're fired!" an tseachtain seo. Dé Luain @ 9in

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Ar Scáth a chéile' Labhraíonn Jimí Joe Shéamuis le Seosamh Ó Braonáin maidir lena bheith ag múineadh scileanna liathróid láimhe do pháistí ina cheantar dúchais. Is as na hAille in Indreabhán, Contae na Gaillimh é Jimí Joe agus tá sé fós ag dul dó go tréan agus é ar an bpinsean. Amárach @ 6.30in

Today Fm: 'The Last Word' le Matt Cooper. Seo sraith ina bpléitear na scéalta móra náisiúnta agus idirnáisiúnta de réir mar a bhíonn siad ag titim amach. Le meascán d'aíonna, idir pholaiteoirí, réaltaí spóirt agus eacnamaithe, ní bhíonn a fhios agat go n-éisteann tú leis cé a chloisfidh tú. Gach Luan - Aoine idir 4.30 agus 7in

iRadio 102-104fm: 'Ar Éileamh' sraith ina mbíonn meascán de cheol, agallaimh agus iarratais agus iad uile dátheangach. Curtha i láthair ag Barbara Nic Dhonnacha a.k.a An Sionnach Ninja! Gach lá @ 7in

Todhchaí na gClár Faisnéise á plé i nGaillimh

Treasa Bhreathnach

TÁ an *Galway Film Centre*, *MEDIA Antenna* agus *GMIT* ag reáchtáil seimineáir saor in aisce i nGaillimh ar 15ú agus 16ú Deireadh Fómhair in Óstán an Radisson i nGaillimh. Is seimineár é seo a dhíreoidh ar chláir fhaisnéise agus is é an teideal atá air 'Talking Documentary: Finance, Form and Future."

Ní hamháin go mbeidh siad dírithe ar an margadh náisiúnta ach ar an Aoine pléifear an margadh idirnáisiúnta. Beidh paineálaithe idirnáisiúnta ar fáil i gcomhair cruinnithe aonaracha ag am lóin chomh maith. Beidh eagarthóirí coimisiúnaithe clár faisnéise i láthair, Niamh O'Connor ó RTÉ, Fintan Maguire ó TV3 agus Mícheál Ó Meallaigh ó TG4. Ar ndóigh, ní féidir scannán nó clár teilifíse a dhéanamh gan maoiniú, mar sin beidh fir agus mná an airgid ó Bhord Scannán na hÉireann, ón gComhairle Ealaíon agus ó Údarás Craolacháin na hÉireann i láthair. Tá líon teoranta áiteanna ann, mar sin má tá suim agat freastal ar an seimineár seo b'fhiú dul i dteagmháil le info@galwayfilmcentre.ie chun foirm iarratais a fháil.

Neverland

THUG an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin cuairt ar sheit an scannáin '*Neverland*' atá á thaifead in Éirinn faoi láthair, i rith na seachtaine. Is iad Rhys Ifans, Anna Friel agus Bob Hoskins roinnt de na haisteoirí atá ag glacadh páirte sa scannán.

Táthar ag scannánaíocht timpeall na hÉireann ar feadh 11 seachtain, go príomha i gCúige Laighean timpeall ar Chill Chainnigh agus Baile Átha Cliath. Is réamhscéal de dhá chuid é 'Neverland' a ghabhann le scéal Peter Pan. Tá 180 de chriú fostaithe agus suas le 1,000 lá oibre i gceist d'aisteoirí breise. Dúirt an tAire agus í ar cuairt ar an seit, "Treisíonn léiriúcháin idirnáisiúnta móra cosúil le '*Neverland*' eacnamaíocht na tíre. Coinníonn ár gcriúnna oilte sinn chun tosaigh in intinn scannánóirí idirnáisiúnta agus iad ag déanamh a gcuid cinntí i leith léiriúcháin." Meastar go gcuirfear suas le €200 milliún le heacnamaíocht na tíre mar gheall ar an tionscal teilifíse agus scannánaíochta mar gheall ar chaiteachas ar earraí áitiúla, fostaíocht agus seirbhísí.

Féile na Meán Ceilteach 2011

TÁ Féile na Meán Ceilteach anois ag glacadh le hiarratais d'fhéile na bliana seo chugainn a bheidh á reáchtáil sna hEileanan an Iar (Inse Gall) in Albain 13-15 Aibreán 2011. Is é an Aoine 22 Deireadh Fómhair ag 5in an spriocdháta d'iontrálacha.

Tugann an fhéile cuireadh do dhéantóirí scannán, clár teilifíse, clár raidió agus na meáin idirghníomhacha as na tíortha agus na náisiúin Cheilteacha ar fad iontrálacha a chur isteach ar an gcomórtas. Tá an comórtas oscailte d'aon togra a coimisiúnaíodh, a craoladh nó a taispeánadh go poiblí (do 50 duine ar a laghad) idir 23 Deireadh Fómhair 2009 agus 22 Deireadh Fómhair 2010. D'fhéadfadh do chlár a bheith i mBéarla, i nGaeilge nó i dteanga Cheilteach eile. Tá costais éagsúla iontrála i gceist, ag brath ar an rannóg ar a bhfuil tú ag cur isteach. Bíonn idir €25 agus €170 le híoc agus tá ranna agus gradaim éagsúla le buachan, don tsraith is fearr de chláir fhaisnéise agus don stáisiún raidió is fearr ina measc.

Sé lá agus ómós dá sheanmháthair...

Róisín Ní Éalaí

'At First Light', Bob Brozman, Dónal O'Connor agus John McSherry ag taifeadadh a n-ablam úr, 'Six Days in Down'.

D'EISIGH an fidléir Dónal O'Connor, an píobaire John McSherry, agus an giotáraí sleamhnáin Bob Brozman, albam nua an tseachtain seo darb ainm "Six Days in Down." Is comhoibriú ceoltóirí é seo agus cloisfear píosaí ceoil traidisiúnta chomh maith le saothair nua le leid ghrinn ar nós "Beer Belly Dancing", ar an gceirnín.

Mac leis an bhfidléir aitheanta, Gerry O'Connor, agus leis an amhránaí Eithne Ní Uallacháin, tá Dónal O'Connor ag cur faoi i mBéal Feirste i láthair na huaire, áit a gcuirfear tús le camchuairt "Six Days in Down" ar an 20 Deireadh Fómhair, in 'Empire Music Hall." Leanfaidh an chamchuairt cheoil seo ar aghaidh go dtí 27 Deireadh Fómhair.

Rinneadh an t-albam seo a thaifeadadh laistigh de shé lá i nDún Pádraig, i dTuaisceart na hÉireann. Cloistear amhráin thraidisiúnta ar nós 'Cailleach A Shúsa' agus 'Bean an Fhir Ruaidh', le dhá ghiotár Háváíocha "Kona" á seinm ar an leagan seo. Chomh maith leis sin tá an t-amhrán 'A Mháire Bruineáil' a thagann as Contae Dhún na nGall, ceaptha ag Tadhg Ó Tiománaidhe, le cloisteáil ar "Six Days in Down". Canann Stephanie Makem ar an rian seo. Mar a tharlaíonn sé, is é seo an t-amhrán is fearr le Dónal é féin.

Inis dúinn faoin albam nua

Bhuel, tá mé féin agus John McSherry ag seinm le chéile le blianta leis an ghrúpa "At First Light" agus iarradh orainn 'collaboration' a dhéanamh le giotáraí mór le rá as na Stáit Aontaithe, Bob Brozman. Tá cáil Bob amuigh mar an giotáraí sleamhnáin is fearr ar domhan. Is onóir mhór é dúinne an seans seo a fháil agus taifeadadh a dhéanamh leis.

Ar réitigh sibh go maith le chéile mar ghrúpa leis an gcineál ceoil a bhí sibh a sheinm?

Cinnte! Bhuel tá seisean ag teacht as domhan iomlán éagsúil, is é an príomhrud a bhíonn á dhéanamh aige ná giotár Haváíoch a sheinm agus bíonn sé ag dul ar fud an domhain ag déanamh ceirníní le ceoltóirí éagsúla. De ghnáth ar oileán te le haimsir dheas ach an uair seo roghnaigh sé 'collaboration' a dhéanamh ar oileán 'cold climate.' Tháinig sé go hÉirinn agus chaith sé 6 lá i nDún Pádraig i gContae an Dúin. Bhí muid cineál faoi bhrú mar gheall nach raibh muid ag ceol leis cheana agus níor bhuail muid leis ach uair amháin sular thosaigh muid ag taifeadadh. Bhí rithim agus stíleanna ceoil éagsúla againn. Ach an-spórt againn agus bhain muid sult as.

An dóigh leat go bhfuil an ceirnín dírithe ar cheol traidisiúnta nó ceol níos neamhghnáiche?

Den chuid is mó, is ceol Gaelach é, ach glacann seisean (Bob Brozman) peirspictíocht iomlán éagsúil air agus tá sé ag baint triail as rithimí éagsúla a chur ar an cheol s'againne, mar shampla ceann de na traiceanna tá tionchar as Nua-Ghuine Phapua ar an gceol, áiteanna eile chum muid píosaí le chéile, maidin amháin shuigh muid síos agus chum muid píosa ceoil i scála Arabach.

Inis dúinn faoin amhrán "Róise na bhFonn"..

Scríobh mise an píosa ceoil sin agus is fonn mall atá ann a chum mé do mo sheanmháthair, Rose O'Connor. Bhí sí ag teagasc na fidle do leath de Chontae Lú agus Chontae Ard Mhacha. Cailleadh í an bhliain seo caite agus chinn mé go gcumfainn píosa ceoil di. Bhíos sásta leis an tslí ar éirigh leis, chas seisean an giotár Haváíoch, an giotár "Kona." Ní rud coitianta é a chloiseann tú i gceol traidisiúnta na hÉireann.

An dtugann do sheanmháthair inspioráid duit i do chuid ceoil?

Tugann, cinnte. Thosaigh sí an ceol sa teaghlach. Theagasc sí m'athair, a dheartháir agus a dheirfiúracha, mo dheartháir agus mo dheirfiúr féin. Bhí antionchar aici orm agus mé ar scoil, bhí sí ina cónaí in aice leis agus théadh muid anonn chuici ag am lóin agus bhíodh sise ag tarraingt amach na seanphíosaí ceoil agus ag teagasc.

An dóigh leat go dtaitneoidh an ceirnín seo le do lucht leanúna ceoil thraidisiúnta?

Bhuel tá súil agam! Níl muid ag briseadh barraíocht rialacha, sílim gur éirigh linn meascán maith a fháil.

An bhfuil sibh ag súil leis an chamchuairt cheoil?

Tá muid ag súil go mór leis. Ní fhaca muid Bob Brozman ón uair a thaifead muid an dlúthdhiosca, mar sin táimid ag súil le Bob a fheiceáil arís agus leis an gceol a sheinm go beo ar an ardán.

Tuilleadh eolais ar fáil faoin albam "Six Days in Down" agus faoin ghrúpa ar www.atfirstlight.net.

Comortás



Deis casadh ar na Dubliners agus dhá thicéad a bhuachan don 'Gallery & VIP Area' sa Radisson Blu mar dhuais don cheolchoirm. Chomh maith leis sin, beidh 'goodie bag' le fáil ag na buaiteoirí le meascán d' ábhair Dubliners sínithe istigh ann: cd, dvd & leabhar....

Freagraigh an cheist seo: Cén bhlian a d'oscail an Taibhdhearc:

A 1928 B: 1929 C: 1930

Ainm .....

Seoladh .....

.....

.....

Uimhir Fóin .....

Sproicdháta don Chomortas
8 Deireadh Fomhair
Comórtas na Taibhdhearca, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

9 OIDEACHAS

Croch na Seolta!

Treasa Bhreathnach

TÁ ról gníomhach ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua agus Cumann Bádóireachta agus Seoltóireachta á bhunú sa cheantar faoi chúram na scoile. I láthair na huaire tá sé bhád 'Firefly' ag an gcumann agus tá sé i gceist acu cur leis an líon sin.

An tseachtain seo caite a bhí an chéad seisiún ar an uisce acu agus iad ag iarraidh na báid a thástáil.

Cé nach bhfuil clár na bliana leagtha amach acu go fóill, deir Seán Mac Donncha, leas-phríomhoide na scoile agus Cathaoirleach an chumainn, "Tá an trealamh don chumann anois go hiomlán socraithe agus tá tús curtha le hoiliúint na dteagascóirí, rud a thógfaidh suas le tréimhse bliana."

Cé nach mbeidh an cumann ag freastal ar dhaltaí scoile amháin, mar go bhfuil lánfháilte roimh an bpobal, is ábhar maith é seo don scoil má tharlaíonn sé go ndéanfar ábhar Ardteiste den Chorpoideachais amach anseo.

Tá Páirtí an Lucht Oibre ag moladh gur cheart go mbeadh an Corpoideachas mar ábhar scrúdaithe ach an mbeadh sé deacair measúnú a dhéanamh ar dhaltaí?

Deir Seán Mac Donncha, "D'fhéadaí cuid den mhodúl a dhéanamh tríd an ionad seoltóireachta idir am scoile agus tar éis na scoile. Tríd seo d'fhéadfadh na daltaí scoile creidiúint aitheanta a fháil trí Chumann Seoltóireachta na hÉireann."

I láthair na huaire níl ionad lánaimseartha cinntithe ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin don Chumann Bádóireachta. Táthar ag plé féidearthachtaí éagsúla - an t-ionad a lonnú sa Sruthán, i gCaladh Thaidhg nó ag Loch an Mhuilinn.

Dar le Máire de Bhaldraithe, príomhoide na scoile, "Tá sé tábhachtach go ndéanfaí forbairt ar scileanna nua na ndaltaí taobh amuigh den chóras scrúdaithe agus den seomra ranga."

Is i gcomhar le Meitheal Forbartha na Gaeltachta atá an cumann á bhunú agus ba mhaith le Scoil Chuimsitheach Chiaráin go mbeadh plé agus cur amach ag an bpobal ar an gcumann nuabhunaithe.

Tá tacaíocht iomlán á cur ar fáil ag an mbord bainistíochta don togra nua seo agus is i gcomhar le tacaíocht na dtuismitheoirí atá an scoil á eagrú.

Níl ach scoil amháin eile sa tír, i gContae Chorcaí, a bhfuil clár seoltóireachta acu mar chuid den Chorpoideachas

Lá oscailte san Ollscoil

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ laethanta oscailte ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh inniu agus amárach. Is deis iontach é seo do dhaoine atá ag smaoineamh ar chúrsaí ollscoile a dhéanamh an bhliain seo chugainn nó am éigin amach anseo, blaiseadh a fháil den champas agus d'atmaisféar na hollscoile.

Beidh deis ag an bpobal labhairt le mic léinn agus le foireann na hollscoile thar an dá lá, chomh maith le dul timpeall ar an gcampas agus tuilleadh eolais a fháil faoi chúrsaí ar leith nó faoi na háiseanna atá á dtairiscint ag an ollscoil Tá an lá oscailte inniu dírithe ar ghrúpaí scoile ach tá fáilte roimh dhaoine aonair freisin. Beidh an lá oscailte amárach dírithe ar dhaltaí atá ag smaoineamh faoin ollscoil, agus ar a dteaghlaigh.

Nótaí Staidéir ar Breithiúnas

Damian Smyth, Séamas Mac Annaidh, An tAire Oideachais Caitríona Ruane, Dr. Éamon Ó Ciosáin, Janet Muller agus Nic Sadlier.

Treasa Bhreathnach

TÁ dlúthdhiosca nua seolta an tseachtain seo ag an eagraíocht POBAL chun nótaí staidéir a chur ar fáil do mhic léinn A-Leibhéil. Is ar an dráma Breithiúnas le Mairéad Ní Ghráda atá an dlúthdhiosca bunaithe, dráma a léiríonn athruithe sóisialta agus polaitíochta i saol na hÉireann i lár na haoise seo caite. Is le linn Thogra Ealaíon POBAL 2010 a cuireadh os comhair na heagraíochta go raibh gá le nótaí staidéir ar an dráma Breithiúnas i meánscoileanna Gaeilge agus Béarla. Is éard a bhí i gceist le togra Ealaíon POBAL ná ceardlanna litríochta, drámaíochta agus scéalaíochta, reáchtáilte ag POBAL, leis an úrscéalaí Séamas Mac Annaidh. Scríobh sé féin na nótaí staidéir don dlúthdhiosca nua agus ní hamháin sin ach go bhfuil fáil ar MP3 de cheardlann ina mbeidh deis éisteachta ag daltaí le radhairc ón dráma chomh maith le plé ó na haisteoirí, ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí.

Dúirt Nic Sadlier ó POBAL agus í ag seoladh an dlúthdhiosca, "Is toradh ar obair POBAL sna scoileanna an pacáiste CD seo, ag éisteacht le haischothú agus ag cur ar fáil áiseanna cibé áit agus cibé uair a bhfuil gá leo. Tá an pacáiste saor in aisce agus cuirfear cóip chuig achan scoil, thuaidh agus theas, ina bhfuil Breithiúnas ar an churaclam."

Is féidir cóip de na nótaí a íoslódáil ón suíomh pobal.org nó chun do chóip a fháil sa phost cuir ríomhphost chuig eolas@pobal.org.

An tAire Oideachais Caitríona Ruane le daltaí ó Choláiste Feirste agus ó Ardscoil Naomh Doiminic ag seoladh pacáiste nótaí staidéir do mhic léinn A Leibhéil in Scoil Naomh Doiminic, Béal Feirste i rith na seachtaine

Crosfhocal 01.10.2010



NODANNA

TRASNA

1 An modh nó iompar 'ceart' (3)
2 Leisciúil (5)
7 Tais san aer a dhéanann sé deacair a fheiceáil os do chomhair (3)
9 Foirgneamh ard agus caol (3)
10 Aicme, grúpa (3)
12 I dteagmháil ón bharr nó anuas (2)
13 Fuaim a thagann as grúpa litreacha i bhfocal (6)
14 Scéal nó ráfla mailíseach faoi dhuine eile (6)
16 Iris a thugtar saor gach mí le Gaelscéal? (3)
17 Fonóid (6)
19 Trua, aiféala (4)
20 Duine a bhfuil go leor airgid aige bíonn sé ..... (7)
23 Gairdín (6)
24 Ábhar dearg ar iarann a fágadh amuigh faoi uisce (5)
28 Ag éirí crua, nó ag athrú ó leacht go hábhar dlúth (5)
29 Duine a théann timpeall ag freastal ar riachtanais baill eagraíochta (6)
30 Caint phoiblí ar ábhar acadúil, stairiúil srl (6)
31 Capall baineann (4)
32 Tuile ollmhór uisce (4)

SÍOS

1 Fo-rannóg nó cumann in eagraíocht, i gConradh na Gaeilge mar shampla (6)
2 Rolla ciorclach ina gcoinnítear ábhar - taos fiacla mar shampla (6)
3 Dráma nó dán a dhéanann fonóid ar dhaoine nó imeacht (3)
4 An scéal a insítear faoi rudaí a tharla (5)
5 Gur féidir braith ar (6)
6 Tá 12 acu i dtroigh (6)
8 Ní an corp iomlán trína thumadh faoi uisce (7)
11 Caint a bheireann sagart le linn Aifrinn (8)
15 Rogha idir ceann amháin agus ceann eile (2)
18 Crann giúis, agus an chéad litir in aibítir na Gaeilge (4)
21 Trí scór agus deich (7)
22 Pádraig, Bríd, Colmcille, Fionnbarra srl (5)
23 Príosúnach a shaorfar má íoctar airgead fuascailte (5)
25 An Chopail... (2)
26 Saighead beag, uirlis biorach a chaitear chuig namhaid nó ainmhí (2)
27 An caidéal i lár an choirp (4)
30 In éineacht, re, i gcomhar (2)

Crosfhocal 24.09.2010



Buaiteoir na Seachtaine seo:
Pádraig Ó Duinn
10 Tusamore Avenue
Rosslare harbour, Co Wexford.

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 6 Deireadh Fómhair, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Cúrsaí Sláinte

Scagthástáil Cheirbheacs déanta ar os cionn 284,000 bean i mbliain amháin

Meadhbh Ní Eadhra

AN tseachtain seo, foilsíodh an chéad tuairisc staidrimh le haghaidh CervicalCheck - an Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs. Cuireann an tuairisc staitisticí scagthástála ar fáil don chéad 12 mí den chlár, ón chéad lá de mhí Mheán Fómhair 2008 go deireadh Lúnasa 2009. Chomh maith leis sin, cuireann an tuairisc eolas ar fáil faoi ghníomhaíochtaí agus forbairtí laistigh den chlár suas go dáta an fhoilseacháin.

I mí Mheán Fómhair 2008, tugadh deis do 1.1 milliún bean ó 25 go 60 bliain d'aois CervicalCheck a úsáid. An aidhm atá leis ná athruithe ar chealla sa cheirbheacs a aithint sula mbíonn ailse orthu agus, tríd seo, an líon cásanna d'ailse cheirbheacs a laghdú. Rinneadh tástáil saor in aisce ar 284,833 bean sa 12 mí sin, agus bhí beagnach 85% de na scrúduithe diúltach nó normálta. As an chuid a bhí fágtha, léirigh 13.9% mínormáltachtaí ar ghrád íseal, agus 1.4% ar ghrád ard.

Cuireadh 11,112 bean ar aghaidh chuig colpascópacht le haghaidh tuilleadh fiosruithe, agus fuair beagnach 5,000 bean cóireáil ag colpascópacht. Cé gurb í aidhm an chláir ná athruithe sa cheirbheacs a aithint sula mbíonn ailse orthu, fuarthas amach tríd an gchlár go raibh ailse cheirbheacs ar 100 bean cheana féin. Agus é ag caint ar CervicalCheck agus an chéad bhliain de thástálacha, dúirt Tony O'Brien, stiúrthóir ar an gClár Náisiúnta, gur éirigh thar barr leis an gclár.

"D'éirigh le beagnach 285,000 bean leas a bhaint as an scagthástáil sa chéad bhliain den chlár," ar sé. "Bhí gach bean in ann an clár, atá ar ardchaighdeán, a úsáid. Is féidir le tástáil smearaidh rialta cosc a chur ar ailse cheirbheacs. I gcás cuid de na mná, beidh suas le 11 tástáil smearaidh á gcur ar fáil dóibh. Chomh maith leis sin, beidh siad in ann fanacht mar chuid den chlár seo le haghaidh suas le 35 bliain."

Bhí formhór de na mná ar a ndearnadh scagthástáil sna haoisghrúpaí is óige, le agus tháinig ísliú ar an líon de réir mar a d'éirigh siad níos sine. Is ó aois 25 go 29 a bhí an leibhéal is airde de mhná a ghlac páirt ann, is é sin 20.8% den líon iomlán. Bhí 6.8% de na mná idir 55 agus 60 bliain d'aois, agus beidh an clár ag cur tuilleadh béime ar spreagadh a thabhairt do mhná san aoisghrúpa seo dul faoin scagthástáil.

Thar thréimhse ama, tá sé ar chumas cláir mar seo rátaí báis a laghdú le suas le 80%.

Cé atá ag múineadh do pháiste?

Fearg - Múinteoirí neamhcháilithe i dteideal ranganna a thabhairt

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ múinteoirí ar mire an tseachtain seo nuair a fuair siad amach go mbeidh cead ag daoine nach bhfuil cáilithe mar mhúinteoirí, ranganna a thabhairt i scoileanna. Tá sé de phlean ag an rialtas ligean do na daoine seo múineadh sna scoileanna agus, ní hamháin sin, ach beidh ceart dlíthiúil acu chun é sin a dhéanamh. Tá an rialtas ag maíomh nach dtarlóidh sé ach go fíorannamh agus go mbeidh cainteanna ann le bainistíocht na scoileanna, leis na ceardchumainn agus le Comhairle na Múinteoirí freisin. Ach deir Ard-Rúnaí an INTO, Sheila Nunan, go bhfuil sé dochreidte go bhfuil an tAire Oideachais Máire Ní Chochláin ag smaoineamh ar phoist a thabhairt do dhaoine nach múinteoirí iad, nuair atá múinteoirí cáilithe ann ag lorg oibre.

"Tá sé de cheart ag páistí múinteoirí cearta a bheith acu," ar sí. "Ní múinteoirí iad daoine gan cáilíochtaí múinteoireachta."

Tá an riail nua seo a thabharfaidh an ceart do mhúinteoirí neamhcháilithe múineadh i scoileanna, san áireamh sa Dréacht-Bhille Oideachais 2010. Bhí cainteanna ar siúl an tseachtain seo freisin idir an Roinn Oideachais,an INTO agus an ASTI faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, ach níl mórán forbairtí tarlaithe ina taobh.

Anna Davitt, Sibéal Davitt agus Remy Connolly, agus iad ag ceiliúradh an duais a bhuaigh Sibéal don ghearrscannán Potaisiam, i gComórtais Liteartha an Oireachtais i mbliana. Is iad Anna agus Remy na haisteoirí sa scannán. Is damhsóir ar an sean nós í Sibéal chomh maith le scríbhneoir, agus deir sí gur mhaith léi díriú ar thuilleadh gearrscannáin a scríobh, agus go dtaitníonn sé go mór léi. Is féidir breathnú ar an scannán ar líne ag www.vimeo.com, faoi scannáin 8.12. PIC: MEADHBH NÍ EADHRA

EUROPUS

M.Sc / Dioplóma Iarchéime / Teastas
i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán

Europus Teo
i gcomhar le Údarás na Gaeltachta agus GMIT.

Tá mórdheiseanna nua fostaíochta anois san earnáil aistriúcháin Ghaeilge anseo in Éirinn agus san Aontas Eorpach.

Tá an cúrsa ardghairmiúil seo dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla agus beidh modúil ar leith sa chúrsa dírithe ar ghnéithe eile de thionscal na teanga.

Tá cuid mhaith daoine tar éis ardphostanna a bhaint amach anseo agus san Eoraip tar éis freastal ar an gcúrsa seo.

Reáchtálfar an cúrsa i gCarna i gConamara ag tosú ag deireadh Dheireadh Fómhair. Mairfidh an cúrsa Dioplóma Iarchéime /Teastas 24 seachtain agus leanfaidh an oiliúint don MSc ina dhiaidh sin. Ní bheidh aon táille i gceist.

Glacfar le hiarratais ó chéimithe le honóracha i nGaeilge, ó chainteoirí dúchais Gaeilge a bhfuil céim in ábhar eile acu agus ó dhaoine lánfhásta gan na cáilíochtaí thuasluaite a léireoidh i dtástáil phraiticiúil go bhfuil ardchaighdeán i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla acu.

Is ar bhonn agallaimh agus scrúdú scríofa a roghnófar daoine. Ní ghlacfar ach le líon teoranta daoine ar an gcúrsa agus déanfar roghnú randamach ar na daoine a cháileoidh má bhíonn an iomarca iarrthóirí ann.

Seol iarratas mar aon le CV roimh Dé hAoine an 15ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2010 chuig:-

Áine Ní Chonghaile
EUROPUS
An Comhlacht Teanga, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Teil: 091/572 082 **Faics: 091/572 335**
Gach eolas: www.europus.ie **Ríomhphost eolas@europus.ie**

Gaelscéal Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta, Spórt na nÓg, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Bí aclaí, bí folláin, bí beo

Laoch rugbaí na hÉireann,Keith Wood, ag fáil lámh chúnta ó Cian Mealy agus iad ag tosú ar shiúlóid chúig chiliméadar i bPáirc an Fhionnuisce, ar mhaithe le Fondúireacht Croí na hÉireann.

GHLAC thart ar 16,000 duine páirt i siúlóidí ar fud na tíre don 'Lá Domhanda don Chroí', Dé Domhnaigh seo caite. Má shiúl siad ar fad 5 ciliméadar, is ionann sin agus 80,000 ciliméadar, nó dul faoi dhó timpeall na cruinne.

Is é an galar croí an cúis bháis is coitianta fós in Éirinn. Faigheann 10,000 duine bás leis gach bliain. Níl leath de dhaonra na tíre seo sách aclaí ó thaobh sláinte croí di. Mura bhfuil duine gníomhach go fisiciúil tá an seans go dtiocfadh galar croí orthu dúbailte sin a bheadh ag duine atá aclaí. Tuilleadh eolais le fáil www.irish-heart.ie

Gluais

Laoch - Hero
Fondúireacht Croí na hÉireann - Irish Heart Foundation
Lá Domhanda - World Day
Timpeall na cruinne - Around the Globe
Galar croí - Heart Disease
Daonra - Population
Gníomhach - Active
Aclaí - Fit

Níl an pholaitíocht do na mná

Thuas: Mary Upton TD, a d'fhógair go bhfuil sí chun éirías an pholaitíocht ag an chéad olltoghchán eile. Ar dheis: Liz O'Donnell, Iar Aire Stáit.

TÁ an tríú bean tar éis a fhógairt go mbeidh sí ag éirí as mar Theachta Dála ag an chéad olltoghchán eile. Chuir Mary Upton, ó Pháirtí an Lucht Oibre, in iúl an tseachtain seo caite nach mbeidh sí féin ag leanúint ar aghaidh sa pholaitíocht. Tá an rud céanna socraithe ag Liz McManus ón pháirtí chéanna agus Olwyn Enright as Fine Gael.

Tá díospóireacht mhór tosaithe anois ar cén fáth an bhfuil sé chomh deacair ar mhná suíochán a bhuachan agus a choinneáil sa Dáil. Ceapann an Iar Aire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha, Liz O'Donnell go bhfuil go leor fáthanna nach dtéann go leor mná isteach sa pholaitíocht. An rud is deacra ná ainmniúchán a fháil go háitiúil, dar léi. Tá díomá uirthi go bhfuil an triúr eile tar éis éirí as mar go mbeidh laghdú anois ar líon na mban a bheidh ag troid an t-olltoghchán. Deir Liz O'Donnell gur cheart go mbeadh sprioc ag gach páirtí polaitíochta chun líon na mná atá sa Dáil acu a ardú. Ach níor aontaigh formhór na mná atá sa Dáil faoi láthair leis an tuairim sin nuair a cuireadh ceist orthu an mhí seo caite faoi.

Ceapann O'Donnell freisin go bhfuil easpa muiníne ar na mná chomh maith. Deir sí gur cheart do na páirtithe polaitiúla cúrsaí a eagrú chun misneach agus tacaíocht a thabhairt do na mná agus chun cabhrú leo airgead a bhailiú do na feachtais toghchánaíochta a bhíonn ar siúl.

Ba mhaith léi daoine nua a fheiceáil ag teacht isteach sa pholaitíocht agus ag fáil poist thábhachtacha sa Rialtas.

Gluais

Olltoghchán - General election
Pháirtí an Lucht Oibre - The Labour Party
Polaitíocht - Politics
Díospóireacht - Debate
Aire Stáit - Minister of State
Gnóthaí Eachtracha - Foreign Affairs
Díomá - Disappointment
Sprioc - Target
Formhór - Most of
Easpa muiníne - Lack of Confidence
Misneach - Courage
Tacaíocht - Support
Feachtas - Campaign
Rialtas - Government

'Neverland' i mBaile Átha Cliath

An tAire Turasóireachta, Cultúr & Spórt, Mary Hanafin TD, ar láthair an scannán 'Neverland' i mBaile Átha Cliath.

TÁ obair ag tosú i mBaile Átha Cliath ar an scannán 'Neverland' a bhfuil na haisteoirí Bob Hoskins, Anna Friel agus Rhys Ifans páirteach ann. Insíonn an scannán, atá bunaithe ar na carachtair a chum JM Barrie, an scéal roimh Peter Pan. Cúlra an Captaen Hook, na Buachaillí Caillte, na hIndiacha, Croc agus 'Neverland' féin. Dhá scannán 90 nóiméad atá i gceist do Sky Movies HD. Tá baile Indiach tógtha go speisialta don scannán in aice le Cill Iníon Léinín (Killiney) i mBaile Átha Cliath. Beidh siad ag scannánaíocht ansin ar feadh 11 seachtain. Tá an chuid eile den scannán á dhéanamh i Genoa, san Iodáil. Níl anseo ach ceann de na scannáin a bheidh dhá thaifeadadh in Éirinn i mbliana. Beidh ioncam de €200m ag an tír as na scannáin seo.

Beidh 'Neverland' le feiceáil ar Sky Movies Premiere i 2011. Thug JM Barrie na cearta don scéal Peter Pan d'Ospidéal Great Ormond Street i Londain agus beidh Sky ag tacú le hobair an t-ospidéal sin mar gheall ar an scannán nua seo.

Cúltaca

Ceannlínte Nuacht na nÓg Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

Salomé - Nadia Michael i leagan stáitse de Salome le buíon opera San Francisco. Pic: Clive Barda

Gaeilge na hArdteiste – "Teatrarc na Gaililí"

DO CHÚRSA Gaeilge na hArdteistiméireachta an tseachtain seo tá muid ag plé leis na gearr scéalta i Scothscéalta, le Pádraic Ó Conaire. Ar feadh deich seachtaine beidh muid ag dul siar ar na deich scéil sa leabhar. Beidh scéal amháin á phlé gach seachtain. Beidh muid ag tosú an tseachtain seo leis an ngearrscéal "Teatrarc na Gaililí".

Tá an dul siar ar an scéal le fáil i bhfoirm cur i láthair sleamhnáin ar www.gaelsceal.ie/oideachas. Is áis iontach é seo nuair atá sibh ag dul siar ar an scéal ag am scrúdaithe. Tá príomhphointí an scéil le fáil agus tá béim dhá chuir ar ná mothúcháin a léirítear amach i rith an scéil m.sh. an grá, uaigneas agus olc.

OSPS – "Ag Déileáil leis an Athrú"

AN tseachtain seo tá muid ag fanacht leis an choincheap "ag déileáil leis an athrú".Tá sleamhnáin le fáil an tseachtain seo ar líne. Déanann na sleamhnáin plé ar na hathruithe a tharlaíonn nuair a théann tú chuig an meán scoil, ar nós do chorp a bheith ag athrú agus ag déanamh cairde nua. Chomh maith leis an eolas faoi na hathruithe a théann déagóirí tríd nuair a théann siad ag an meánscoil tá comhairle ar fáil faoi conas déileáil leis na hathruithe. Tá sé tábhachtach, nuair atá duine ag déileáil leis na hathruithe ar fad seo go labhraíonn tú le do chlann. B'fhéidir go mbeadh deirfiúracha agus deartháireacha níos sine sa chlann in ann comhairle a thabhairt duit mar go ndeachaigh siad féin tríd an rud céanna. Tá ceisteanna ar fáil ar na sleamhnáin a thugann cead duit machnamh agus comhrá a dhéanamh faoi na hathruithe a ndeachaigh tú féin tríd nó atá tú ag dul tríd ag an meánscoil.

Gaeilge Sóisearach – "An Dalta agus a Thimpeallacht"

Do chúrsa an Teastas Sóisearaigh tá muid ag fanacht leis an téama an dalta agus a thimpeallacht. Tá muid ag cur le stór focal an mhic léinn faoi théama na scoile. Tá léamh thuiscint agus cleachtaí eile le fáil ar líne, bunaithe ar thimpeallacht na scoile. Tá sampla do chlár ama na scoile, le ceisteanna faoi, le fáil ar líne freisin.

OSSP – "Dínit an Duine"

TÁ muid ag leanúint leis an coincheap 'Dínit an Duine' an tseachtain seo. Tá muid ag breathnú an tseachtain seo ar na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Is éard is Cluichí Oilimpeacha Speisialta ann ná cluichí do dhaoine le míchumas intleachta. Tá na Cluichí Oilimpeacha Speisialta tábhachtach do dhaoine le míchumas intleachta mar go dtugann sé seans dóibh páirt a ghlacadh sa phobal agus tugann sé misneach agus féinmhuinín dóibh. Tá nótaí le fáil ar líne faoi céard a dhéanann eagraíocht na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. Tá eolas le fáil faoi na gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid atá acu agus cén chaoi gur féidir le duine tabhartas airgid a thabhairt m.sh. tabhartas ar líne nó tabhartas a íoc go míosúil.

Tá eolas le fáil ar líne chomh maith faoi na hÉireannaigh le míchumas intleachta a bhua na Cluichí Oilimpeacha Speisialta le blianta beaga anuas.

Tá an t-eolas seo ar fad ar fáil i bhfoirm nótaí le pictiúir

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

RAIDIÓ Rí-Rá
WWW.RRR.IE

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar RRR.ie!

Tá rúin Robbie Williams os comhair an tsaoil mhóir anois is cosúil! Tá dírbheathaisnéis scríofa ag an amhránaí i gcomhar le Chris Heath, ag tabhairt léargais dúinn ar shaol Robbie in earnáil an cheoil le 20 bliain anuas. Tagann sé sna sála ar bhliain chinniúnach don amhránaí - ní hamháin gur fear pósta é Williams anois, ach tá sé ar ais ag cumadh agus ag casadh ceoil le Take That, agus tá an t-albam nua s'aige, In And Out Of Consciousness: The Greatest Hits 1990-2010, á eisiúint go luath an mhí seo chugainn. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil sé socair, stuama ann féin na laethanta seo.

Bhuel, b'fhéidir nach bhfuil sin iomlán fíor - tá cúpla grianghraf greannmhar le feiceáil sa leabhar nua, áit gur chuir Robbie na madraí s'aige ar a cheann agus é ag baint triail as stíleanna gruaige nua, dar leis! Pé rud a cheapann tú féin a mhac...

Tá sceitimíní orainn anseo i bPopNuacht a chloisteáil go bhfuil Coldplay agus Jay-Z ag dul i mbun ceoil le chéile go luath! Deirtear linn go bhfuil socrú ar luach na milliún dollar déanta idir an rapcheoltóir agus an banna mór le rá chun gig a chasadh i Las Vegas ar Oíche Chinn Bliana. Oscailt oifigiúil an óstáin Cosmopolitan atá i gceist leis an ócáid mhór agus tá sé á heagrú ag Colin Cowie, pleanálaí cóisire na réaltaí móra Hollywood. Tá ráfla cloiste againn freisin go bhfuil Beyoncé ag iarraidh ceolchoirm a chinntiú i Las Vegas ar an oíche chéanna, ionas gur féidir léi dul i dteannta a fir chéile.

Aww! B'fhéidir nach samhlófá ceol Coldplay agus raplicirí leithéidí Jay-Z ag luigh le chéile go nádúrtha, ach is dlúthchairde iad J agus Chris Martin agus bhíodar ar camchuairt le chéile roimhe seo. Measann muid gur gig den scoth a bheas ann ach n'fheadar an éireoidh le héinne i Raidió Rí-Rá ticéad a fháil do chóisir chomh galánta leis seo!

D'eagraigh an t-aisteoir Samuel L. Jackson craobhchluichí gailf san Eilvéis le déanaí le hairgead a bhailiú chun ospidéal a thógáil sa Chamboíd. Mhair an Shooting Stars Benefit 2010 3 lá ar an iomlán agus mheall sé réaltaí ón domhan aisteoireachta amach chuig beagán spóirt a imirt ar son carthanachta! Bhí leithéidí Rupert Grint de cháil na scannán Harry Potter, Colin Salmon ó na scannáin James Bond, agus Anthony Anderson - a bheas le feiceáil sa scannán Scream 4 go luath - uile le feiceáil ar an bpáirc imeartha in iomaíocht lena chéile.

Rachaidh an t-airgead a bhailigh an t-ilchomórtas go Cumann Croise Deirge na hEilvéise agus Fondúireacht Samuel L. Jackson atá i mbun an ospidéal a thógáil i gceann de na ceantair is boichte sa Chamboíd, agus ní bheidh aon chostas á ghearradh ar na hothair as freastal air. Maith ' fear Samuel as spraoi agus spórt a eagrú ar son na cúise!

Tá sé cloiste anseo i bPopNuacht go raibh Nadine Coyle fós ag caitheamh a cuid pjs nuair a d'iarr a buachaill cara uirthi é a phósadh le déanaí! Thug an t-amhránaí le fios gur chuir Jason Bell an cheist uirthi ina teach in LA, díreach tar éis di filleadh ó thuras go Londain. Is réalta mór spóirt leis na New York Giants é Jason, ach tá sé gortaithe faoi láthair agus de bharr seo, ní raibh sé in ann cromadh ar ghlúin amháin di - bhí air a dhul síos ar an dá ghlúin in ionad! Is léir go bhfuil Nadine ar mhuin na muice faoin ngealltanas agus tá sí gnóthach ag déanamh poiblíochta ar an singil nua s'aici freisin, Insatiable.

Eiseofar amhrán Nadine ar an chéad lá Samhain - seachtain i ndiaidh singil nua Cheryl Cole, dar teideal Promise This. Cath na gcailíní Girls Aloud sna cairteacha?! Is cosúil gur sin atá i ndán dúinn!

Is iomaí réalta cáiliúil le pearsa mhór, ghuagach atá ag obair i dtionscail an cheoil, mar sin ní haon ionadh é go dtiteann siad amach ó am go ham! Rinne Mark Ronson an t-albam Back To Black de chuid Amy Winehouse a léiriú siar i 2006, agus labhair sé ar an gclár Later...With Jools Holland le déanaí faoin gcaoi gur chruthaigh sé amhráin ó na samplaí fuaimiúla a thug sí dó don saothar. Ní mó ná sásta a bhí Amy leis sin áfach! Scríobh sí teachtaireacht ar Twitter, ag gearrán nach raibh sé de cheart aige an moladh a ghlacadh dá cuid oibre féin agus ag cur deireadh leis an gcairdeas eatarthu. Ach ní fada ó scríobh sí ceann eile ag rá go raibh gach rud ina cheart arís - tuigeann muid cén fáth go bhfuil mearbhall ar Mark faoin rud ar fad!

Deirtear go bhfuil Amy i mbun cheoil arís, leis an léiritheoir Salaam Remi an babhta seo, agus go mbeidh albam úr á eisiúint aici roimh dheireadh Eanáir na bliana seo chugainn ar a dhéanaí. Fiú mura bhfuil Mark ag cabhrú leis an albam seo a chruthú di, táimidne i bPopNuacht ag tnúth go mór leis!

Éist leis an bpopnuacht seo mar Audio MP3 nó íoschóipeáil anseo é Listen to this popgossip as an Audio MP3 or download it here www.rrr.ie/popnuacht-24-meanfomhair-2010/

Comórtas Nuacht na nÓg

I gcomhair le Gael Linn

TÁ Gaelscéal i gcomhair le Screenway ag tabhairt seans duitse iPod Shuffle a bhuachan. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach seachtain agus beidh na buaiteoirí seachtainiúil san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann do Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Seol iarratas chuig: eolas@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheannt eideal air.
Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig:
'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Screenway
Galway's authorised Apple Reseller, Support and Training Centre

GAEL LINN

Coláistí Samhraidh atá difriúil

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Cúrsa bunaithe ar **TEG** [Teastas Eorpach na Gaeilge]
- Béim ar ghníomhaíochtaí praiticiúla
- Rogha de chúrsaí coicíse agus 3 seachtaine

Coláiste Gael Linn Riocaird Bairéid
Eachléim, Co. Mhaigh Eo.
- modúl scannánaíochta

Coláiste Gael Linn Bhaile Bhúirne
Baile Bhúirne, Co. Chorcaí.
- Béim ar na spóirt dhúchasacha

Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir
Bun an Inbhir, Co. Dhún na nGall.
- modúl roghnach spórt uisce

Bróisiúir ar fáil anois gach eolas: Teil: 1890 675 675

www.gael-linn.ie

Spórt

Do scéal féin Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil. Má tá ócáidí, imeachtaí nó aon rud mar sin ar siúl agaibh, bí i dteagmháil linn. Cur nuacht , pictiúir agus ábhar eile chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie**

Nuacht na nóg

Áth Cliath Abú: Crochann captaen Áth Cliath, Denise Masterson corn Bhrendan Martin tar éis an bhua a fháil ar Thír Eoghain i gCluiche Ceannais Sinsear na hÉireann do Chraobh TG4 i bPeil na mBan

Lá na mBan sa Pheil

Foireann Luimnigh ag ceiliúradh tar éis dóibh an bua a fháil i gcoinne Co. Lú, i gcluiche ceannais Peile na mBan sna Sóisear do Chraobh TG4 na hÉireann.

Aoife McDonnell, captaen buacach Thír Chonaill, ag crochadh an corn tar éis dóibh an bua a fháil ar Phort Láirge i gCluiche Ceannais Idirmheánach na hÉireann do Chraobh Peil na mBan TG4.

BHÍ bua cuimsitheach ag mná Átha Cliath ar mhná Thír Eoghain i gcraobh cheannais Sinsear na hÉireann do Chraobh TG4 i bPeil na mBan.

Ba é seo an tríú huair dóibh le seacht mbliana a bheith sa chraobh cheannais. Chaill siad i gcoinne Corcaigh anuraidh le pointe amháin ach ní raibh siad chun an ceann seo a scaoileadh uathu. Bhí siad ar lasadh ón gcead nóiméad agus níor thug siad seans ar bith do mhná Thír Eoghain teacht isteach sa chluiche. Bhí an cluiche thart sa chéad leath le bheith fírinneach. Ach, níor stop sin mná na hardchathrach. Bhuaigh siad le 16 pointe ar deireadh, 3-16 go 0-9 agus d'fhéadfadh an bhearna a bheith níos mó ná sin fós. Seo an chéad chraobh uile Éireann d'fhoireann sinsear as Átha Cliath le 15 bliain agus bhí a ríméad le feiceáil i ndiaidh an chluiche.

"D'úsáid na himreoirí an díomá a bhí orthu anuraidh mar spreagadh dóibh i mbliana," dar le Denise Masterson, captaen na foirne. "Chur na cailíní a saol ar athló, chun réiteach i gceart. Agus sheas sé sin linn. Ón gcéad liathróid, d'imigh gach rud ceart. Ach taispeánann sin an fócas a bhí againn," deir sí.

D'admhaigh Gerry McGill chomh maith, as Tír Chonaill, bainisteoir na foirne, gurb é cailliúint na bliana seo caite an t-ardán do bhua na bliana seo. "Rinne muid cinneadh tar éis chluiche anuraidh nach raibh muid chun mothú mar sin arís go brách," deir sé. " Ach, chuige sin bhí orainn feabhas a chur ar obair na bliana seo caite agus dul níos faide arís. Bhí ar gach duine sin a dhéanamh agus níorbh fhéidir smaoineamh ar chailliúint. An t-aon díomá a bhí orainn ná nach raibh níos mó de mhuintir Átha Cliath ann chun an bua a fheiceáil"

Bhí údar ceiliúradh eile ag muintir Thír Chonaill i bPáirc an Chrócaigh chomh maith nuair a fuair Tír Chonaill an ceann is fearr ar Phort Láirge 2-12 i gcoinne 0-16 sa chraobh Idirmheánach. Bhuaigh Luimneach 4-10 go 3-8 i gcoinne Co. Lú chomh maith sa chraobh sóisear.

Gluais

Crochann - Lifts
Cluiche Ceannais Sinsear - Senior Final
Bua cuimsitheach - Comprehensive win
Chaill siad - They lost
Anuraidh - Last year
A scaoileadh uathu - let slip away
Ar lasadh - On fire
Teacht isteach - Come in to
Le bheith fírinneach - To be honest
Mná na hardchathrach - Women of the Capital
Bhuaigh siad - they won
Bearna - Gap/Margin
Ríméad - Delight
Díomá - Disappointment
Spreagadh - Motivation
Ar athló - On hold
Réiteach - to prepare
Taispeánann sin - That shows
D'admhaigh - Admitted
Cailliúint - Defeat/Loss
Cinneadh - Decision
Mothú - To feel
Go brách - To feel
Feabhas a chur - To improve
Bua - Victory
Údar ceiliúradh - Reason to Celebrate
An ceann is fearr - The better of
Idirmheánach - Intermediate

Futsal ag Forbairt

Iar chúlbáire na hÉireann Packie Bonner agus Scott Shier, ag seoladh ionad na gcluichí ceannais Futsal.

IS é réalt sacar na hÉireann, Packie Bonner a sheol craobhacha ceannais comórtas Futsal Chumann Sacar na hÉireann (FAI) i gColáiste Baile Mhic Gormáin, i gContae na Mí. Ceaptar gurb é an 'Futsal', nó sacar faoi dhíon, an cluiche is mó d'fhoirne beaga a imrítear ar domhan. Meastar go nglacann thart ar 25 milliún duine páirt ann, go leor de réalta móra scar an domhan ina measc. Tá níos mó imreoirí Futsal sa Bhrasaíl mar shampla, ná mar atá imreoirí sacar agus cuidíonn an dá spórt lena chéile ó thaobh scileanna de. Beidh os cionn 10,000 dalta ó scoileanna na tíre ag glacadh páirt i gcraobhacha ceannais scoile Futsal na hÉireann i mí na Samhna. Daltaí ó rang 3 & 4 a bheidh ag glacadh páirt i gcomórtas na mbunscoileanna ón 2-5 Samhain agus daltaí céad bliana a bheidh ag glacadh páirt i gcomórtas na n-iarbhunscoileanna ar an 7 Nollaig. Tá an comórtas á eagrú ag an FAI mar chuid dá gclár forbartha scoile agus spreagann sé daltaí chun páirt a ghlacadh sa spórt seo ag leibhéal áitiúil.

Gluais

Cúlbáire - Goalkeeper
Réalt - Star
Craobhacha ceannais - Finals
Faoi dhíon - indoor
A imrítear - That is played
Scileanna - Skills
Iarbhunscoileanna - Post Primary Schools
Clár forbartha scoile - Schools Development Plan

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010

Paddy Barnes chun dul céim níos faide

Gráinne McElwain

BHÍ imní mór coicís ó shin nach mbeadh mórán tíortha sásta a gcuid lúthchleasaithe a chur ag na Cluichí Comhlathais in Delhi san India mar gheall ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta sa bhaile ina raibh na lúthchleasaithe le fanacht. Tháinig Mike Hooper ó na Cluichí Comhlathais amach ag rá nach raibh an lóistín maith go leor agus go raibh siad chomh salach sin nach bhféadfadh aon duine cónaí iontu.

Chuir go leor de na tíortha stop lena gcuid pleananna dul ann agus bhí an baol ann go gcaithfidís na cluichí a chur ar ceal mar gheall ar an mhíchinnteacht ar fad a bhain leis. Ach, tá an chuma ar an scéal anois go bhfuil gach rud go breá agus tá na tíortha ar fad i láthair anois chun tús a chur leis na comórtais ar an Domhnach beag seo. 79 tír ar fad a bheas ag glacadh páirte ann agus tá 66 lúthchleasaí ar fhoireann Thuaisceart na hÉireann.

Paddy Barnes chun dul céim níos faide? (PIC. STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE)

Is fiú mar sin súil a choinneáil ar Paddy Barnes, an dornálaí óg ó Bhéal Feirste atá mar rogha na n-údar chun bonn óir a bhaint. Chuaigh sé chomh fada leis na babhtaí ceathrú ceannais ceithre bliana ó shin i Melbourne agus ó shin tá bonn cré-umha buaite aige ag na Cluichí Oilimpeacha dhá bhliain ó shin in Beijing agus bhuaigh sé bonn óir i gCluichí Amaitéaracha na hEorpa trí mhí ó shin.

Tá deichniúr dornálaithe ainmnithe ar an fhoireann, an méid is mó dornálaithe riamh atá ag dul go dtí na cluichí. Chomh maith leis sin, beidh Andrew Bree, Melanie Nocher agus Ryan Harrison i measc an tseachtair ar fhoireann snámha an Tuaiscirt.

Beidh lúthchleasaithe 100m, 200m, 800m agus 1500m ag glacadh páirte sna comórtais chomh maith agus, go traidisiúnta, ghlac Tuaisceart na hÉireann páirt i ngach ceann de na Cluichí Comhlathais seachas an ceann a bhí in 1950 agus tá bonn nó dhó buaite acu i ngach uile cheann.

Feicfear Paddy Barnes ag dornálaíocht an tseachtain seo chugainn ar an ochtú lá de mhí Dheireadh Fómhair.

Campa na hÉireann ag réiteach do na Aussies



Gráinne McElwain

NÍL ach trí seachtaine le dul go dtí go dtosóidh na Cluichí Idirnáisiúnta Peile idir Éire agus an Astráil. Beidh an dá chluiche seo le himirt i Luimneach ar an 23 Deireadh Fómhair agus i bPáirc an Chrócaigh ar an 30 Deireadh Fómhair.

Is é Anthony Tohill bainisteoir na foirne agus is iad Seán Óg De Paor, 'Bomber' Liston agus Kevin O'Brien na roghnóirí atá leis. I rith na seachtaine, labhair Gaelscéal le duine acu - Seán Óg de Paor.

"Faoi láthair tá 45 imreoir ar an phainéal ach beidh orainn é sin a ghearradh siar go 23 taobh istigh de choicís. Tá an traenáil ag dul go maith.

Tá an-suim ag na leaids ann agus tá siad ocrach chomh maith. Thosaigh an traenáil seacht ndeireadh seachtaine ó shin agus chuir muid glaoch ar na leaids a bhí muid ag iarraidh a bheith ann. Tháinig imreoirí difriúla isteach in amanntaí difriúla ag brath ar an uair a chríochnaigh siad sa chraobh," a deir Seán.

"Is i mBaile Átha Cliath a bhíonn muid ag traenáil gach Aoine agus Satharn, i bPáirc Pharnell nó Páirc an Chrócaigh, agus cé gur thug muid cláracha traenála amach, tá na leaids aclaí go leor cheana féin." Gan dabht beidh scrúdú an-fhisiciúil ann don fhoireann bhaile in aghaidh na hAstráile. Níl foireann na hAstráile ainmnithe go fóill mar gur chríochnaigh an Cluiche Ceannais AFL ar comhscór idir Collingwood agus St. Kilda an deireadh seachtaine seo caite.

"Tá trí nó ceithre de chineál imreora ag teastáil uainn. D'áiteanna áirithe ar an pháirc, bíonn fir mór go leor de dhíth, in áiteanna eile, leaids atá in ann rith go tapaidh, leaids eile chun liathróid a bhuachan agus leaids a bheas in ann scóranna a aimsiú."

"Tá mé féin ag baint an-taitneamh as agus tá an bhainistíocht ag réiteach an-mhór lena chéile. Ach is cuma faoi sin ar fad, na torthaí cearta a fháil sa dá chluiche an mhí seo chugainn an príomh-rud."

An Tíogar agus uimhir a 1 na todhchaí!

Páidí Ó Lionáird

Anois agus tú á léamh seo, is eol duit go bhfuil na céadta buille buailte i gcomórtas Chorn Ryder na bliana seo ar chúrsa an Celtic Manor sa Bhreatain Bheag.

Is iomaí oibrí a thóg an lá inniu saor ón obair - bíodh sé tinn nó ná bíodh - ionas go bhféadfadh sé/sí féachaint ar uachtar na n-imreoirí gailf as Meiriceá (SAM) agus an Eoraip in aghaidh a chéile ar an ardán is mó dá bhfuil ann sa ghalf foirne.

Ba léir ó thús na seachtaine, áfach, go mbeadh corrbhiorán á shá ag corr-imreoir - iad ag lorg an ceann is fearr a fháil ar a chéile sara raibh oiread agus liathróid amháin buailte fiú. Straitéis lán-dainséir atá sa mhéid seo.

Níor cheart a bheith ag spochadh agus ag tarrac an iomarca airde ort féin agus ag tabhairt dhúshlán do chéile comhraic roimh ré, nó ar cheart?

Ba chuma i ndáiríre mar níorbh fhada ann do na himreoirí nuair a thosaigh an chleasaíocht síceolaíochta. Ar dtúis bhí na comhimreoirí foirne ag spochadh as a chéile - Graeme McDowell agus Rory McIlroy ag bualadh na ndeartháireacha Molinari - Edoardo agus Francesco, ábhar díoltais ar a mbua siúd ar an mbeirt tuaisceartach i gcomórtas Chraobh an Domhain níos túisce sa bhliain sa tSín. Bheadh suim airgid i gceist - €50, €50 agus €50 nó €150 an duine, é roinnte i dtrí chodán - leathchéad don gcéad naoi bpoll, leathchéad don tarna naoi bpoll agus leathchéad don mbua iomlán. B'iad na hUltaigh a thóg an t-airgead agus an deis maíte!

Scéal eile ar fad a bhí ann nuair a bhí agallaimh á dtabhairt ag na himreoirí féin air. Nuair a cuireadh ceist ar Rory McIlroy óg (níl sé ach 21) cad leis a raibh sé ag súil, dúirt sé gur bhreá leis triail a bhaint as imreoir is fearr SAM a imirt agus a chloí. Arbh é Tiger Woods a bhí i gceist aige? Cé eile? A leithéid de dhánacht, a leithéid d'easpa ómóis agus easpa measa ar an imreoir is fearr agus is clúití ar thalamh na cruinne! Déistin! Drochmheas! Dúshlán!



Ar ndóigh bheadh a sheans féin ag Tiger agus i ndiaidh dó an ruaig a chur ar na réamhcheisteanna seafóide faoi dhlúthacht na foirne, na mná céile agus na páirtnéirí agus a shaol pearsanta féin - cuireadh ceist air faoi dhúshlán McIlroy: cad a cheap sé faoi ráiteas McIlroy, gur mhaith leis triail a bhaint as? "Mise freisin!" a d'fhreagair sé. Lom, pointeáilte. Dúshlán, glactha! An bhféadfadh sé tarlú? Dar le Corey Pavin, captaen SAM, gur iomaí imreoir a thug dúshlán Tiger agus a raibh cathú orthu ina dhiaidh nuair a chuir sé an ruaig orthu. Ach d'fhéadfadh sé tarlú ar an nDomhnach, na cluichí singil - áit nach bhfuil aon bhealach éalaithe, gan aon áit le teitheadh ón ndúshlán.

Gan dabht tá i bhfad níos mó ná aon chluiche amháin idir bheirt i gceist agus is maith an rud é sin. Níl aon chomórtas ann a bhfuil an teannas céanna, lá i ndiaidh lae, buille i ndiaidh buille, ag baint leis, agus é d'aidhm ag Monty an corn álainn a thabhairt ais chun na hEorpa i ndiaidh dhá bhliain "ar iasacht" i Meiriceá. Tá imreoirí eile ann, cuid de na himreoirí is fearr ar thalamh na cruinne - Pádraig Harrington, é ag imirt thar barr i ndiaidh dó babhta de 64 buille a scóráil i gCorn Vivendi i bPáras ag an deireadh seachtaine - é ag teacht chun foirfeachta díreach in am trátha. Tá Peter Hansen, Luke Donald, Martin Kaymer agus iad ar fad ag bualadh na liathróide thar barr. Tá a laochra féin ag foireann SAM - Mat Kuchar, Dustin Johnson, Rickie Fowler - triúr atá ábalta an liathróid a bhualadh na céadta slat ón tí. Ach rud amháin atá cinnte, beidh gach corr, gach gníomh faoi dhian-fhaire na milliún, mé féin san áireamh, an fón póca múchta le m'ais.

Tairngreacht ar an scór deiridh? Bua don Eoraip, 15-13. Anois cé atá dána?

An Réalta Spóirt is mó a bhfuil meas againn air

Gráinne McElwain

Rinne Onside Sports Star, comhairleoirí margaíochta, suirbhé le déanaí ar an réalta spóirt is mó a bhfuil meas againn air nó uirthi mar phobal agus den dara bliain as a chéile, tháinig an t-imreoir rugbaí Brian O'Driscoll amach chun cinn. Rud a bhí thar a bheith aisteach, sílim. De réir an taighde atá déanta ag an chomhlacht seo, is é O'Driscoll an t-imreoir rugbaí is mó a bhfuil cion ag daoine air i gCúige Mumhan. Cad faoi Paul O'Connell nó Ronan O'Gara? Nó cé hiad na daoine go raibh an Comhlacht Onside Sports Star ag caint leo? Ní dóigh liom go bhfaighidh tú mórán daoine á admháil sin agus an cluiche mór ag teacht aníos an deireadh seachtaine seo. Ach sin scéal eile! Ó thaobh an CLG, sheas Henry Shefflin amach mar an t-imreoir is mó a bhfuil meas againn air agus is í Katie Taylor atá ar an liosta atá luaite i measc na ndaoine gur fiú súil a choinneáil uirthi don bhliain seo chugainn. Déarfainn go bhfuil éacht mór déanta aici cheana féin i mbliana gan fiú trácht ar an bhliain seo chugainn.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010

Tá sé in am anois iniúchadh a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta

John Allen

Nuair a bhíodh Gay Byrne ar an raidió ar feadh na mblianta is minic a bhaineadh sé úsáid sé as an bhfocal "potpourri" nuair a bhíodh sé ag plé cúpla ábhar ar chlár amháin.

Bhuel, an tseachtain seo beidh mise féin ag plé cúpla ábhar.

Bhí áthas orm gur oibrigh an plean a bhí ag CLG maidir leis an lucht leanúna a choimeád den pháirc agus bronnadh na gcorn á dhéanamh ar Ardán Uí Ógáin.

Ó thaobh na n-imreoirí de, tá sé go hiontach go bhfuil an t-am agus an spás acu anois chun ceiliúradh a dhéanamh ar an bpointe boise. Chonaiceamar le cúpla bliain anuas an spraoi agus an spórt a bhí ag na foirne rugbaí agus sacair díreach i ndiaidh na gcraobhacha móra. Nuair a shéideann an réiteoir an fheadóg, ag cur deireadh le craobh ollmhór thábhachtach, is ansin - ar an bpointe - a bhíonn an gliondar agus an lúcháir is mó ar na foirne.

Is maith is cuimhin liom an bhliain dheireanach a bhuaigh Corcaigh Craobh Iomána na hÉireann in 2005 agus mise i mo bhainisteoir. Bhailigh scata mór grianghrafadóirí timpeall orm (chun an chéad phictiúr den ghliondar agus den lúcháir sin a fháil, is dócha) agus an réiteoir, Séamus De Róiste, ar tí an fheadóg dheiridh a shéideadh.

Rith Marty Morrissey ó RTE i mo threo freisin chun mé a thógaint isteach i gcomhair agallaimh. Ní raibh aon smaoineamh i mo cheann ag an bpointe sin ach a bheith leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann ach taobh istigh de thríocha soicind bhí an pháirc plódaithe agus an nóiméad 'caillte'.

Mar sin, go pearsanta, ceapaim gur maith an rud a tharla i bPáirc an Chrócaigh i mí Mheán an Fhómhair agus a bpáirt féin ag Tiobraid Árann agus Corcaigh sa phíosa beag staire nua-aimseartha seo.

Ag bogadh ar aghaidh, is dóigh liom go bhfuil sé in am anois iniúchadh, ar a laghad, a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta chun cabhair a sholáthar don réiteoir bocht in am an ghátair. Caithfear rud éigin a dhéanamh a chinnteoidh nach dtarlóidh a leithéid de bhreithiúnas mímhacánta a d'fhulaing foireann Lú i lár an tsamhraidh arís.

Tá se in am, freisin, clog a chur isteach sna staideanna go léir. Arís thógfadh sé seo cúram tábhachtach as lámha an réiteora. Oibríonn sé go breá ag cluichí peile na mban agus chuirfeadh sé deireadh le haon ghearán faoi easpa ama nó an iomad a bheith á imirt ag deireadh cluichí. Is rud beag é seo agus, cinnte, is féidir é a dhéanamh an bhliain seo chugainn gan mórán costas nó athruithe.

Lucht tacaíochta ar Chnoc 16 thaobh thiar de bhacainní i mbliana ag Páirc an Chrócaigh (PIC : SPORTSFILE)

Cúpla bliain ó shin bhí cruinniú mór i gCill Airne chun plé a dhéanamh ar chlubanna an Chumainn agus a mbaineann leo. Cheapas go ndearnadar cinneadh chun cúrsaí a fheabhsú do na clubanna, go háirithe i dtaobh cluichí agus iad á gcur ar ceal go rialta de bharr na gcluichí idirchontae.

Níl sé ceart ná coir in aon chor go gcuireann contaetha áirithe stop lena gcluichí i lár an tsamhraidh mar go bhfuil na craobhacha idirchontae ar siúl. Nach dtuigeann siad in aon chor nach bhfuil formhór na n-imreoirí ag imirt leis an bhfoireann chontae agus go bhfuil siad ag suí timpeall ag feitheamh go mífhoighneach. Tá sé thar a bheith deacair, freisin, ar na bainisteoirí atá ag iarraidh pleanáil a dhéanamh agus suim a chothú nuair nach bhfuil aon chluiche acu ar feadh dhá mhí i gcásanna áirithe. Freisin, ní féidir leis na himreoirí club aon laethanta saoire a phleanáil. Tríd is tríd tá an chuid is mó de na himreoirí an-dílis don chlub ach má leanann an córas seo ar aghaidh ní fada go dtiocfaidh meath ar an méid imreoirí atá sásta traenáil go dian agus ansin feitheamh leis an mbord contae nó leis an mbainisteoir idirchontae.

Tá se in am, freisin, clog a chur isteach sna staideanna go léir. Arís thógfadh sé seo cúram tábhachtach as lámha an réiteora. Oibríonn sé go breá ag cluichí peile na mban agus chuirfeadh sé deireadh le haon ghearán faoi easpa ama nó an iomad a bheith á imirt ag deireadh cluichí.

Nasctha leis sin, tá fadhb mhór eile ag baint le cluichí, i mo thuairimse. Tá sé in am gach cluiche a críochnú ar an lá. Tá sé damanta ar fad, go háirithe nuair a chríochnaíonn cluiche craoibhe idirchontae ar comhscór, agus go gcuirtear isteach ar gach cluiche club (sna contaetha sin ina leanann na cluichí club ar aghaidh i rith na bliana), Bíonn ar na himreoirí agus ar na bainisteoirí club a ngob a choimeád dúnta agus cur suas leis.

Tá réiteach amháin ar an bhfadhb seo, is é sin go gcríochnófar gach cluiche ar an lá, na cluichí club san áireamh. Ta cluichí cáilithe á n-imirt ina lán contaetha nó imrítear an chraobh chontae mar shraith ag an tosach agus, mar sin, tá an dara seans ag na clubanna go léir. Freisin, níl sé ceart bheith ag lorg airgid ón lucht tacaíochta i láthair na huaire nuair nach bhfuil aon ghá leis. Má tá aon mheas ag CLG ar na gnáthimreoirí club ba cheart go socróidís ag an gcéad chomhdháil eile nach mbeidh athimirt ann a thuilleadh agus go mbeidh na clubanna ábalta pleananna maidir le cluichí a leagan amach go luath sa bhliain agus cloí leo.

Beir bua.

Na Cealla Beaga ag iarraidh deireadh a chur leis an Ghorta

Casfaidh Naomh Conaill ó na Gleannta agus na Cealla Beaga in aghaidh a chéile i gCluiche Ceannais Chraobh Shinsir Peile Dhún na nGall, urraithe ag Raidió na Gaeltachta, an Domhnach beag seo i bPáirc Sheáin Mhic Cumhaill.

Gráinne McElwain

IS iad Naomh Conaill rogha láidir na n-údar. Chaill siad in aghaidh Naomh Adhamhnáin i gCluiche Ceannais an Chontae anuraidh agus ceaptar go gcuideoidh sé sin leo chun an lámh in uachtar a fháil ar na Cealla Beaga an uair seo.

Seo an chéad uair ag na Cealla Beaga a bheith i gCluiche Ceannais an Chontae ó 1996 nuair a bhuaigh siad le cúilín amháin in aghaidh Naomh Columba.

"Bhí foireann láidir againn ag an am sin," a deir bainisteoir na foirne Peter McGinley, a d'imir an lá sin dóibh. " Is cuimhin liom go raibh sé ag cur báistí agus bhí an t-ádh linn buachaint le cúilín amháin. Ba é sin an cúigiú Craobh Contae a bhuaigh muid taobh istigh d'ocht mbliana agus cheap muid ag an am go mbeadh cúpla ceann eile ionainn ach níor tharla sé sin."

"Bhí cúigear imreoir contae againn ar an fhoireann: Mánus Boyle, John agus Barry Cunningham, John Bán Gallagher agus Barry McGowan. Ach i ndiaidh 1996, tháinig aois ar an fhoireann agus tháinig foirne maithe chun cinn ar nós Naomh Adhmhanáin agus Ard a' Rátha."

"Seo é an chéad uair ag an chuid is mó de na leaids a bheith ag imirt i gCluiche Ceannais an Chontae agus cé nach bhfuil brú ar bith orainn, tá i bhfad níos mó taithí ag Naomh Conaill agus níl faitíos ar bith orthu. Bheinn buartha faoin dóigh a mbeidh leaids s'againne in ann an ócáid a láimhseáil," a deir Peter.

Tá go leor gortuithe ag cur as dóibh, ina measc an lán-chúlaí Barry Cannon (dealrachán) agus Pauric Gallagher (cos bhriste) atá imithe ar fad don chluiche. Tá imní chomh maith faoi Jason Noctor sa chosaint agus Christopher Murrin i lár na páirce.

Is foireann óg, dhíograiseach, eagraithe agus ocrach iad Naomh Conaill a bhfuil roinnt den fhoireann chontae f-21 a chaill Cluiche Ceannais na hÉireann in aghaidh Átha Cliath níos luaithe i mbliana ag imirt leo. Imreoirí ar nós Ciarán Boyle, Dermot 'Brick' Molloy agus Leo McLoone. Chuaigh siad chomh fada le Cluiche Ceannais an Chontae anuraidh; chaill siad in aghaidh Naomh Adhamhnáin ach d'fhoglaim siad go leor.

"Níor imir muid go maith ar an lá agus ghortaigh sé sin go mór," a deir bainisteoir Naomh Conaill Cathal Corey.

"Thosaigh muid iontach agus bhí muid 0-4 go 0-1 chun cinn ach ansin lig muid Naomh Adhamhnáin teacht ar ais. Níor thóg muid ár ndeiseanna go háirithe os comhair cúil agus chuaigh rudaí beaga inár n-aghaidh. Cuireadh captaen na foirne Anthony Thompson den pháirc agus thit na cloigne ina dhiaidh sin. Ach ní raibh an bua tuillte againn agus sa seomra feistis agus na deora á síleadh againn, bhí muid ag guí go bhfaigheadh muid an deis chun dul ar ais go Cluiche Ceannais an Chontae arís agus sin atá tar éis tarlú."

"Tá a fhios agam go bhfuil na meáin agus daoine ag rá go bhfuil muid mar rogha na n-údar ach níl éinne ar an fhoireann ag rá sin. Is maith le bainisteoirí gan a bheith mar rogha na n-údar ach níl muid ag iarraidh dhá chluiche ceannais i gCraobh an Chontae a chailliúint as a chéile."

Níor thosaigh Naomh Conaill rómhaith sa chraobh nuair a chaill siad in aghaidh Chill Charthaigh sa bhaile sa chéad chluiche. "Bhí seachtain deacair againn an tseachtain sin. Bhí Leon McLoone, Ciarán Boyle agus Dermot Molloy tar éis Craobh na hÉireann f-21 a chailliúint seachtain roimhe sin agus bhí orainn cluiche sraithe a imirt an Luan roimh ár gcluiche craoibhe féin. Tá foireann mhaith ag Cill Charthaigh ach chuir muid dhá chic éirice ar foraíol, cuireadh fear den pháirc agus idir gach rud bhí cúigear imreoir sinsearach in easnamh don chluiche sin. Ach ag féachaint siar, b'é an rud is fearr a tharla dúinn mar tháinig muid le chéile ina dhiaidh sin chun díriú isteach ar an chuid eile den chraobh," a deir Cathal.

"Tá a fhios againn go mbeidh sé deacair in aghaidh na Cealla Beaga. Imríonn siad mar aonad agus cosúil le Dún na nGall f-21, bíonn gach imreoir ag cosaint agus ansin nuair a imrítear an liathróid suas an pháirc, tosnaíonn siad ag dul ar an ionsaí. Oibríonn siad fíor fíorchrua agus tá siad an-aclaí. Níl siad ag braith ar imreoir amháin," a deir Cathal.

"Tá an traenáil agus ullmhúcháin déanta againn ach caithfidh tús maith a bheith againn in aghaidh Naomh Conaill," a deir Peter. "Chuir na CeithreMáistrí rogha na n-údár Naomh Adhamhnáin as an chraobh agus bhuaigh muid in aghaidh na CeithreMáistrí agus má imríonn muid chomh maith sin arís, tá seans againn."

"Tá muinín cinnte againn," a deir Cathal Corey . "Tá an-imreoirí againn ach tá tú ag brath ar an oiread rudaí beaga eile chun dul leat ar an lá chun an bua a fháil. Tá tríocha bliain caite agam le cúrsaí peile agus níl faic buaite agam ach táim ag súil go dtiocfaidh deireadh leis sin ar an Domhnach."

Seisear ar an ghearrliosta d'Imreoir Iomána na Bliana Bord Gáis Energy

Gráinne McElwain

AINMNÍODH seisear ar an ghearrliosta don imreoir is fearr a sheas amach le linn Chraobh Iomána Bord Gáis Energy f-21 2010, i rith na seachtaine. Is iad Oisín Gough (Baile Átha Cliath), Seamus Hennessy (Tiobraid Árann), Brian O'Meara (Tiobraid Árann), David Burke (Gaillimh), Brendan Maher (Tiobraid Árann) agus buaiteoir na bliana seo caite Darach Homan (An Clár) atá ar an ghearrliosta seo. Bhí bliain ar dóigh ag Tiobraid Árann ag buachan Chraobh Shinsir na hÉireann den chéad uair ó 2001 agus bhí anchluiche ag na Tiobradaigh in aghaidh na Gaillimhe i gCluiche Ceannais na hÉireann f-21 chun an dara corn a chrochadh leo taobh istigh de sheachtain. Is ag Ger Cunningham, laoch Chorcaí agus bainisteoir urraíochta Bord Gáis Energy, Marty Morrissey ó RTÉ, Micheál Ó Domhnaill ó TG4 agus an t-imreoir mór le rá Joe Canning a bhuaigh Craobh na hÉireann f-21 atá an jab is deacra, is é sin an buaiteoir a roghnú.

"Bhí an-bhliain againn i mbliana agus sárimreoirí ar fad atá roghnaithe ar an ghearrliosta. Cibé imreoir a roghnóidh an painéal, beidh sé tuillte aige," a deir Ger Cunningham.

Gheobhaidh an t-imreoir buacach dearbhán gur fiú míle euro é agus beidh an toradh á fhógairt an tseachtain seo chugainn.

Darach Homan, Buaiteoir Imreoir Iomána a sheas amach f-21 Bord Gáis Energy 2009 (PIC. DAVID MAHER / SPORTSFILE)

Gaiscígh Rugbaí ag filleadh ar an cheanncheathrú

Beidh 48,000 lucht tacaíochta ó Chúige Mumhan agus Cúige Laighean ag Staid Aviva amárach nuair a imreoidh siad i gcoinne a chéile. (PIC. PAT MURPHY / SPORTSFILE)

Gráinne McElwain

Den chéad uair, ó rinneadh athchóiriú ar Bhóthar Lansdúin, nó an Staid Aviva mar atá anois air, imreofar cluiche rugbaí iomaíoch i Sraith Mhagners ann nuair a thabharfas Cúige Laighean agus Cúige Mumhan aghaidh ar a chéile amárach. Ócáid stairiúil a bheidh ann mar go mbeidh breis agus 48,000 duine i láthair, an méid is mó riamh a bheidh báilithe le cluiche sraithe sa Mhagners a fheicéail. Ag cuimhniú ar cé chomh mór is a bheidh sé mar ócáid agus an méid daoine a bheidh i láthair, tá súil agam go mbeidh an cluiche go maith, ba cheart go mbeadh sé go maith, ach tá imní orm.

Tá go leor ceisteanna ag baint leis an chluiche seo agus baineann an chuid is mó acu le Cúige Laighean agus cé chomh maith is atá siad.

Le blianta beaga anuas bhí siad níos fearr ná Cúige Mumhan mar tá fir an deiscirt buailte ag na Laighnigh ceithre chluiche as a chéile sna comórtaisí éagsúla. Cé gur bhuaigh Cúige Laighean sa bhaile i mbliana i mbabtha 3 san RDS in aghaidh na Cardiff Blues, chaill siad trí chluiche as baile sna babthaí eile agus tá brú ag teacht orthu dá bharr. Tá siad sa naoú háit ar chlár na bpointí agus tá ceisteanna á gcur an bhfuil príomhoiliúnóir nua na foirne, Joe Schmidt, maith go leor chun an jab a dhéanamh? Cén fhad a thógfaidh sé air teacht isteach air? Ar cheart dó oiliúnóir cosanta a thabhairt isteach? An bhfuil na himreoirí ag obair dian go leor? An bhfuil na gortuithe ag cur isteach go mór orthu? Cén fáth go dtiteann siad as a chéile sa dara leath? An bhfeabhasóidh siad sula mbeidh siad ag imirt i gCorn Heineken faoi cheann coicíse?

Níl an méid céanna amhais ar lucht tacaíochta Chúige Mumhan mar tá siad in uachtar na sraithe agus is iad an t-aon fhoireann go bhfuil gach cluiche go dtí seo sa Mhagners buaite acu. Bhí an-bhua acu an deireadh seachtaine seo caite in aghaidh na Glasgow Warriors as baile agus scóráil siad ceithre úd chomh maith. D'fhill Lifeimi Mafi, David Wallace agus Denis Leamy don chluiche sin agus bhí Ronan O'Gara go hiontach, mar sin is iontach an chuma atá orthu agus iad ag réiteach do Chúige Laighean. Seo'd é an tríú bliain ag Tony McGahan i gceannas ar an fhoireann agus is cosúil go bhfuil sé ag teacht isteach ar an jab go maith.

Thug sé isteach roinnt imreoirí nua atá ag déanamh go maith agus thug sé roinnt de na seanlaochra ar ais chun oibriú leis sa seomra feistis, daoine ar nós Mick Galwey, Jason Holland agus Anthony Foley atá ansin le roinnt blianta. Tá sé róluath a mheas an bhfuil an seantraidisiún sin a bhain le foirne na Mumhan ar ais i mbliana. Bhí sé in easnamh le roinnt blianta ach go dtí seo féachann siad go maith.

Mar sin cé acu a mbeidh an bua? Bhuel beidh Cúige Laighean ag imirt sa bhaile, cé gur san Aviva a bheidh an cluiche ach níl a fhios againn fós an mbeidh Jonathan Sexton ar fáil. Níl siad ag imirt go maith ach tá Cúige Mumhan ag baint a gcuid cluichí ar fad agus tá go leor de na himreoirí idirnáisiúnta ag déanamh go maith, rud nach féidir a rá faoi imreoirí idirnáisiúnta Chúige Laighean.

Ceapaim féin gur ag Cúige Mumhan a bheidh an bua agus go mbeidh tuilleadh ceisteanna arís á gcur faoi fhoireann Chúige Laighean agus oiliúnóir na foirne, Joe Schmidt.